



Ag Dul i mbun Múinteoireachta

Múinteoirí Nua-cháilithe i mBunscoileanna in Éirinn

Ag Dul i mbun Múinteoireachta – Múinteoirí Nua-cháilithe i mBunscoileanna in Éirinn



Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta



Ag Dul i mbun Múinteoireachta

**Múinteoirí Nua-cháilithe
i mBunscoileanna in Éirinn**

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

2005

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005

ISBN 0-7557-7307-1

Dearadh: Metaphor

Arna chlóbhualadh ag Brunswick Press Ltd
P74745 (30-01) 04/06 (550) Brunswick Press Ltd. (16373)

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Le ceannach díreach ó
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Theach Laighean
Baile Átha Cliath 2

nó is féidir é a ordú tríd an bpost ó:

Foilseacháin Rialtais
An Rannán Post-Trádála
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Guthán (01) 6476834 Facs (01) 6476843

€10.00

Brollach – An Príomh-Chigire a Scríobh

Is iad na múinteoirí croílár an chórais bhunscoile. Tá caighdeán na múinteoireachta i measc na bpríomhfachtóirí a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil daltaí agus ar chruthú córais oideachais atá ar ardchaighdeán. Ní mór do gach múinteoir bunscoile tréimhse phromhaidh a chur isteach, tréimhse bliana de ghnáth. I rith na tréimhse promhaidh, mar a eagraítear faoi láthair í, cuireann cigirí na Roinne comhairle, tacaíocht agus luacháil ar fáil do mhúinteoirí.

Tá líon na múinteoirí atá ar promhadh dulta i méid go mór le tamall de bhlianta anuas. I rith na nóchaidí, théadh tuairim is 400 múinteoir nua-cháilithe i mbun múinteoireachta in aghaidh na bliana de ghnáth. Sa bhliain 2003/2004 thug an Chigireacht tacaíocht d’obair 1566 múinteoir bunscoile a bhí ar promhadh agus rinne siad measúnacht ar a gcuid oibre. An fuinneamh agus na smaointe nua a tháinig leis an méadú seo ar líon na múinteoirí nua-cháilithe, d’fhéadfaidís sin cur go mór le caighdeán na múinteoireachta, ach is dúshlán don chóras oideachais é freisin an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as cumas agus tallann na múinteoirí nua. Ó tharla gur cuid rí-thábhachtach í an tréimhse phromhaidh d’fhorbairt phroifisiúnta múinteoirí nua-cháilithe, forbairt a dhéanfaidh múinteoirí éifeachtacha saoil díobh, fáiltím roimh an anailís ar dhearcadh na gcigirí agus ar dhearcadh na dtosaitheoirí ar an múinteoireacht atá á cur ar fáil sa tuairisc seo, *Ag Dul i mbun Múinteoireachta: Múinteoirí Nua-cháilithe i mBunscoileanna in Éirinn*.

Tá dearcadh na múinteoirí nua-cháilithe a chuaigh i mbun a ngairme i 2003/2004 curtha san áireamh sa tuairisc. Tá eolas anseo freisin as tuairiscí measúnachta a scríobh na cigirí sa tréimhse sin. Dírítear aire na léitheoirí ar an-chuid samplaí de chleachtas maith in obair na múinteoirí. Leagann an tuairisc béim ar thábhacht na tacaíochta proifisiúnta ó phríomhoidí agus ó bhaill eile d’fhoireann na scoile nuair atá na múinteoirí nua-cháilithe ag iarraidh an caighdeán múinteoireachta is fearr is féidir leo a bhaint amach. Ar na boird bhainistíochta atá an fhreagracht bhunúsach as éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama ina gcuid scoileanna agus tá comhairlí sa tuairisc seo a thacóidh leo sa ról sin. Aithníonn an tuairisc réimsí áirithe freisin ina bhfuil gá ag múinteoirí nua-cháilithe le tuilleadh tacaíochta ó thaobh eolais agus éifeachta.

Tá an Chigireacht tiomnaithe do chur chuige atá de réir a chéile, cothrom agus iontaofa a úsáid san obair chomhairleach agus sa mheasúnacht a dhéanann siad. Táim cinnte go rachaidh torthaí na tuairisce seo chun tairbhe breise do na cigirí i bhforbairt a róil agus ina n-iarrachtaí ar fhiúntas a dheimhniú sna bunscoileanna.

Tá an tuairisc seo dírithe ar mhúinteoirí, ar phríomhoidí, ar bhainistíocht scoileanna, ar lucht soláthair oideachais tosaigh do mhúinteoirí, ar sheirbhísí tacaíochta scoile a ndéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú orthu, agus ar lucht déanta polasaí. Cabhróidh sí freisin leis an gComhairle Múinteoireachta a bunaíodh le déanaí agus iad ag iniúchadh na tréimhse seo de ghairm an mhúinteora; tá súil agam go mbeidh sí áisiúil mar acmhainn díospóireachta agus gníomhaíochta ag leibhéal an ranga, ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an chórais agus go rachaidh sí chun tairbhe d’athnuachan polasaí amach anseo i leith an phróisis phromhaidh do thosaitheoirí ar an múinteoireacht.

Eamon de Staic

Príomh-Chigire

Samhain 2005

Clár

Brollach	3
Réamhrá	6
Buíochas	7
1. Promhadh múinteoirí i mbunscoileanna in Éirinn	9
1.1 Bealaí chun dul le bunmhúinteoireacht mar shlí bheatha	9
1.2 Ceapadh múinteoirí ar fhoirne bunscoileanna	9
1.3 Promhadh múinteoirí	10
1.4 Ról Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta	11
1.5 An príomhoide scoile agus ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe	13
1.6 Ionaid Oideachais agus ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe	14
1.7 Roinnt forbairtí a deineadh i dtaca le múinteoirí nua-cháilithe	14
2. Dearadh agus feidhmiú an tsuirbhé	17
2.1 Aidhmeanna an tsuirbhé	17
2.2 Sonraí agus modhanna oibre	17
2.3 Roghnú an tsampla	18
2.4 An ceistneoir a líon múinteoirí nua-cháilithe	18
2.5 Páirt na gcigirí sa suirbhé	19
3. Tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe	23
3.1 Foinsí tacaíochta don mhúinteoir nua-cháilithe	23
3.2 Tacaíocht ionscoile	23
3.3 Tacaíocht ón gCigireacht	25
3.4 Tacaíocht ó Ionaid Oideachais	28
3.5 Tacaíocht ó chúrsaí ionduchtúcháin	28
3.6 Tuairimí tosaitheoirí ar an múinteoireacht i dtaobh cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí	29
3.7 Tátal	31
4. Ullmhaitheacht do mhúineadh an churaclaim bhunscoile	33
4.1 Réamhrá	33
4.2 Tuairimí i dtaobh ullmhaitheacht chun achair den churaclam a mhúineadh	33
4.3 Meastóireacht na gcigirí ar mhúineadh achar den churaclam	35
4.4 Tátal	39
5. Pleanáil, bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga	41
5.1 Réamhrá	41
5.2 Díriú ar phleanáil, ar bhainistíocht agus ar eagrú an tseomra ranga	41
5.3 Tuiscintí a bhaineann le pleanáil, bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga	43
5.4 Meastóireacht na gcigirí ar phleanáil, ar bhainistíocht agus ar eagrú an tseomra ranga	44
5.5 Tátal	50
6. Éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama ar fud an churaclaim	53
6.1 Réamhrá	53
6.2 Díriú ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim ar fud an churaclaim	53
6.3 Tuairimí faoi éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama	54
6.4 Measúnú na gcigirí ar éifeacht na múinteoireachta	54
6.5 Measúnú na gcigirí ar éifeacht na foghlama	59
6.6 Tátal	61

7. Caighdeáin phroifisiúnta do mhúinteoirí atá ar promhadh	63
7.1 Síneadh a moladh ar an bpróiseas promhaidh i 2003/2004 i gcásanna áirithe	63
7.2 Rátálacha ‘mishásúil’ ar obair mhúinteoirí i 2003/2004	66
8. Torthaí agus moltaí	69
8.1 Torthaí	69
8.2 Moltaí	70
8.3 Tátaí	75
Aguisíní	77
Aguisín 1	77
1.1 Coláistí aitheanta oideachais sa Stát	77
1.2 Cúrsaí aitheanta sa Stát chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir	77
1.3 Cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí, a oileadh lasmuigh den Stát, a aithnítear chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir	77
1.4 Cúrsaí atá dírithe ar cháilíochtaí aitheanta Montessori sa Stát	77
Aguisín 2	78
2.1 Aitheantas iomlán	78
2.2 Aitheantas sealadach	78
2.3 Aitheantas teoranta	78
Aguisín 3	79
Múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát	79
Aguisín 4	80
Teimpléad na beagthuaisce – cigireacht	80
Aguisín 5	82
Cód cleachtais na cigireachta agus nósanna imeachta maidir le hathbheithniú a dhéanamh ar chigireachtaí	82
Aguisín 6	83
Riail 126 (nuashonraithe): ullmhú d’obair scoile	83
Aguisín 7	84
7.1 Ionaid lánaimseartha Oideachais	84
7.2 Ionaid pháirtaimseartha Oideachais	84
Aguisín 8	85
8.1 Tionscadal Píolótach Náisiúnta ar Ionduchtúchán	85
8.2 Líonra na Múinteoirí Nua-cháilithe: clár píolótach tacaíochta do mhúinteoirí nua-cháilithe	85
Aguisín 9	86
Nóta ar an teicníc shamplála a úsáideadh	86

Réamhrá

Tréimhse ríthábhachtach i bhforbairt phroifisiúnta gach múinteora bunscoile is ea an tréimhse phromhaidh agus nuair tá an próiseas sin críochnaithe go rathúil ag an múinteoir, aithnítear go bhfuil sé/sí cáilithe chun fostaíochta i mbunscoil in Éirinn. Tá páirt lárnach ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i bpromhadh bunmhúinteoirí, mar chomhairleoirí agus mar mheasúnóirí. Sa chomhthéacs seo, agus an fhorbairt atá déanta sa chóras oideachais le tamall anuas á cur san áireamh, is ea a d'fhoilsigh an Chigireacht an tuairisc seo, *Ag Dul i mbun Múinteoireachta: Múinteoirí Nua-cháilithe i mBunscoileanna in Éirinn*. I measc na dtoscaí ba bhun le foilsiú na tuairisce bhí: an méadú ollmhór ar líon na múinteoirí a bhí ar promhadh le tamall de bhlianta anuas agus an tuiscint a bhí ann ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an chórais go raibh gá le clár náisiúnta ionductúcháin do mhúinteoirí agus, thairis sin, an reachtaíocht ar bunaíodh An Chomhairle Múinteoireachta dá réir, comhairle a bhfuil ról aici de réir dlí anois i soláthar comhairle faoi pholasaí maidir le forbairt phroifisiúnta do mhúinteoirí. Is é is dóichí go ndéanfar athbhreithniú ar chuid de na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le promhadh múinteoirí, i leith an róil atá tugtha de réir dlí don Chomhairle faoi Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001.

Theastaigh ón gCigireacht dearcadh na múinteoirí nua-cháilithe chomh maith le dearcadh na gcigirí a chur san áireamh ina n-athbhreithniú ar an bpróiseas promhaidh. Dá réir sin, i mí Aibreáin 2004, i rith an téarma deiridh dá dtréimhse promhaidh, seoladh ceistneoirí trí an bpost chuig 354 múinteoirí in Éirinn. D'fhreagair breis is leath (54 faoin gcéad) de na múinteoirí sin an ceistneoir. Tá a dtuairimí sin le fáil sa tuairisc seo, ar éifeacht na dtacaíochtaí éagsúla a sholáthraítear dóibh agus ar a n-ullmhaitheacht don mhúinteoireacht ina gcéad bhliain mar mhúinteoirí ranga. Rinne an Chigireacht luacháil ar obair na múinteoirí seo mar chuid den mheasúnacht ar na 1,566 múinteoirí san iomlán a bhí ar promhadh sa scoilbhliain 2003/2004. Tá anailís san fhoilseachán seo freisin ar thuariscí na gcigirí ar obair na múinteoirí nua-cháilithe i rith na scoilbhliana sin agus ar mholtaí na gcigirí i dtaobh na hoibre sin.

Déanann an tuairisc seo meastóireacht thráthúil ar an gcleachtas tacaíochta agus treorach atá i réim faoi láthair dóibh siúd atá ag dul i mbun gairm na bunmhúinteoireachta in Éirinn. Tá achoimre sa tuairisc ar dhearcadh na múinteoirí nua-cháilithe ar a dtaithe ina gcéad bhliain i mbun múinteoireachta agus ar bhreithmheas na gcigirí ar éifeacht obair na múinteoirí sin, ach ní mhaítear gur taighde cuimsitheach í. I gCaibidil 1, déantar cur síos ar an bpróiseas promhaidh i mbunscoileanna in Éirinn agus ar pháirt na Cigireachta sa phróiseas sin. I gCaibidil 2, tugtar léargas ar dhearcadh agus ar riaradh an tsuirbhé a bhfuil an tuairisc seo bunaithe air. I gCaibidil 3, luann na múinteoirí nua-cháilithe na tacaíochtaí a chuaigh chun tairbhe dóibh agus, i gCaibidil 4, tugann siad a mbreithmheas ar a n-ullmhaitheacht chun an réimse ábhar curaclaim a mhúineadh agus chun príomhchuspóirí an churaclaim bhunscoile a chur i bhfeidhm. Tá torthaí na cigireachta ar na gnéithe seo den obair le fáil sna caibidilí seo freisin. I gCaibidil 5, faighimid tuairimí na múinteoirí i dtaobh a n-ullmhaitheacht do phleanáil a gcuid múinteoireachta, d'eagrú a gcuid seomraí ranga agus d'iompar na ndaltaí a ionramháil. Sa chaibidil chéanna sin tugtar luacháil na gcigirí ar na scileanna lárnacha múinteoireachta seo. I gCaibidil 6, tugann na tosaitheoirí ar an múinteoireacht a dtuairimí i dtaobh a scileanna múinteoireachta agus tá luacháil na gcigirí ar éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama sna ranganna seo le fáil anseo freisin.

Bhí cúig faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe nár éirigh leo a dtréimhse phromhaidh a chríochnú go rathúil i 2003/2004 agus i gCaibidil 7 tugtar mioneolas ar shíneadh sa phróiseas promhaidh. Tugtar achoimre ar thorthaí na tuairisce a gCaibidil 8, chomh maith le moltaí i dtaobh an phróisis phromhaidh. Tá moltaí ann faoi conas d'fhéadfaí an tacaíocht ionscoile a thugtar do mhúinteoirí nua-cháilithe a fheabhsú, chomh maith le comhairle do bhoird bhainistíochta, do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do na seirbhísí comhairleacha. Thairis sin tugtar moltaí anseo mar gheall ar bhreis tacaíochta ón gcóras do mhúinteoirí nua-oilte agus moltaí do lucht soláthair oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Tá comhairle anseo don Chigireacht chomh maith, i dtreo go gcuirfear le héifeacht a róil sa phróiseas promhaidh.

Buíochas

Tá Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta fíorbhuíoch as comhoibriú na múinteoirí nua-cháilithe a líon na ceistneoirí a cuireadh chucu tríd an bpost i rith a mbliana promhaidh 2003/2004. Thug a gcuid freagraí an-chabhair agus an-eolas dúinn.

Rinne Aonad Taighde agus Tacaíochta don Mheastóireacht na Cigireachta comhordú ar ullmhú agus ar fhoilsiú na tuairisce seo. Is iad a bhí ar fhoireann an tionscadail ná: Éamonn Murtagh, Suzanne Conneely agus Carmel O'Doherty. Ba mhaith leo sin cúnamh an Ghrúpa Shinsearaigh Bhainistíochta den Chigireacht a aithint, go háirithe an chabhair a thug Emer Egan, Harold Hislop agus Pádraig Mac Sitric dóibh. An comhoibriú a fuair siad go fial ó chigirí aonair ar fud an rannáin chigireachta agus ón bhfoireann riaracháin a bhí ag obair go díreach leis an gCigireacht, ba mhór ag foireann an tionscadail seo an méid sin.

Tá buíochas speisialta ag dul d'fhoireann, do thuismitheoirí agus do dhaltaí na scoileanna seo a leanas, as cead a thabhairt na grianghrafanna atá sa tuairisc seo a úsáid:

- S.N. Cairbre, Sligeach
- Scoil Naomh Molaise, An Ghráinseach, Co. Shligigh
- S.N. San Clár, Cluainín Uí Ruairc, Co. Liatroma
- S.N. Naomh Iosef, Ard Chill, Teampall Baoith, Co. Shligigh
- S.N. Páirc Ard, An Droim Ard, Co. Shligigh

Caibidil a hAon

Promhadh múinteoirí i mbunscoileanna in Éirinn

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar na tosca is bun le múinteoirí a bheith ar promhadh agus mínítear an córas promhaidh. Léirítear an ról lárnach atá ag an gCigireacht i bpromhadh múinteoirí agus luaitear an fhorbairt a deineadh le tamall anuas ar thacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe.

1.1 Bealaí chun dul le bunmhúinteoireacht mar shlí bheatha

Formhór na múinteoirí nua-cháilithe a cheaptar ar fhoirne bunscoileanna in Éirinn, is céimithe iad de chuid ceann de na cúig choláiste aitheanta oideachais sa Stát (Féach Aguisín 1). Bíonn ceann de na cáilíochtaí seo acu

- céim Bhaitsiléireachta san Oideachas (B Oid), tar éis dóibh cúrsa lánaimseartha trí bliana a chríochnú go rathúil, nó
- ard-diplóma sa bhunoideachas, tar éis dóibh cúrsa lánaimseartha iarchéime ocht mí dhéag a chríochnú go rathúil.

Tá cúrsa eile, a bhfaigheann céimí dá chuid ard-diplóma sna healaíona sa bhunoideachas (Coláiste Hibernia), aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le déanaí chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir (Féach Aguisín 1). Thairis sin, tá líon sonrach múinteoirí nua-cháilithe a oileadh taobh amuigh den Stát – líon atá ag dul i méid – á gceapadh gach bliain mar mhúinteoirí i mbunscoileanna in Éirinn. Fad a chinntíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a gcáilíochtaí agus go sroicheann siad an caighdeán Gaeilge is gá don bhunmhúinteoireacht, tá na múinteoirí nua-cháilithe i dteideal tosú ar an bpróiseas promhaidh chun lánaitheantas a fháil chun múinteoireachta i mbunscoil in Éirinn. Seans go n-aithneofar fianaise phromhaidh i limistéar eile údaráis.

1.2 Ceapadh múinteoirí ar fhoirne bhunscoileanna

Is í an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a chinneann cé mhéad múinteoir is féidir le scoil a fhostú, de réir an chóimheasa daltaí le múinteoirí. Fógraítear folúntais mhúinteoireachta sna meáin náisiúnta agus iarrtar orthu siúd atá ag cur isteach ar phost a n-iarratais a chur go díreach chuig cathaoirleach an bhoird. Ceapann an bord bainistíochta coiste roghnaithe agus tugtar cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí múinteoireachta agus na buanna is gá de réir an bhoird acu. Cuireann an coiste roghnaithe agallamh ar na hiarrthóirí agus tugann siad comhairle don bhord bainistíochta faoin múinteoir is oiriúnaí le ceapadh. Tar éis don Roinn Oideachais agus Eolaíochta na cáilíochtaí múinteoireachta a dheimhniú, ceapann an bord bainistíochta an t-iarrthóir a roghnaíodh, ar fhoireann na scoile.

1.3 Promhadh múinteoirí

1.3.1 An próiseas promhaidh

Nuair a cheaptar múinteoirí nua-cháilithe ar fhoireann bhunscoile, ní mór dóibh tréimhse phromhaidh a chur isteach. Gné ríthábhachtach d'aithint phroifisiúnta bunmhúinteoirí is ea an tréimhse phromhaidh agus nuair atá sí sin críochnaithe go rathúil acu, tá siad lánaitheanta le múineadh i mbunscoil in Éirinn.

Tá freagracht ghinearálta as riaradh an phróisis phromhaidh ar Riarachán Bunscoile Rannóg 2 den Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá gnéithe den phróiseas mar threoir phroifisiúnta, reáchtáil cuairteanna cigireachta i rith na tréimhse promhaidh agus tuairisciú ar na cuairteanna sin faoi chúram na Cigireachta. I rith na tréimhse promhaidh, déanann an Chigireacht measúnacht ar éifeacht an mhúinteora i dtimpeallacht ranga agus i múineadh raon oiriúnach achar agus ábhar curaclaim. Míníonn an Ciorclán 'Riachtanais Promhaidh do Bhunmhúinteoirí' (Cá ullmhú, ROE) an próiseas promhaidh do bhunmhúinteoirí agus soiléiríonn sé an tréimhse seirbhíse agus na cáilíochtaí proifisiúnta is gá.

1.3.2 Seirbhís mar mhúinteoir i sain-suíomh oideachais nach gá an Ghaeilge a bheith mar ábhar curaclaim ann

Múinteoirí a oileadh i gcoláiste aitheanta oideachais sa Stát, múinteoirí a chríochnaigh cúrsa eile go rathúil sa Stát – cúrsa atá aitheanta chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir, agus múinteoirí áirithe a bhfuil oiliúint Mhontessori orthu (Féach Aguisín 1), féadfaidh siadsan dul i mbun a dtréimhse promhaidh i scoil speisialta nó i rang speisialta i scoil phríomhshrutha ina múintear réimse iomlán an churaclaim, ach amháin an Ghaeilge b'fhéidir. Bíonn na gnáthriachtanais seirbhíse agus cáilíochtaí proifisiúnta i gceist.

Múinteoir a bhfuil aitheantas coinníollach aige/aici a chríochnaigh an tréimhse phromhaidh go rathúil i sain-suíomh oideachais, más áil leis/léi aistriú ina dhiaidh sin go suíomh príomhshrutha a bhfuil múineadh na Gaeilge mar riachtanas ann, caithfidh an múinteoir sin tuairisc shásúil bhreise a fháil ó chigire ar a (h)inniúlacht ar an nGaeilge a mhúineadh. Chun stádas iomlán aitheantais (Féach Aguisín 2) a bhaint amach, ní mór an méid seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir, ach, é sin laistigh de dhá bhliain ar a mhéid tar éis don mhúinteoir dul i mbun poist phríomhshrutha mar sin.

1.3.3 Múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát

Tá na coinníollacha ginearálta agus na nósanna imeachta a bhaineann le haitheantas mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát, agus iad sin a thagann faoi théarmaí threoir 89/48EEC ón Aontas Eorpach san áireamh, leagtha amach i gCiorclán 25/00, 'Aitheantas Cháilíochtaí Múinteoirí chun fostaíochta mar Mhúinteoirí Bunscoile'.

Tugtar aitheantas teoranta nó coinníollach do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát, a chuireann isteach ar aitheantas, fad atá glactha ag an Roinn lena gcáilíochtaí múinteoireachta. (Tá sonraí faoin aitheantas teoranta nó coinníollach a thugtar do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den stát le fáil in Aguisín 2). Mura bhfuil bliain phromhaidh amháin ar a laghad críochnaithe go rathúil ag an múinteoir lasmuigh den stát, caithfidh sé/sí dul tríd an bpróiseas promhaidh. Oide nach ndearna tréimhse promhaidh ar chomhbhrí le tréimhse promhaidh bliana amháin ar a laghad a chomhlánú go sásúil lasmuigh den Stát, ní mór don oide sin tréimhse promhaidh a shásamh. Bíonn ar mhúinteoirí a tugadh aitheantas teoranta dóibh tréimhse phromhaidh bhliana a chaitheamh, gan cuimhneamh ar a dtaithe mhúinteoireachta thar lear.

Múinteoir a oileadh lasmuigh den Stát atá fostaithe i suíomh a bhfuil múineadh na Gaeilge riachtanach ann, caithfidh an Roinn Oideachais a bheith sásta go bhfuil an múinteoir sin inniúil ar Ghaeilge a mhúineadh agus ar réimse iomlán na n-ábhar bunscoile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge sula dtugtar lánaitheantas dó/di mar mhúinteoir atá cáilithe chun ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna a mhúineadh. Bíonn cúig bliana ag múinteoirí mar sin de ghnáth chun pas a fháil sa *Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*. Tar éis dó/di pas a fháil sa scrúdú sin agus i gcásanna a bhfuil tréimhse phromhaidh curtha de/di go rathúil i limistéar eile údaráis, déanann an Chigireacht measúnacht ar inniúlacht an mhúinteora ar Ghaeilge a mhúineadh agus cuirtear tuairisc ar mhúineadh na Gaeilge chun na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Nuair atá pas sa *Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* faighte ag múinteoir nach bhfuil bliain phromhaidh amháin ar a laghad déanta go rathúil aige/aici lasmuigh den Stát, caithfidh an múinteoir sin dul trí thréimhse phromhaidh. Na riachtanais seirbhíse agus phroifisiúnta a bhaineann leis na múinteoirí sin, baineann na riachtanais chéanna sin le múinteoirí a oileadh sa Stát.

1.4 Ról Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

1.4.1 Ról na Cigireachta sa phróiseas promhaidh

Tugann cigirí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta cuairt ar mhúinteoirí i rith na tréimhse promhaidh chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn, chun comhairle agus treoir a sholáthar agus chun tuairisc a thabhairt ar a ngníomhúchán maidir le múineadh raon achar agus ábhar curaclaim a oireann don suíomh múinteoireachta. Caitheann cigire dhá lá go leith (2.5 lá), ar an meán, ar obair phromhaidh le múinteoir nua-cháilithe.

An tuairisc shealadach (beagthuirisc)

Áit a bhfuil seirbhís leanúnach tugtha ag múinteoir, is gnách go dtugann cigire *beagthuirisc* ar obair an mhúinteora sin i rith an chéad leath den bhliain phromhaidh. Tá cóip de theimpléad na gearrthuirisce in Aguisín 4.

Déanann an cigire measúnacht ar obair an mhúinteora sna réimsí seo:

- pleanáil, ullmhú agus taifead ar dhul chun cinn
- bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga
- mianach na múinteoireachta ar fud an churaclaim
- mianach na foghlama a dhéanann na daltaí i réimsí den churaclam.

Úsáidtear scála cheithre-leibhéal chun breithmheas an chigire ar éifeacht na hoibre, i ngach ceann de na ceithre réimse thuas, a léiriú: *ardchaighdeán cleachtais, cleachtas cumasach, gnéithe le forbairt, deacrachtaí suntasacha le sonrú*. Áit a dtuairiscítear go bhfuil gnéithe le forbairt nó go bhfuil deacrachtaí suntasacha ag an múinteoir, tugtar eolas níos sonraí a aithníonn cad iad go díreach na réimsí deacrachta. Soláthraíonn an cigire, thairis sin, téacs measúnachta a thacaíonn leis an rátáil a deineadh agus athchoimre ar an gcomhairle a tugadh don mhúinteoir. Pléann an cigire an tuairisc go mion leis an múinteoir sula gcuirtear ar aghaidh chun na Roinne í; sa tslí seo bíonn tuiscint ghlan ag múinteoir nua-cháilithe ar na gnéithe den mhúinteoireacht a bhfuil ag éirí go maith leis/léi iontu agus ar na gnéithe a gcaithfear forbairt a dhéanamh orthu.

An tuairisc ghinearálta chigireachta (*mórthuaisc*)

Is gnách go dtugann cigire tuairisc ghinearálta (*mórthuaisc*) sa dara leath den bhliain, tar éis lá iomlán cigireachta ginearálta a dhéanamh ar obair an mhúinteora. Tugann an tuairisc seo mionchur síos measúnachta ar obair an mhúinteora faoi na ceannteidil seo:

- pleanáil, ullmhú agus taifead ar dhun chun cinn
- bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga
- múinteoireacht agus foghlaim go ginearálta
- cur i bhfeidhm an churaclaim

Aithníonn an mhórthuaisc na gnéithe den obair a bhfuil ag éirí go maith leis an múinteoir atá ar promhaidh iontu agus na gnéithe a gcaithfear forbairt a dhéanamh orthu agus déanann sí rátáil ghinearálta ar obair an mhúinteora (*sásúil* nó *míshásúil*). Cuireann Riarachán Bunscoile Rannóg 2 sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta cóip den tuairisc seo chuig an múinteoir nua-cháilithe agus cóip chuig an Bord Bainistíochta.

Áit a bhfaigheann múinteoir atá ar promhadh an rátáil *míshásúil* sa *mórthuaisc* ar chigireacht ghinearálta, caithfidh an múinteoir sin tréimhse bhreise phromhaidh nach lú ná 183 lá scoile (seachas laethanta a bhfuil an scoil dúnta) a dhéanamh, ag tosú ar dháta na cigireachta ginearálta.

Tá an Chigireacht tiomanta do mheasúnacht a dhéanamh ar scoileanna agus ar mhúinteoirí ar shlí atá bunaithe ar chomhoibriú proifisiúnta agus de réir na gcaighdeán proifisiúnta is airde. Déanann an dá leabhar *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheastóireacht agus um Thuairisciú* (2002) agus *Nós Imeachta Athbhreithnithe ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí* (2002) cur síos ar na cóid proifisiúnta cleachtais agus ar na nósanna imeachta faoina ndéantar cigireachtaí (Féach Aguisín 5).

1.4.2 Ról na Cigireachta in oideachas tosaigh múinteoirí

An Rannán Oideachais Múinteoirí sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta atá freagrach as polasaí a chur in eagar agus a chur i bhfeidhm i leith na dtrí chéim in oideachas leanúnach múinteoirí: oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus forbairt leanúnach phroifisiúnta. Soláthraíonn an Chigireacht cúnamh san obair seo tríd an gcomhordú a dhéanann Príomhchigire Cúnta ar chomhairle i dtaobh polasaí agus trí sholáthar cigirí mar chomhairleoirí don Rannán Oideachais Múinteoirí.

Déanann an Chigireacht meastóireacht gach bliain ar deich faoin gcéad de na mic léinn sna coláistí aitheanta oideachais le linn a gcleachtadh deiridh múinteoireachta. I rith na scoilbhliana 2003/2004 rinne buíon naonúir cigirí meastóireacht ar 100 mac léinn a bhí ag ullmhú don chéim Bhaitsiléireachta san Oideachas agus ar 43 mac léinn iarchéime. Bhí sé d'aidhm leis an obair seo athbhreithniú a dhéanamh ar ghné an chleachtadh múinteoireachta d'oideachas tosaigh múinteoirí sna coláistí, comhoibriú agus cumarsáid idir an Roinn Oideachais agus na coláistí a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach polasaí i leith oideachas tosaigh múinteoirí.

Tugann cigirí cuairteanna ar na coláistí oideachais freisin chun labhairt leis na mic léinn chinn-chúrsa faoin bpróiseas promhaidh agus cur síos a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus na riachtanais a bhaineann leis an bpromhadh.

1.5 An príomhoide scoile agus ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe

Tá cúraimí agus freagracht phríomhoidí scoile leagtha amach i gCiorclán 16/73, 'Cúraimí agus Freagracht Phríomhoidí agus Múinteoirí atá i gceannas Bunscoileanna'. Thairis sin, cuireann an tAcht um Oideachas 1998 feidhmeannas an príomhoide scoile ar bhonn dlí. Cuid mhaith de chúraimí an príomhoide, mar a liostálar iad i rannóg 23(2) den Acht, tá tábhacht speisialta ag baint leo do mhúinteoirí nua-cháilithe, cúraimí mar seo san áireamh

- bainistíocht ó lá go lá, 'treorú agus stiúirí' san áireamh, ar mhúinteoirí agus ar bhaill eile den fhoireann
- cinnireacht a sholáthar don fhoireann agus do na daltaí
- aidhmeanna a leagan amach don scoil, i gcomhairle le páirtithe áitiúla, agus le daltaí, áit a n-oireann sin, agus monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtáil na n-aidhmeanna sin, agus
- comhoibriú leis an mbord, le tuismitheoirí agus le múinteoirí chun timpeallacht scoile a chruthú a éascaíonn an fhoghlaim agus a thacaíonn le forbairt phroifisiúnta na múinteoirí.

Sa chomhthéacs seo, tá ról tábhachtach ag príomhoidí scoile in ionduchtú múinteoirí nua sa scoil. Chun a gcúraimí a chomhlíonadh go rathúil, ba cheart dóibh leas a bhaint as deiseanna rialta chun cuairt a thabhairt ar mhúinteoir nua sa seomra ranga. Ba chóir dóibh monatóireacht a dhéanamh ar chleachtas oibre an mhúinteora nua agus comhairle is moltaí a leasa a thabhairt. B'fhiú dóibh, freisin, samplaí den chleachtas is fearr a sholáthar nó a chur ar fáil (Ciorclán 16/73).

Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint agus taithí ag an múinteoir nua ar pholasaithe agus ar nosanna imeachta na scoile. Le treoir ón bpríomhoide, ba chóir go dtiocfadh an múinteoir nua-cháilithe isteach, diaidh ar ndiaidh, ar chur chuige na scoile ina leith seo:

- riailbhéas, sláinte, sábháilteacht agus leas, comhionannas agus cuimsitheacht, cumarsáid idir baile agus scoil, freastal, ról na gcúntóirí riachtanas speisialta (más ann dóibh), agus déileáil le tuismitheoirí,
- pleanáil agus ullmhú aonair, taifead ar dhul chun cinn na hoibre, cúrsaí tráthchláir, agus gafacht sa phróiseas pleanála scoile uile,
- modhanna múinteoireachta, torthaí na foghlama, monatóireacht ar a bhfuil á fhoghlaim ag na daltaí, meastóireacht, agus soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, agus
- coinneáil na gcuntas oifigiúla scoile, mar shampla, na leabhair rollaí.

Ba cheart don phríomhoide scoile a shocrú go mbeadh múinteoir taithíoch amháin mar chomhairleoir ag an múinteoir nua. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an gcomhairleoir an múinteoir nua a fheiceáil i mbun oibre sa seomra ranga agus go soláthródh sé/sí samplaí den dea-mhúinteoireacht agus de bhainistíocht agus eagrú éifeachtach sa seomra ranga de réir mar is gá. D'fhéadfadh an comhairleoir tacaíocht a thabhairt freisin do thaithí tosaigh an mhúinteora nua ar imeachtaí baile-scoile agus ar imeachtaí pobail.

1.6 Ionaid Oideachais agus ionduchtú múinteoirí nua-cháilithe

Gné lárnach de bhonneagar oiliúna inseirbhíse na Roinne is ea na hIonaid Oideachais (Féach Aguisín 7). Tá líonra 21 Ionad lánaimseartha agus 9 nIonad pháirtaimseartha i gcóras na nIonad Oideachais, agus suíomh straitéiseach tíreolaíochta acu go léir: tríd na hionaid seo bíonn teacht leanúnach ag múinteoirí ar fhorbairt phroifisiúnta maidir le clár náisiúnta a bhfuil leasú curaclaim, oideachas speisialta, agus riachtanais oiliúna a aithnítear go háitiúil i gceist iontu.

Tá áiseanna á gcur ar fáil ag cuid de na hIonaid Oideachais faoi láthair do lucht soláthair chúrsaí ionduchtaithe. Eagraíonn Ionaid eile seisiúin eolais ó am go ham, atá dírithe ar riachtanais mhúinteoirí nua-cháilithe. Go ginearálta, áfach, soláthraíonn Ionaid Oideachais forbairt phroifisiúnta agus tacaíocht do na múinteoirí uile, seachas tacaíocht faoi leith do riachtanais mhúinteoirí nua-cháilithe.

1.7 Roinnt forbairtí a deineadh i dtaca le múinteoirí nua-cháilithe

1.7.1 Ionduchtú múinteoirí nua

Bliain thábhachtach i bhforbairt phroifisiúnta gach múinteora is ea an chéad bhliain i mbun a g(h)airme agus is minic gur dian an bhliain í ag múinteoirí nua-cháilithe. Aithnítear ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal an chórais go dtéann a dteacht ar chúnamh tacúil proifisiúnta inscoile chun tairbhe do mhúinteoirí nua-cháilithe, mar a théann deiseanna chun leas a bhaint as cúrsaí seachtracha inseirbhíse a chuireann coláistí agus an líonra Ionad Oideachais ar fáil. Aithnítear freisin nach ionann an próiseas promhaidh agus na próisis ionduchtaithe agus comhairle, mar go bhfuil meastóireacht i gceist sa phromhadh. Le blianta beaga anuas tá na coláistí oideachais, na ranna oideachais sna hollscoileanna, cumainn múinteoirí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun tosaigh in eagrú tacaíochta promhaidh agus comhairle scoilbhunaithe do mhúinteoirí nua-cheaptha.

I mí Meán Fómhair 2002 chuir an Roinn tús le tionscadal píolótach ionduchtaithe múinteoirí do mhúinteoirí nua-cháilithe agus é d'aidhm leis eolas a choinneáil le forbairt polasaí náisiúnta ionduchtaithe (Féach Aguisín 8). Bhí Coláiste Phádraig, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath, cumainn na múinteoirí agus Ionaid Oideachais páirteach sa tionscadal freisin. Tá coiste stiúrtha náisiúnta i mbun an tionscadail agus baill as Rannán Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, baill den Chigireacht agus ionadaithe ó ghrúpaí páirtíochta ar an gcoiste sin.

Cuireann coláistí oideachais cúrsaí ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe ar fáil freisin. Mar shampla, reachtálann Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath scéim phíolótach ionduchtaithe dár teideal Líonra na Múinteoirí Nua-cháilithe (Féach Aguisín 8). Roinntear na múinteoirí nua-cháilithe i ngrúpaí de réir na ranganna atá á múineadh acu, agus déanann múinteoirí taithíochta nó lucht oilte múinteoirí éascaíocht ar chruinnithe míosúla de na grúpaí seo.

1.7.2 An Chomhairle Múinteoireachta

Faoi réir Rannóg 7(2)(g) d'Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001, tá ról ag an gComhairle Múinteoireachta, de réir dlí, i leith promhadh mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Ceann de na hiarrataí atá ar an gComhairle ná 'nósanna imeachta agus critéir a leagan amach maidir le promhadh múinteoirí'. Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar chuid de na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaobh promhadh agus ionduchtú múinteoirí, i gcomhthéacs nósanna nua imeachta maidir le clárú múinteoirí.

Caibidil a Dó

Dearadh agus feidhmiú an tsuirbhé

2.1 Aidhmeanna an tsuirbhé

Bhí sé mar aidhmeanna ag an tsuirbhé dearcadh múinteoirí a fháil ar a gcéad bhliain i mbun múinteoirachta, tuairisc a thabhairt ar na dúshláin a bhí rompu mar mhúinteoirí nua agus ar a mhéid a chabhraigh na tacaíochtaí a bhí ar fail lena bhforbairt ghairmiúil. Bhí sé mar chuspóir ag an tsuirbhé freisin sintéisiú a dhéanamh ar thuiriscí na gcigirí ar shampla d'obair mhúinteoirí nua, chun pointí nirt a aithint ina gcleachtas múinteoireachta, chomh maith le hachair ar ghá forbairt a dhéanamh orthu. Bhí sé mar chuspóir leis an tsuirbhé freisin

- éifeacht tacaíochtaí scoil-bhunaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe a mheas;
- aiseolas a sholáthar dóibhsíúd atá páirteach i bhforbairt phroifisiúnta múinteoirí, mar shampla, lucht oideachais tosaigh múinteoirí, iad síúd atá i mbun cláracha ionductáin agus iad síúd atá páirteach i luathfhorbairt phroifisiúnta mhúinteoirí nua;
- cabhrú le múinteoirí a bheidh ar promhadh amach anseo, trí réimsí forbartha proifisiúnta a aithint a gcaithfear díriú orthu, b'fhéidir;
- cabhrú le feabhsú leanúnach a dhéanamh ar thacú na Cigireachta le múinteoirí atá ar promhadh agus ar an measúnú a dhéanann cigirí orthu; agus
- eolas a choinneáil le cinní nua a dhéanfar i gcúrsaí polasaí amach anseo, faoi thacaíochtaí a chur ar fail do mhúinteoirí nua-cháilithe.

2.2 Sonraí agus modhanna oibre

Aonad Taighde agus Tacaíochta don Mheastóireacht (ATM) na Cigireachta a rinne dearadh agus comhordú ar an taighde. Is é a bhí i gceist anseo eolas agus tuairimí a bhailiú ó mhúinteoirí trí iarraidh orthu síúd a bhí páirteach ceistneoirí, a cuireadh chucu tríd an bpost, a líonadh. Chun freagraí neamhbhalbha a dheimhniú sa cheistneoir, gealladh do na múinteoirí a líon na ceistneoirí nach mbeadh teacht ag duine ar bith ar na sonraí sin ach ag an bhfoireann taighde amháin.

Iarradh ar chigirí cóipeanna a sholáthar de thuiriscí sealadacha ar obair na múinteoirí a líon na ceistneoirí. Cuireadh cnuasach fairsing eolais le chéile a raibh tuairimí múinteoirí agus breithmheas cigirí ann. ATM a rinne bainistíocht ar anailísiú na sonraí agus a chuir an tuairisc le chéile, tuairisc a bhfuil tuairimí proifisiúnta mhúinteoirí nua-cháilithe agus chigirí inti.

2.3 Roghnú an tsampla

Cuardaíodh bonntacar na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, chun céimithe a d'fhág coláistí oideachais in Éirinn le déanaí agus a bhí fostaithe i mbunscoileanna, a aithint. Trí theicníc randamach shamplála a úsáid, roghnaíodh 354 múinteoirí nua-cháilithe, nó 28 faoin gcéad d'iomlán na gcéimithe de chuid choláistí oideachais in Éirinn a bhí i dteideal a mbliain promhaidh a dhéanamh i 2003 / 2004. Seoladh 192 ceistneoirí ar ais, is é sin 54 faoin gcéad den 354 a chuir an bonntacar ar fáil, nó 15.4 faoin gcéad den líon iomlán, 1245. Chun breis eolais ar an sampla a fháil, féach Aguisín 9.

2.4 An ceistneoir a líon múinteoirí nua-cháilithe

D'iarr an ceistneoir ar na múinteoirí nua-cháilithe rátáil a dhéanamh ar ráitis éagsúla. Tá mioneolas ar na ráitis a bhí ar an gceistneoir thíos:

Cuid 1

Thug na foinsí tacaíochta seo a leanas cabhair dom i rith na bliana promhaidh seo:

- An príomhoide
- Múinteoirí eile sa scoil
 - Comh-mhúinteoir ranga
 - Comhairleoir ar roghnaigh an scoil í/é
 - Eile (tabhair sonraí le do thoil)
- Ionad Oideachais
- Cúrsaí Ionduchtaithe
- Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Cuid 2

Cé chomh maith is d'ullmhaigh do chúrsa oideachais múinteora thú, dar leat, do na gnéithe seo a leanas de do chuid múinteoireachta i rith na bliana promhaidh seo?

- Pleanáil agus ullmhú
- Idirdealú sa phleanáil agus san ullmhú do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu
- Bainistíocht/riailbhéas sa seomra ranga
- Leagan amach agus eagrú an tseomra ranga
- Eolas ar agus cur i bhfeidhm an churaclaim
- Gafacht agus gnóthachtáil daltaí
- Monatóireacht agus meastóireacht ar ghnóthachtáil daltaí
- Taifead míosúil ar dhul chun cinn

Cé chomh maith is d'ullmhaigh do chúrsa oideachais múinteora thú, dar leat, do na réimsí seo den mhúinteoireacht i rith na bliana promhaidh seo?

Cuid 3

- Múineadh na Gaeilge
- Múineadh an Bhéarla
- Múineadh na matamaitice
- Múineadh an oideachais shóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) (stair, tíreolaíocht agus eolaíocht)
- Múineadh na nAmharcealaíona (oideachas ealaíon, ceol, drámaíocht)
- Múineadh an chorpoideachais
- Múineadh an oideachais shóisialta, phearsanta agus sláinte (OSPS)

I gCuid 1 thuas léirigh na freagróirí a leibhéal aontais le gach ráiteas ar leith ar scála cheithre-phointe Likert: *aontaím go tréan*, *aontaím*, *easaontaím* agus *easaontaím go tréan*. I gCoda 2 agus 3 léirigh siad leibhéal aontais mar seo: *ullmhú an-mhaith*, *ullmhú maith*, *ullmhú lag*, nó *ullmhú an-lag*.

Bhí bosca folamh tuairimíochta sa cheistneoir freisin, a thug cuireadh do na freagróirí a dtuairimí a thabhairt ar a dtaithí i rith na bliana promhaidh.

2.5 Páirt na gcigirí sa suirbhé

Na 64 cigirí a raibh sé de chúram orthu cuairt a thabhairt ar na 354 múinteoirí nua-cháilithe agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid oibre, iarradh orthu cóipeanna leictreonacha a sholáthar den tuairisc shealadach a ullmhaíodh ar obair na múinteoirí a bhí páirteach sa suirbhé agus a leagadh de chúram ar na cigirí aonair. (Tá cóip de theimpléad na tuairisce sealadaí le fáil in Aguisín 4).

Taispeánann Tábla 2.1 líon na gcuairteanna a thug na cigirí ar mhúinteoirí sular scríobh siad an tuairisc shealadach. I bhformhór na gcásanna tugadh dhá chuairt nó níos mó ar an múinteoir nua-cháilithe.

Líon na gcuairteanna a thug an cigire sular scríobh sé/sí an tuairisc shealadach	
Cuairt amháin	16%
Dhá chuairt	46%
Trí chuairt	31%
Ceithre chuairt nó níos mó	7%

Tábla 2.1

Bhí foirm chaighdeánach ag na cigirí chun cuntas a choinneáil ar na cuairteanna promhaidh go léir agus chun na tuairiscí sealadacha a chur le chéile. Mar chuid den tuairisc shealadach, chaith an cigire rátáil ghinearálta a dhéanamh i lár na scoilbhliana ar obair an mhúinteora, faoi na teidil seo:

- pleanáil, ullmhú agus taifead ar dhul chun cinn
- bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga
- mianach na múinteoireachta ar fud an churaclaim
- mianach na foghlama atá á dhéanamh in achair den churaclam.

Bhain cigirí úsáid as scála cheithre-phointe agus rátáil ghinearálta á dhéanamh acu ar obair mhúinteora nua-cháilithe. Déanann úsáid an scála seo éascaíocht ar na próisis chnuasaigh agus anailísithe sonraí a úsáidtear chun iltuairiscí ar nós an chinn seo a ullmhú, agus nuair a chnuasaítear sonraí staitistiúla, féadtar treochothaí agus patrúin a aithint.

An scála rátála a úsáidtear don tuairisc shealadach	
Leibhéal	Garleibhéal feidhmiúcháin
1	Deacrachtaí suntasacha le sonrú
2	Gnéithe le forbairt
3	Cleachtas cumasach
4	Barrleibhéal cleachtais

Tábla 2.2

Thairis sin, sholáthraigh cigirí téacs measúnachta a thacaíonn leis an rátáil a deineadh. Rinneadh anailís ar an téacs seo chun comhbhuanna agus gnéithe a bhí le forbairt in obair na múinteoirí a bhí ar promhadh a aithint.

I ndeireadh na scoilbhliana 2003/2004, líon cigirí ceistneoir gearr leictreonach, ag tabhairt eolais faoi na fáthanna nár chríochnaigh múinteoir ar bith a bhí ar a liosta a t(h)rémhse phromhaidh go rathúil – má bhí a leithéid ann. Áit ar cuireadh síneadh leis an tréimhse phromhaidh, sholáthraigh an cigire achoimre ar na cúiseanna ba bhun leis an gcinneadh seo. Áit ar cuireadh tuairisc ghinearálta chigireachta le chéile a dúirt go raibh obair an mhúinteora míshásúil, iarradh ar an gcigire an tuairisc a chur ar fáil. Thug na tuairiscí ginearálta cigireachta seo breis fianaise i dtaobh éifeacht na hoibre a bhí á dhéanamh ag múinteoir i dtreo dheireadh na scoilbhliana.

Caibidil a Trí

Tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar thuairimí múinteoirí nua-cháilithe i dtaobh na tacaíochta a fuair siad i rith a mbliana promhaidh. Seoladh ceistneoirí chuig mhúinteoirí nua-cháilithe ag lorg a dtuairimí agus a ndearcadh ar thacaíochtaí éagsúla a chuaigh chun tairbhe dóibh i rith a mbliana tosaigh múinteoireachta. Soláthraíodh scála cheithre-phointe Likert do na mhúinteoirí – *aontaím go tréan*, *aontaím*, *easaontaím*, agus *easaontaím go tréan* – le húsáid i rátáil na dtacaíochtaí a chuir pearsanra agus seirbhísí ar fáil dóibh. Rinne siad rátáil freisin ar a n-ullmhaitheacht chun na réimsí éagsúla curaclaim agus na hábhair éagsúla a mhúineadh; chuige seo roghnaigh siad an rátáil ba oiriúnaí as an liosta seo: *ullmhú an-mhaith*, *ullmhú maith*, *ullmhú lag* agus *ullmhú an-lag*.

Bhí bosca folamh tuairimíochta sa cheistneoir freisin, a thug cuireadh do na freagróirí a dtuairimí a thabhairt ar a dtaithe i rith na bliana promhaidh.

3.1 Foinsí tacaíochta don mhúinteoir nua-cháilithe

Iarradh ar na mhúinteoirí nua-cháilithe an ráiteas seo a fhreagairt, trí úsáid a bhaint as scála cheithre-phointe Likert: *‘Chuaigh na foinsí tacaíochta seo a leanas chun tairbhe dom i rith na bliana promhaidh.’* D’iarr an ceistneoir go sonrach orthu rátáil a dhéanamh ar an tacaíocht a fuair siad uathu seo:

- an príomhoide scoile,
- mhúinteoirí eile sa scoil,
- cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
- Ionaid Oideachais, agus
- cúrsaí ionduchtúcháin a raibh siad páirteach iontu, b’fhéidir.

Thairis sin, thug 65 faoin gcéad de na freagróirí cuntas sa bhosca tuairimíochta. Tugtar sonraí i dtaobh na rátálacha agus i dtaobh na gcuntas a scríobh na mhúinteoirí, de réir na gcúig chatagóir a liostáladh thuas.

3.2 Tacaíocht ionscoile

3.2.1 Tacaíocht ón bpríomhoide

Thug na mhúinteoirí nua-cháilithe go léir, nach mór (96 faoin gcéad acu) rátáil an-dearfach don tacaíocht a fuair siad ó phríomhoide na scoile ina raibh siad ag múineadh. Taispeánann Tábla 3.1 an rátáil a tugadh don tacaíocht seo.

Chuaigh na foinsí tacaíochta seo chun tairbhe dom i rith na bliana promhaidh

N=192	Easaontaím go tréan	Easaontaím	Aontaím	Aontaím go tréan
An príomhoide	1%	3%	34%	62%

Tábla 3.1

Thairis sin, bhí formhór mór na dtuairimí a thug na múinteoirí nua-cháilithe ar na príomhoidí an-dearfach. Léiríonn an tuairim dhearfach seo a leanas an tacaíocht agus an chomhairle a thug na príomhoidí:

D'fháiltigh an príomhoide roimh smaointe nua ar bith a thugas liom ón gcoláiste; d'oibríomar go réidh lena chéile agus d'fhoghlaimíomar óna chéile.

3.2.2 Tacaíocht ó mhúinteoirí eile sa scoil

Na rátálacha ginearálta ar an tacaíocht a thug múinteoirí eile agus baill d'fhoireann na scoile don mhúinteoir nua-cháilithe, bhí siad an-dearfach. Mheas na freagróirí go léir, nach mór, (97 faoin gcéad acu) go ndeachaigh an tacaíocht a fuair siad ó mhúinteoirí eile chun tairbhe dóibh. Roghnaigh cuid mhaith scoileanna múinteoirí taithíocha chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe. Fuair tacaíocht na gcomhairleoirí seo rátáil dhearfach go ginearálta ó fhorhómór na bhfreagróirí (79 faoin gcéad acu).

Thug an ceistneoir cuireadh do mhúinteoirí freisin pearsanra eile sa scoil a thug tacaíocht dóibh a liostáil. Ina measc siúd a liostáladh bhí an leas-phríomhoide, múinteoirí páirtíochta (múinteoirí eile a bhí ag múineadh an leibhéil chéanna ranga), múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí i mbun acmhainní. Luaigh freagróirí áirithe, thairis sin, an tacaíocht a fuair siad ó rúnaí na scoile agus ó mhúinteoirí riachtanas speisialta ionranga a bhí á soláthar do dhaltáí a bhfuil riachtanais chúraim speisialta acu.

Taispeánann Tábla 3.2 leibhéal na sástachta leis an tacaíocht ionscoile a soláthraíodh.

Chuaigh na foinsí tacaíochta seo a leanas chun tairbhe dom i rith na bliana promhaidh

	Easaontaím go tréan	Easaontaím	Aontaím	Aontaím go tréan
Múinteoir eile sa scoil –				
(a) Comh-mhúinteoir ranga (N = 166)	1%	2%	30%	67%
(b) Comhairleoir ar roghnaigh an scoil é/í (N = 83)	6%	15%	31%	48%
(c) Eile (N = 23)	13%	4%	9%	74%

Tábla 3.2

Na tuairimí a thug na múinteoirí nua-cháilithe faoin gcomhairle, faoin tacaíocht agus faoin misniú a fuair siad ó chomhghleacaithe eile, tá siad dearfach den chuid is mó (85 faoin gcéad). Seo thíos sampla de na tuairimí sin:

Braithim gurbh í mo chomh-mhúinteoir an duine ba mhó a chuaigh i bhfeidhm orm i rith mo bhliana promhaidh; gan an múinteoir sin, bheadh an scéal sa mhuilleann orm, go háirithe ag tús na bliana.

Na tuairimí diúltacha a caitheadh, i leith easpa tacaíochta ó mhúinteoirí eile, léirigh siad gur bhraith na múinteoirí a raibh na tuairimí sin acu go raibh siad scoite óna gcomhghleacaithe, ag obair leo féin gan tacaíocht ó bhaill eile den fhoireann. Mar shampla:

Orm féin amháin a bhím ag brath anois nuair tá pleanáil agus ullmhú ranga ar siúl, mar ‘a scéal féin scéal gach aon duine’ an dearcadh atá ag na múinteoirí eile a bhfuil Rang 1 acu.

3.3 Tacaíocht ón gCigireacht

Laistigh den phróiseas promhaidh, tá ról dúbailte ag cigirí: tugann siad comhairle agus déanann siad meastóireacht ar chleachtas an mhúinteora. Is gnách go dtugann cigire dhá thuairisc ar obair an mhúinteora nua-cháilithe i rith na bliana promhaidh, tar éis dó/di athbhreithniú a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin agus pleanála agus ar mhianach na múinteoireachta agus na foghlama i dtimpeallacht an tseomra ranga.

Thug formhór na bhfreagróirí (86 faoin gcéad) rátáil dearfach don chigire mar fhoinsé chabhrach tacaíochta. Taispeánann Tábla 3.3 an rátáil a fuair an tacaíocht seo.

Chuaigh na foinsí tacaíochta seo chun tairbhe dom i rith na bliana promhaidh				
(N = 190)	Easaontaím go tréan	Easaontaím	Aontaím	Aontaím go tréan
Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta	5%	9%	63%	23%

Tábla 3.3

Na tuairimí a thug na múinteoirí i dtaobh tacaíochta na gcigirí, bhí a bhformhór dearfach. Bhain na tuairimí seo, den chuid is mó, le dhá ghné den chigireacht: an chomhairle agus an tacaíocht a thug an cigire don mhúinteoir nua-cháilithe, agus cur chuige ginearálta an chigire.

3.3.1 Comhairle agus tacaíocht

Bhí tuairimí dearfacha ag múinteoirí nua-cháilithe faoin gcomhairle a thug cigirí; úsáideadh na focail seo le cur síos á dhéanamh uirthi: ‘cabhrach’, ‘maith’, ‘luachmhar’, ‘ba mhór agam í’, agus ‘úsáideach’. Úsáideadh na focail seo le cur síos a dhéanamh ar thacaíocht na gcigirí: ‘éifeachtach’, ‘spreagúil’, ‘bhí géarghá léi’, ‘go maith’, ‘go hiontach’ agus ba mhór ag múinteoirí go raibh ‘a lán tacaíochta’ ar fáil. Seo thíos sampla de na tuairimí dearfacha:

Braithim gur bhliain rathúil í seo, ach go raibh obair chrua i gceist. Bhí an cigire cuarta an-bhisiúil agus spreag sí mé chun mo dhícheall a dhéanamh; thug a cuairteanna ar an seomra ranga an-chabhair agus tacaíocht leanúnach dom ar feadh na bliana. Bhí sí taitneamhach agus spreagúil leis na daltaí, leis an bhfoireann agus liom féin. Ba shonrach an difríocht a dhein sé seo i rith na bliana agus ba mhór againn go léir é.

3.3.2 An cur chuige ginearálta

Bhí tuairimí dearfacha ag freagróirí na gceistneoirí faoi chur chuige na gcigirí i leith obair na múinteoirí nua-cháilithe. Dúratas go raibh an cur chuige ‘tacúil agus spreagúil’, ‘éifeachtach’, ‘ciallmhar’, ‘proifisiúnta’, ‘an-mhaith’ agus ‘praiticiúil’. Mar shampla:

Is mór agam an cur chuige cabhrach, ciallmhar proifisiúnta a bhí ag an gcigire i leith na bliana promhaidh.

Áit a raibh locht le fáil ag múinteoirí nua-cháilithe ar chur chuige ginearálta na gcigirí, is í saorgacht na cuairte ginearálta cigireachta a lochtaigh siad. Bhraith beagán beag de na múinteoirí nua-cháilithe go raibh na cuairteanna seo ‘údarásúil’ seachas tacúil agus go raibh breithmeas na gcigirí léirmheastach seachas cabhrach. Seo samplaí de thuairimí diúltacha den saghas atá i gceist:

Bhraith mé gur lá neamhréalaíoch, de réir foirmle é lá iomlán an dioplóma. Ba chabhraí go mór luacháil leanúnach ó chomhairleoir scoilbhunaithe, ón bpríomhoide nó ó mhúinteoirí sinsearacha.

Níl sé cothrom mar chleachtas go mbraithfeadh an bhliain dioplóma cuid mhór ar lá amháin go díreach. Is cás saorga é. B’fhearr an léamh a dhéanfaí ar an obair ach roinnt cuairteanna a thabhairt ar an múinteoir nua-cháilithe i rith na bliana. I gcás Naíonán Sóisearacha, b’fhearr dhá leathlá ná lá iomlán, b’fhéidir.

Bhain tuairimí diúltacha i dtaobh chigireacht ar mhúinteoirí nua-cháilithe i rith na bliana promhaidh leis na réimsí seo den obair

- pleanáil agus ullmhú
- an cigire ar cuairt ró-annamh
- gan an chigireacht a bheith de réir a chéile ó cheantar go chéile, dar le múinteoirí
- dáta na cuairte deiridh cigireachta.

3.3.3 Pleanáil agus ullmhú

Ní mór do gach aon mhúinteoir, faoi réir Riail 126 de na Rialacha do Bhunscoileanna (Féach Aguisín 6) ullmhú a dhéanamh i scríbhinn dá gcuid oibre agus cuntas míosúil a choinneáil ar a bhfuil curtha i gcrích. Na tuairimí diúltacha a nocht múinteoirí nua-cháilithe i dtaobh pleanála agus ullmhúcháin, bhain siad de ghnáth leis an bpleanáil iomarcach a raibh súil ag an gcigire léi agus léiríonn siad éiginnteacht na múinteoirí faoin bpleanáil is gá a dhéanamh agus faoi aidhm na pleanála sin. Samplaí iad seo thíos de thuairimí den tsaghas sin:

Bhraith mé nach raibh sé réasúnta go n-éileofaí an oiread sin nótaí chomh maith le fillteáin na ndaltaí a choinneáil.

Ba mhór an chabhair é creatlach dá bhfuil ag teastáil sna nótaí. Bheadh sé an-úsáideach dá gcuirfí creatlach caighdeánach ar fáil do gach aon mhúinteoir atá ar promhadh.

Bhraith mé dian é bheith i gcónaí ag coinneáil mion-nótaí agus i ndéine is ea chuaigh an obair sin le himeacht na bliana – ba dheacair liom mé féin a spreagadh chuige. Ar a shon sin, is léir cén tairbhe a bhaineann leis na nótaí sin a dhéanamh.

3.3.4 An cigire ar cuairt ró-annamh

Is é a bhí i gceist sna tagairtí diúltacha a rinne múinteoirí nuacháilithe sa chomhthéacs seo ná a laghad cuairt a thug an cigire orthu agus, uaireanta, athrú pearsanra sa chigireacht i rith na bliana promhaidh, i dtreo go raibh malairt chigire ag teacht ar cuairt chucu seachas an duine a bhí i mbun a bpromhaidh ar dtús. Samplaí iad seo thíos de na tagairtí diúltacha sin:

... athraíodh an cigire trí huair, rud a fhág an-éagothromaíocht sa mhéid a rabhtas ag súil leis uainn. Braithim go bhfuil an bhliain phromhaidh seo dian go leor ar mhúinteoirí, gan an éiginnteacht bhreise atá i gceist nuair nach eol duit cé acu cigire a bheith i mbun gach céim den tréimhse phromhaidh.

... dúrathas linn go mbeadh an cigire chugainn chun beagthuirisc a dhéanamh i rith seachtain na Nollag. Níor tháinig an cigire an uair sin ná go dtí i ndiaidh na Cásca.

3.3.5 Gan an chigireacht a bheith de réir a chéile ó cheantar go ceantar, dar le múinteoirí

Bhraith freagróirí áirithe nach raibh cigirí i gcónaí de réir a chéile sa mhéid a raibh súil acu leis ó mhúinteoirí nua-cháilithe. Ina leith seo, go ginearálta, is é a bhí sa treis ná an t-ullmhúchán scríofa a raibh cigirí ag súil leis. Mar shampla:

.... bíonn cuid acu (cigirí) ag súil le scéimeanna in aghaidh an téarma agus scéimeanna seachtainiúla, agus cuid eile acu ag súil le scéimeanna bliana agus coicíse. Ar son na cothromaíochta, ba chóir go mbeadh teimpléad seasta ann do gach aon mhúinteoir atá ar promhadh.

Toisc gur athraíodh an cigire bhí orm gnéithe de mo chuid nótaí a athfhorbairt. Léiríonn sé seo gur beag crosthaireacht a tharlaíonn idir cigirí i dtaobh a bhfuil súil acu leis maidir le notaí srl.

3.3.6 Dáta na cuairte deiridh cigireachta

Múinteoirí nua-cháilithe a raibh sé leagtha amach go mbeadh a gcuart dheiridh cigireachta lae acu go déanach i mí an Mheithimh, bhí tuairimí diúltacha acu i dtaobh oiriúnacht an leagan amach sin. Seo thíos samplaí dá raibh le rá acu:

Ní dhéanfar an mhórtuirisc orm go dtí 21 Meitheamh mar gheall ar an ualach oibre atá le déanamh ag an gcigire nua. Is deacair daltaí a spreagadh chomh déanach sin sa scoilbhliain agus is mó rud a chuireann isteach ar an obair i ndeireadh na scoilbhliana.

3.4 Tacaíocht ó Ionaid Oideachais

Caoga múinteoir – sin an méid – a d’fhreagair an ráiteas i dtaobh éifeacht na tacaíochta a sholáthraíonn Ionaid Oideachais. Dúirt breis is leath na bhfreagróirí (58 faoin gcéad acu) gur sholáthraigh Ionaid Oideachais tacaíocht éifeachtach ionduchtaithe dóibh. D’easaontaigh líon nár bheag (42 faoin gcéad acu) leis an ráiteas, á chur in iúl nach bhfacthas dóibh gur thug na hIonaid Oideachais tacaíocht dóibh i rith na bliana promhaidh. Ní dhearna na múinteoirí nua-cháilithe saintagairtí ar bith do na hIonaid Oideachais sna boscaí oscailte tuairimíochta.

3.5 Tacaíocht ó chúrsaí ionduchtúcháin

Le blianta beaga anuas, tá coláistí oideachais, ranna oideachais sna hollscoileanna, cumainn mhúinteoirí agus An Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun tosaigh in eagrú thacaíocht ionduchtúcháin agus comhairle ionscoile do mhúinteoirí nua-cháilithe. Mar a luadh i gCaibidil 1, thosaigh an Roinn ar thionscadal píolótach ionduchtúcháin do mhúinteoirí nua-cháilithe, bunaithe i gColáiste Phádraig, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath, agus é d’aidhm leis eolas a choinneáil le forbairt pholasaí náisiúnta ionduchtúcháin. Reachtálann coláistí eile oideachais cúrsaí ionduchtúcháin do mhúinteoirí nua-cháilithe freisin. Mar shampla, chuir Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath tús le scéim píolótach ionduchtúcháin, dár teideal Líonra na Múinteoirí Nua-cháilithe, i 2002.

Toisc nach fada atá cúrsaí ionduchtúcháin do mhúinteoirí nua á soláthar, ní raibh teacht ach ag an-bheagán de na freagróirí ar ionduchtú foirmiúil ar bith. Tá a rian seo ar a laghad múinteoir a d’fhreagair an cheist sa cheistneoir i dtaobh an leibhéil tacaíochta a sholáthraigh cúrsaí ionduchtúcháin sa bhliain phromhaidh. 59 freagra is ea a fuarthas ar an gceist seo. Cé go raibh an rátáil ghinearálta diúltach – dúirt 70 faoin gcéad de na freagróirí nárbh fhoirse chabhrach tacaíochta dóibh cúrsaí ionduchtúcháin, is dóichí gurbh amhlaidh a bhí siad míshásta nach raibh teacht acu ar chúrsaí dá leithéid, ná go raibh siad míshásta leis na cúrsaí a raibh siad ag freastal orthu.

Chuaigh na foinsí tacaíochta seo chun tairbhe dom i rith na bliana promhaidh				
	Easaontaím go tréan	Easaontaím	Aontaím	Aontaím go tréan
Ionaid Oideachais (N=50)	18%	24%	58%	0%
Cúrsaí ionduchtúcháin (N=59)	46%	24%	27%	3%

Tábla 3.4

Níor tugadh ach trí thuairim i dtaobh cúrsaí ionduchtúcháin sa bhosca oscailte tuairimíochta. Bhí na trí cinn diúltach. Mar shampla:

Ar éigean a tairgeadh cúrsa ionduchtúcháin ar bith do na múinteoirí sa scoil seo, ainneoin go raibh a lán againn (cúigear) ar promhadh ag an am céanna.

3.6 Tuairimí tosaitheoirí ar an múinteoireacht i dtaobh an chúrsa oideachais tosaigh do mhúinteoirí

Cé gur thug an bosca oscailte tuairimíochta deis do na freagróirí a dtuairim a thabhairt i dtaobh gné ar bith dá dtaithe ar an bpróiseas promhaidh, níor luaigh dhá dtrian de na freagróirí a gcúrsa oideachais tosaigh ar chor ar bith. Rinne 63 múinteoirí tagairt dá gcúrsa agus ní raibh ach 20 faoin gcéad de na tagairtí seo deimhneach.

Go ginearálta, luaigh na tagairtí deimhneacha gur bhraith siad go raibh siad ullamh chun dul i mbun múinteoireachta i rith na bliana tosaigh agus go raibh eolas maith acu ar an gcuraclam agus ar mhodhanna éagsúla múinteoireachta. Seo leanas samplaí de na tuairimí deimhneacha:

Bhain mé taitneamh as mo bhliain phromhaidh. Braithim gur ullmhaigh an coláiste go maith don mhúinteoireacht mé agus is dóigh liom go raibh an rath ar an mbliain seo.

Tá an-mholadh ag dul do na léachtaithe i [...] as na modhanna múinteoireachta agus an chomhairle a chuir siad ar fáil do mo shlí bheatha mar mhúinteoir; is é a dhála céanna é ag na daoine a stiúraigh an cleachtadh múinteoireachta.

I measc na dtagairtí diúltacha do chúrsaí oideachais tosaigh, tháinig cuid mhaith téamaí chun tosaigh:

- easpa muiníne maidir leis an gcuraclam a mhúineadh d'aoisghrúpaí áirithe,
- easpa oiliúna ar chúrsaí praiticiúla scoile,
- easpa ullmhúcháin do phleanáil,
- easpa muiníne maidir le heagrú ranga agus maidir le múinteoireacht ilranganna, agus
- easpa ullmhúcháin chun freastal a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama agus iompair chatagóirí áirithe daltaí.

Ba é an téama ba láidre a bhí á lua i measc na múinteoirí nua-cháilithe ná a n-easpa muiníne maidir le réimsí áirithe den churaclam agus ábhair áirithe a mhúineadh do shain-aoisghrúpaí agus, go speisialta, do na ranganna is sóisearaí. Seo thíos sampla a scríobh múinteoir amháin:

Fuair mé amach go raibh mé ullamh go maith do chúrsaí riaracháin, ach go raibh an-easpa eolais orm faoi conas an curaclam a mhúineadh don leibhéal ranga atá agam. Braithim gur chóir níos mó ama a chaitheamh sa choláiste ar léachtaí ar na hábhair a bheadh le mhúineadh againn agus ba chóir go léireofaí dúinn conas topaicí éagsúla a mhúineadh.

Bhí gearán ag roinnt múinteoirí gur bheag an t-ullmhúchán a bhí faighte acu i dteagasc achar áirithe den churaclam:

Bhí 5 léacht againn ar mhúineadh staire agus tíreolaíochta. Bhí na léachtaí seo ar fheabhas, ach níor leor an méid léachtaí a fuairamar. Cúrsa lánaimseartha ocht mí dhéag a bhí againn. Ainneoin an méid sin ama a chaitheamar air, ní raibh an cúrsa praiticiúil go leor chun tú a ullmhú don mhúinteoireacht.

Rinneadh tagairt chomh láidir céanna do na téamaí eile a luadh thuas. Bhraith múinteoirí nua-cháilithe nach raibh siad ullamhaithe go sásúil chun déileáil le gnáthchúrsaí bainistíochta ranga, nithe mar mharcáil leabhar rollaí, bualadh le tuismitheoirí agus riailbhéas a choimeád, chomh

maith le hiompar daltaí agus obair bhaile a ionramháil. Seo thíos roinnt tuairimí faoi easpa oiliúna ar chúrsaí praiticiúla scoile:

Braithim gur mó a d'fhoghlaim mé i mbliana ná i mo chúrsa iomlán sa choláiste; is dóigh liom gur cheart don choláiste tú a ullmhú níos fearr do ghnáthchúrsaí scoile agus go leagfaí béim níos treise i rith an chúrsa go léir ar chúrsaí riailbhéasa agus ar iompar daltaí.

Tá gá againn le heolas bunúsach – conas leabhar rolla a líonadh go sásúil, treoir agus comhairle i dtaobh cruinnithe múinteoirí le tuismitheoirí a reachtáil, cá bhfuil teacht ar eolas breise ar ábhair éagsúla mura bhfuil dóthain sa téacsleabhar. Bhí an chuid is mó d'ábhar an chúrsa teoiriciúil, mar shampla, dúrathas linn gur chóir curaclam leathan a mhúineadh agus modhanna éagsúla múinte a úsáid chuige sin – ach conas? Ní thuigeann múinteoir nua-cháilithe conas beocht a chur sa churaclam do leanaí.

Cuireadh an-bhéim sa choláiste oideachais ar ábhair a bhain le pleanáil agus ullmhúchán, a dúirt na múinteoirí nua-cháilithe, ach níor ullmhaíodh iad chun pleanáil a dhéanamh do ranganna cumaisc. Bhraith siad freisin gur chóir go mbeadh an phleanáil a phléitear sa choláiste oideachais bunaithe ar an sórt pleanála (fadtéarmach agus gearrthéarmach) a bhíonn le déanamh ag múinteoirí sa seomra ranga, seachas ar ullmhú mion-nótaí ceachta. Tá samplaí thíos dá raibh le rá ag múinteoirí mar gheall ar a n-easpa oiliúna ar pleanáil:

Go dtí gur thosaigh mé ag múineadh trí rang i dteannta a chéile níor thuig mé a thábhachtaí atá sé bheith in ann pleanáil mhaith a dhéanamh do ghrúpa chomh hilghnéitheach sin. Níor leagadh amach dóthain ama ar an gcúrsa do mhíniú conas scéimeanna seachtaine, míosa agus bliana a cheapadh. Ní maith é neamhshuim a dhéanamh d'eolas praiticiúil mar sin.

Leagtar an-bhéim sa chúrsa oiliúna múinteoirí ar pleanáil do chleachtadh múinteoireachta, ach braithim gur chóir béim níos láidre a chur ar pleanáil don téarma agus don bhliain mar is deacair do mhúinteoir nua a fhios a bheith aici/aige cad tá ag teastáil nuair a thosaíonn siad ag múineadh.

Ábhar speisialta inní do mhúinteoirí nua-cháilithe ba ea a laghad oiliúna a bhí orthu chun freastal a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama agus iompair réimse leathan daltaí. Bhí siad buartha nár ullmhaigh a n-oiliúint tosaigh múinteoireachta iad chun a modhanna múinte a oiriúnú do shaghsanna éagsúla daltaí, ná chun múinteoireachta i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, nó, fós, chun freastal a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Seo thíos cuid de na tuairimí a nocht siad:

An scoil a bhfuilimne ag múineadh inti, tá an-éagsúlacht daltaí inti ó chúlraí ilghnéitheacha ... is cuid suntais í an réim leathan cumais acadúil i mo rang agus is síor-dhúshlán é freastal a dhéanamh ar na leibhéil éagsúla. Tá daltaí agam a bhaineann leis an 98ú peircintíl sa Mhatamaitic agus sa Bhéarla, agus an tslí ar fad síos go dtí an 1ú pheircintíl ... braithim gur mhaith ab fhiú níos mó ullmhúcháin a dhéanamh sa choláiste do chásanna mar sin.

Ba chóir go mbeadh cúrsa ann faoi fhreastal ar dhaltaí atá thar a bheith éirimiúil, chomh maith leis an gcúram a dhéantar díobh siúd a bhfuil fadhbanna foghlama acu. Is gá, freisin, comhairle a sholáthar faoi mhúinteoireacht i gceantair atá faoi míbhuntáiste, áit a mbíonn fadhb mhór riailbhéasa ag múinteoirí.

3.7 Tatal

An chabhair a fuair siad óna gcomhghúinteoirí ranga, ón bprómhoide, ó mhúinteoirí eile ar an bhfoireann agus ó chigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, rátáil freagróirí na gceistneoirí an chabhair sin go hard. Ba mhór acu freisin an chabhair a fuair siad ó chomhairleoirí ar roghnaigh an scoil iad. Ní bhfuair an tacaíocht a sholáthraigh Ionaid Oideachais agus cúrsaí ionductúcháin rátáil chomh hard céanna; ba chóir a bheith san airdeall nuair atá léamh á dhéanamh ar an sonra seo, mar is dóichí go raibh na freagróirí ag díriú ar an ngá a bhraith siad le breis cúrsaí ionductáin seachas ag gearán faoi fhiúntas na gcúrsaí a bhí ar fáil.

Céim tromchúiseach í an t-aistriú ó oideachas tosaigh múinteoirí go dtí freagracht iomlán neamhspleách as rang daltaí a mhúineadh. Tá dúshlán chomh mór i gceist go mbíonn a ndóthain le déanamh ag cuid mhaith múinteoirí nua-cháilithe teacht slán trí mhíonna tosaigh a ngairme mar mhúinteoirí. Tá an-tábhacht, dá bhrí sin, le tacaíocht óna gcomh-mhúinteoirí taithíochta i rith na tréimhse tosaigh. Ina dtuairisc *Ag Ullmhú Múinteoirí don 21ú hAois* (2002), aithníonn An Grúpa Oibre ar Oideachas Réamhsheirbhíse do Bhunmhúinteoirí go bhfuil na leibhéil eolais agus scileanna is gá chun curaclam na bunscoile a mhúineadh go héifeachtach chomh hard sin nach féidir na mic léinn mhúinteoireachta go léir a thabhairt chuig ardleibhéil chumais laistigh de na teorainneacha a leagtar amach d'oideachas réamhsheirbhíse. Is dóigh leis an ngrúpa oibre go gcaitheann múinteoirí bheith i suíomh réalaíoch poist mhúinteoireachta ar feadh tamaill agus taithí áirithe a bheith faighte acu sula dtuigfidh siad riachtanais na mhúinteoireachta agus go bhforbróidh siad na straitéisí is gá chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais sin.

Baineann an méid atá i gceist sa mhúinteoireacht lánaimseartha craitheadh as cuid mhaith múinteoirí nua-cháilithe nuair a thuigeann siad go gcaitheann siad déileáil le réimse fadhbanna agus ábhar buartha nach raibh chomh práinneach céanna nuair a bhí tréimhsí gearra mhúinteoireachta ar siúl acu i suíomh a bhí cuíosach saorga le linn a n-oiliúint réamhsheirbhíse. Mar shampla, ní hionann in aon chor freagracht an mhic léinn mhúinteoireachta agus freagracht an mhúinteora lánaimseartha i gcúrsaí bainistíochta sa seomra ranga ná ina ndéileáil le daoine gairmiúla eile agus le tuismitheoirí (lch. 149).

D'aithin múinteoirí a bhí ar promhadh réimsí ar bhraith siad nach raibh siad oilte a ndóthain ina gcomhair. Ina measc seo bhí eagrú an tseomra ranga agus bainistíocht iompair, bainistíocht daltaí a raibh riachtanais éagsúla fhoghlama acu, agus déileáil le gnáthchúrsaí an lae, cúraimí mar choinneáil leabhar rollaí agus monatóireacht a dhéanamh ar chóipleabhair. Luaigh múinteoirí an méid a bhí le foghlaim acu faoi phleanáil do mhúinteoireacht ilranganna, difreálú an churaclaim do dhaltaí éagsúla agus úsáid raon leathan modhanna chun achair áirithe den churaclam a mhúineadh; bhraith siad nach bhfuair siad a ndóthain treorach faoi ghnéithe mar seo den mhúinteoireacht le linn a gcúrsa oideachais tosaigh mar mhúinteoirí.

Na struchtúir atá ann faoi láthair d'ionductú múinteoirí atá ar promhadh, ní dhéanann siad sin freastal ach ar líon beag múinteoirí. Ba chóir go mbeadh tuiscint ag lucht soláthair na gcúrsaí ionductaithe ar riachtanais mhúinteoirí agus ar na réimsí den churaclam, de bhainistíocht an tseomra ranga, den riailbhéas agus den phleanáil a gcaithfear dul níos mine iontu. Ba cheart dóibh freisin freastal a dhéanamh ar riachtanais áirithe mhúinteoirí aonair. An chabhair agus an chomhairle a thugann tacaíocht ionscoile go díreach do mhúinteoirí nua-oilte, is fearr a théann sin chun tairbhe dóibh ná cúrsaí a sholáthraítear in ionaid lárnacha. Tá gá ag múinteoirí le comh-mhúinteoirí mar éascaitheoirí, daoine a dhéanfaidh mhúinteoireacht shamplach dóibh in achair éagsúla den churaclam agus a chabhróidh leo ceachtanna a phleanáil agus straitéisí mhúinteoireachta a fhorbairt a oireann don chomhthéacs áirithe ina bhfuil siad.

Caibidil a Ceathair

Ullmhaitheacht do mhúineadh an churaclaim bhunscoile

Iarradh ar na múinteoirí nua-cháilithe a rá cad iad na hachair churaclaim agus na hábhair ab fhearr a raibh siad ullamh le dul ina mbun nuair a bhí a gcúrsa oiliúna mar mhúinteoirí críochnaithe acu. Cuirtear torthaí na taighde sin i láthair sa chaibidil seo. Tá ráitis mheastóireachta anseo freisin as na gearrthuiriscí a d'ullmhaigh na cigirí aonair a rinne meastóireacht ar éifeacht mhúinteoirí nua-cháilithe i múineadh an churaclaim.

4.1 Réamhrá

Cuirtear curaclam na bunscoile i láthair i 6 achar foghlama, agus cuid acu sin foroinnte ina n-ábhair. Liostálar iad seo i dTábla 4.1.

Teanga		
Gaeilge	Béarla	
Matamaitic		
Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE)		
Oideachas Ealaíon	Ceol	Drámaíocht
Corpoideachas		
Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)		
Teagasc creidimh		

Tábla 4.1: Struchtúr Churaclam na Bunscoile (1999)

4.2 Tuairimí i dtaobh ullmhaitheacht chun réimsí den churaclam a mhúineadh

Bhraith na múinteoirí nua-cháilithe gur ullmhaíodh go maith iad chun an curaclam a chur i bhfeidhm. Tá achoimre i dTábla 4.2 ar fhreagraí na múinteoirí i leith réimsí éagsúla den churaclam agus ábhair éagsúla.

Cé chomh maith, dar leat, a d'ullmhaigh do chúrsa oiliúna mar mhúinteoir thú chun na hachair seo a leanas den churaclam a mhúineadh i rith do bhliana promhaidh?				
N=192	Ullmhú an-lag	Ullmhú lag	Ullmhú maith	Ullmhú an-mhaith
Múineadh na Gaeilge	4%	12%	57%	27%
Múineadh an Bhéarla	2%	10%	58%	30%
Múineadh na matamaitice	6%	22%	48%	23%
Múineadh OSIE				
(a) stair	2%	15%	62%	21%
(b) tíreolaíocht	2%	13%	64%	21%
(c) eolaíocht	2%	12%	61%	25%
Múineadh oideachais ealaíne				
(a) oideachas ealaíon	6%	21%	47%	26%
(b) ceol	14%	31%	44%	11%
(c) drámaíocht	8%	24%	55%	13%
Múineadh corpoideachais	0%	5%	56%	39%
Múineadh OSPS	4%	18%	57%	21%

Tábla 4.2

Bhraith múinteoirí nua-cháilithe gur ullmhaigh a gcúrsa oideachais tosaigh go maith nó go han-mhaith iad chun Béarla, OSIE agus Gaeilge a mhúineadh. Tugadh an rátáil ab airde, 95 faoin gcéad, don chorpoideachas. Níor bhraith na múinteoirí nua-cháilithe chomh hullamh céanna ag dul i mbun OSPS, ealaíona amhairc, ná i mbun matamaitice agus drámaíochta. Tugadh an rátáil ab ísle don cheol – bhraith 45% de na múinteoirí nár ullmhaíodh go sásúil iad chun an t-ábhar seo a mhúineadh. I dTábla 4.3 tugtar na rátálacha míshástachta lena n-oiliúint chun múinteoireachta, de réir na n-ábhar, ón rátáil ba dhiúltaí síos.

Rátálacha diúltacha ón rátáil ba dhiúltaí síos ó thaobh ullmhaitheacht múinteoirí nua-cháilithe, dar leo féin, chun na hábhair éagsúla a mhúineadh		
	Achair churaclaim agus ábhair	An céatadán de na freagróirí a bhraith nach raibh siad ullmhaithe go sásúil
1.	Ceol	45%
2.	Drámaíocht	32%
3.	Matamaitic	28%
4.	Oideachas ealaíon	27%
5.	OSPS	22%
6.	Stair	17%
7.	Gaeilge	16%
8.	Tíreolaíocht	15%
9.	Eolaíocht	14%
10.	Béarla	12%
11.	Corpoideachas	5%

Tábla 4.3

4.3 Measúnú na gcigirí ar mhúineadh achar den churaclam

Faoi am na gearrthuirisce, a ullmhaítear de ghnáth i ndiaidh an dara cuairt chomhairleach nó mheasúnaithe ar an múinteoir atá ar promhadh, bhí measúnú déanta ag cigirí ar mhúinteoirí nua-cháilithe ag múineadh réimse ábhar curaclaim agus fuair ATTM 277 tuairiscí a bhain leis an sampla 354 múinteoirí. Fuair siad amach go raibh formhór mór na múinteoirí nua ag múineadh go sásúil, agus luaigh siad sna gearrthuiriscí gur chóir go gcríochnódh na múinteoirí a dtréimhse phromhaidh go rathúil laistigh den tréimhse chaighdeánach, bliain acadúil amháin.

Sa chéad leath den bhliain phromhaidh is gnách le cigirí díriú ar mhúineadh na Gaeilge, na litearthachta agus na huimhearthachta agus grinníonn siad na ceachtanna seo i seomraí ranga na múinteoirí atá ar promhadh de ghnáth. Dá bhrí sin, bhain an chuid is mó de thuairimí measúnachta na gcigirí sna gearrthuiriscí le múineadh teanga (Gaeilge agus Béarla) agus le matamaitic. Rinne na cigirí grinniú freisin, áfach, ar achair eile den churaclam, sa chéad leath den tréimhse phromhaidh agus i rith cuairteanna teagmhasacha roimh an gcúairt chigireachta lae a tugadh i dtreo dheireadh na scoilbhliana. Bhí an méid seo ag cigire amháin sa tuairisc

Na ceachtanna Gaeilge, matamaitice, úreolaíochta agus drámaíochta a ghrinnigh mé, ba léir orthu go raibh an múinteoir ag cur Curaclam na Bunscoile i bhfeidhm go héifeachtach sa seomra ranga.

Chomh maith le tuairimí ginearálta measúnachta a thabhairt sa ghearrthuirisc mar gheall ar dhul chun cinn an mhúinteora nua, déanann na cigirí taifead freisin ar an gcomhairle agus na moltaí a tugadh don mhúinteoir. Tá achoimre sna rannóga seo a leanas den chaibidil seo ar an gcomhairle agus ar na moltaí ba mhinice a tugadh sna gearrthuiriscí sa bhliain 2003/2004.

4.3.1 Teanga: Gaeilge

Rinne cigirí saintagairtí do mhúineadh na Gaeilge i 122 tuairiscí. Bhíothas sásta go ginearálta le múineadh na Gaeilge in dhá dtrian de ranganna na múinteoirí nua-cháilithe. Mar shampla, bhí an méid seo i dtuairisc amháin:

Déanann an múinteoir seo a chuid oibre go coinsiasach. Tá caidreamh an-taitneamhach aige leis na daltaí atá faoina chúram agus déanann siad comhoibriú an-sásúil leis. Bunaíonn sé a chuid ranganna Gaeilge ar théamaí a bhfuil suim ag na daltaí iontu agus baineann sé úsáid mhaith as cluichí teanga agus as obair bheirte chun na daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh san obair.

Sna cásanna (trian den iomlán) ina bhfuair na cigirí go raibh deacracht ag an múinteoir nua maidir le múineadh na Gaeilge, ba iad na moltaí ba choitianta a tugadh chun an scéal a fheabhsú ná gur chóir don mhúinteoir:

- Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil agus níos minice i rith an lae scoile
- cúram a dhéanamh de chruinneas a c(h)uid Gaeilge féin – a scríobh agus a labhairt
- pleanáil a dhéanamh de réir snáitheanna an churaclaim; ba cheart, go háirithe, go mbeadh gníomhaíochtaí á bpleanáil a dhéanfadh forbairt ar scileanna éisteachta agus labhartha
- clár foghlama na Gaeilge a chur in oiriúint do chúlra agus d'ábhair suime na ndaltaí
- an t-am oiriúnach a chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge gach lá.

Maidir le modhanna múinte na Gaeilge, is minic a moladh gur chóir do mhúinteoirí a bhí ar promhadh:

- struchtúr oiriúnach a leagan amach don cheacht Gaeilge agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil trí chéim i ngach ceacht: *réamhchumarsáid, cumarsáid* agus *iarchumarsáid*
- na ceachtanna a bhunú ar na téamaí atá i gcuiclam na Gaeilge agus leagan amach soiléir a dhéanamh i dtús gach seachtaine ar an teanga labhartha – na frásaí agus na struchtúir teanga atá le múineadh i rith na seachtaine áirithe sin
- deiseanna a chur ar fáil go rialta do dhaltaí chun obair bheirte a dhéanamh agus chun cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge
- úsáid a bhaint níos coitianta as cluichí, drámaíocht, scéalaíocht agus filíocht chun cur le suim agus gafacht na ndaltaí sna ceachtanna
- múineadh na Gaeilge trí mheán an Bhéarla a sheachaint: ba chóir an bhéim i ngach ceacht teanga a leagan ar scileanna cumarsáide i nGaeilge a fhorbairt
- pictiúir, bréagáin agus acmhainní ábhartha eile a sholáthar i dtreo gur féidir tuiscint na ndaltaí ar an teanga labhartha a fhorbairt sa chéim réamhchumarsáide
- monatóireacht a dhéanamh ar scríbhneoireacht fheidhmiúil agus ar scríbhneoireacht chruthaitheach na ndaltaí, agus deiseanna a sholáthar go minic dóibh chun scríbhneoireacht phróisis a dhéanamh.

4.3.2 Béarla

Rinne cigirí saintagairtí don Bhéarla i 124 tuairiscí. Bhí múineadh an Bhéarla go maith i bhformhór na ranganna de réir na dtuairiscí. Ar a shon sin, bhí moltaí ag na cigirí chun an mhúinteoireacht a fheabhsú sa séú cuid nó mar sin de na cásanna. Bhain na moltaí sin le snáthaonaid léitheoireachta, scríbhneoireachta agus labhartha na teanga.

Maidir le léitheoireacht, is iad na moltaí ba choitianta a bhí i gceist ná:

- láthair litearthachta a fhorbairt sa seomra ranga, a mbeadh amharcfhocail na ndaltaí ar taispeáint ann agus a mbeadh taispeántas tarraingteach leabhar mór agus leabhar leabharlainne ann
- timpeallacht lán cló a chruthú, trí lipéid agus abairtí iomlána a chur ar taispeáint sa seomra ranga
- straitéisí chun aithint focal a mhúineadh
- difreálú na ngníomhaíochtaí léitheoireachta do daltaí éagsúla agus modh na taithí teanga i leith na léitheoireachta a chothú
- éisteacht le léitheoireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt scileanna léitheoireachta, go háirithe i gcás daltaí a bhfuil fadhbanna foghlama acu
- forbairt scileanna tuisceana na ndaltaí agus béim a leagan ar scileanna ardoird machnaimh
- úsáid oiriúnach a bhaint as litríocht do leanaí i múineadh na léitheoireachta chomh maith le scileanna leabharlainne agus scileanna tagartha a fhorbairt.

Bhain na moltaí ba choitianta a deineadh faoi mhúineadh na scríbhneoireachta le daltaí sóisearacha a spreagadh chun scríbhneoireacht chruthaitheach a dhéanamh, modh na scríbhneoireachta próisis a chur chun cinn, deiseanna a sholáthar do dhaltaí chun saghsanna éagsúla scríbhneoireachta a dhéanamh, agus a gcuid oibre a chur ar taispeáint. Moladh do na múinteoirí nua-cháilithe scileanna ardoird machnaimh na ndaltaí a fhorbairt trí scríbhneoireacht. Ba chóir, go speisialta, freagairt mhothuchánach agus freagairt shamhlaíoch na ndaltaí do spreagthaigh éagsúla, mar shampla, filíocht, ceol, úrscéalta, agus drámaíocht, a mhisiú.

Mhol na cigirí go rachadh sé chun tairbhe do mhúineadh na teanga béil dá leagfaí amach sainaidhmeanna le ceachtanna sa teanga bhéil. Moladh do mhúinteoirí deiseanna agus suímh a chruthú ina bhféadfadh daltaí a scileanna sa teanga bhéil a chleachtadh, a dtuairimí pearsanta a chur in iúl, argóint a dhéanamh faoi dhearcadh áirithe, chomh maith lena scileanna glacacha teanga agus a scileanna chur in iúl a chleachtadh.

4.3.3 Matamaitic

Rinne na cigirí tuairisciú coitianta ar mhúineadh na matamaitice i 90 tuairiscí, agus ba é an príomh-mholadh a bhí acu do mhúinteoirí nua ná a modhanna múinte a fhorbairt agus díriú ar a bhfuil á fhoghlaim ag na daltaí san achar seo den churaclam. Na moltaí ba choitianta a tuairiscíodh sna gearrthuiriscí, bhain siad leis na gnéithe seo den mhúinteoireacht:

- réimse leathan ábhar coinchréideach a úsáid sna ceachtanna matamaitice
- difreálú a dhéanamh do dhaltaí éagsúla i múineadh coincheapanna matamaitice, i luas na gceachtanna, agus sna gníomhaíochtaí a sholáthraítear do na daltaí
- gníomhaíochtaí dúshlánacha a sholáthar do na daltaí is mó cumas
- cásanna réalaíoch a bhaineann leis an ngnáthshaol a úsáid chun ceachtanna ar réiteach fadhbanna a mhúineadh agus gan dul rómhór i muinín an téacsleabhair
- níos mó den mhatamaitic bhéil a fhí isteach sna ceachtanna
- díriú ar agus daingniú fíricí uimhreacha
- ord agus eagar a bheith ar mhúineadh teanga na matamaitice
- cothromaíocht a dheimhniú idir caint an mhúinteora agus béim ar ghafacht na ndaltaí, díospóireacht agus soiléiriú ar choincheapanna.

4.3.4 Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta – Stair

Sna gearrthuiriscí don scoilbhliain 2003/2004, ní raibh ach cúig thagairt ag na cigirí do mhúineadh na staire. Ar an iomlán, bhí na tagairtí seo deimhneach, agus durathas go n-ullmhaíonn múinteoirí nua-cháilithe clár leathan suimiúil oibre dá ndaltaí. Mhol na cigirí gur chóir do mhúinteoirí nua-cháilithe:

- deiseanna a sholáthar do dhaltaí gníomhú mar staraithe, agus cabhrú leo scileanna anailíse a fhorbairt, chomh maith le conas fianaise a úsáid agus obair a dhéanamh sa cheantar máguaird
- gan dul rómhór i muinín téacsleabhair faoi mar gurbh é sin an t-aon fhoinsé foghlama atá ar fáil do dhaltaí
- an obair i réimse na staire a chomhtháthú le hábhair eile sa churaclam, i dtreo gur féidir le daltaí a n-eolas ar achair éagsúla curaclaim a fhí ina chéile, mar shampla, scríbhneoireacht chruthaitheach, drámaíocht, agus Gaeilge.

4.3.5 Oideachas soisialta, imshaoil agus eolaíochta – Eolaíocht

Tá tagairtí ag cigirí do mhúineadh na heolaíochta i gcúig cinn de na gearrthuiriscí. Bhí éagsúlacht sna tuairimí a nochtadh agus bhain siad leis an bpleanáil a sholáthraítear don eolaíocht, len a riachtanaí atá sé an ceantar máguaird a chur san áireamh sa chlár agus níos mó úsáid a bhaint as ábhair choinchréideacha chun cur le taitneamh na foghlama. Bhain na moltaí a rinne cigirí le meastóireacht ar an obair a dhéantar ar thionscadail san eolaíocht agus le héascaíocht a

dhéanamh ar mheastóireacht a dhéanann comhdhaltaí ar a chéile. Mhol cigire amháin go gcuirfí béim níos láidre ar fhorbairt sainscileanna eolaíochta.

Déanann sé iarracht scileanna eolaíochta na ndaltaí a fhorbairt ach ba chóir go mbeadh sainaidhm ag na ceachtanna agus go n-eagrófaí an mhúinteoireacht ar shlí go mbeidh fadhb chinnte le réiteach agus go mbeidh na daltaí páirteach san iniúchadh.

4.3.6 Corpoideachas

Ag céim na gearrthuaisce, thagair na cigirí don chorpoideachas i mbeagán cásanna. Áit a ndearnadh measúnú ar chorpoideachas, leag na cigirí béim ar an méid seo a leanas ina gcuid moltaí:

- go ndéanfaí pleanáil – idir fhadtéarmach agus ghearrthéarmach – don chorpoideachas
- go soláthrofaí ionaid oiriúnacha ar thráthchlár na seachtaine don chorpoideachas
- go ndéanfaí cúram d’eagrú agus de ghafacht na ndaltaí sa cheacht corpoideachais.

Nótáladh go bhfostaíonn an bord bainistíochta i mbeagán scoileanna teagascóirí seachtracha chun corpoideachas a mhúineadh. I gcásanna mar sin, fuarthas go raibh roinnt múinteoirí nua-oilte ann, nár thuig go gcaithfidís gach achar den churaclam a mhúineadh gach uile sheachtain. Luaigh roinnt de na cigirí go raibh múinteoirí nua-cháilithe ann nár mhúin corpoideachas ar chor ar bith i rith an téarma tosaigh, nach ndearna pleanáil ná ullmhú ar bith don ábhar, agus, dá réir sin, go raibh fadhbanna acu ag iarraidh na daltaí a eagrú.

4.3.7 Na hAmharcealaíona – Ceol

Thug na cigirí tuairisc ar mhúineadh an cheoil i seacht rang déag. Tuairiscí deimhneacha ba ea a lán acu, mar shampla:

Múintear ceol go héifeachtach. Canann na daltaí go hanamúil, beoga agus láimhsítear gníomhaíochtaí as snáitheanna éagsúla den churaclam go cumasach.

Ba é an moladh ba choitianta a rinne na cigirí ná go dtabharfaí an t-am is gá don ábhar, pleanáil – idir fhadtéarmach agus ghearrthéarmach – a dhéanamh don cheol, agus go múiní na snáitheanna go léir den churaclam. Moladh do mhúinteoirí gléas ceoil a úsáid chun nóta tosaigh a sholáthar don amhránaíocht agus cúram a dhéanamh d’airde oiriúnach do mhúineadh na hamhránaíochta. Mhol na cigirí, chomh maith, go ndéanfadh na múinteoirí nua deimhin de go mbeadh leanúnachas i múineadh an cheoil agus go mbeadh na tascanna foghlama ag éirí níos casta le himeacht na bliana. Bhí an méid seo sa tuairisc ag cigire amháin, mar shampla:

Tá na céimeanna tosaigh tógtha chun na daltaí a thabhairt isteach ar amhránaíocht agus ar chnagadh le ceol, ach is gá a dheimhniú go rachaidh na daltaí chun cinn sna snáitheanna uile den cheol agus go mbeidh leanúnachas i múineadh an cheoil, sna snáitheanna go léir.

4.4 Tatal

Sa tuairisc *Ullmhú Múinteoirí don 21ú hAois*, a chuir an Grúpa Oibre ar Oideachas Réamhsheirbhíse Múinteoirí le chéile, deirtear nach ionann an méid ama a chaitheann na soláthróirí oiliúna múinteoirí ar fad ar fhorbairt scileanna múinteoirí agus a dtuiscint ar achair éagsúla den churaclam, ná ar fhorbairt scileanna múinteoireachta agus tuiscint ar mhodhanna ginearálta múinteoireachta. Tá sraith moltaí i dtuairisc an Ghrúpa Oibre i dtaobh athdhearadh chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí, chun freastal a dhéanamh ar éilimh churaclaim atá ag athrú agus chun go mbeadh an inniúlacht a shamhlaítear le ‘múinteoir atá tagtha in inmhe’ ag gach ceimí múinteoireachta. (lch. 155).

De réir na fianaise a fuarthas ó mhúinteoirí nua-cháilithe agus ó na cigirí a rinne measúnú ar a gcuid oibre, is gá cúrsaí oiliúna múinteoirí a fhorbairt a thuilleadh i dtreo go mbeidh an inniúlacht is gá don bhunmhúinteoireacht sa lá atá inniu ann, ag na céimithe múinteoireachta. I measc na n-inniúlachtaí seo tá taithe ar phrionsabail an churaclaim, bheith ar a suaimhneas le réimse modhanna múinteoireachta, agus bheith in ann raon difríochtaí idir dhaltaí a ionramháil agus cláir aonair a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

An tuiscint atá ag múinteoirí ar a gcumas agus ar a muintín astu féin i mbun gnéithe éagsúla den churaclam a mhúineadh, ní hionann sin agus an fhianaise atá i dtuairiscí na gcigirí. Bhraith múinteoirí nua-oilte, mar shampla, go raibh siad ullamh go maith chun Gaeilge agus Béarla a mhúineadh, ach bhí comhairle agus moltaí chomh minic sin ag na cigirí dóibh, gur léir go bhfuil scóip chun forbartha sa ghné sin den mhúinteoireacht. De réir na fianaise atá i ngearrthuiriscí na gcigirí, is cosúil nárbh aon díobháil é go ngrinneodh cigirí réimse níos leithne den churaclam i rith a gcuartheanna tosaigh. Tá scóip ann freisin do phríomhoidí agus do chomhghleacaithe múinteoireachta níos mó tacaíochta ionscoile a sholáthar chun cabhrú le múinteoirí nua a n-inniúlacht agus a scileanna i múineadh an churaclaim iomlán a fhorbairt.

Caibidil a Cúig

Pleanáil, bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga

5.1 Réamhrá

Rinne na múinteoirí nua-cháilithe rátáil ar chomh maith is d'ullmhaigh a gcúrsaí oideachais múinteoireachta iad do chúig ghné den mhúinteoireacht. Seo iad na gnéithe a bhí i gceist

- pleanáil agus ullmhúchán;
- difreálú sa phleanáil agus san ullmhúchán do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu;
- taifead ar dhul chun cinn in aghaidh na míosa;
- bainistíocht agus riailbhéas sa seomra ranga; agus
- leagan amach agus eagrú an tseomra ranga.

Tugtar torthaí na taighde – na freagraí a thug múinteoirí nua-cháilithe sna ceistneoirí – sa chaibidil seo, chomh maith le hanailís ar thuairimí agus ar rátálacha measúnaithe na gcigirí a bhí páirteach sa phróiseas promhaidh, i leith gach ceann de na gnéithe seo.

5.2 Díriú ar phleanáil, ar bhainistíocht agus ar eagrú an tseomra ranga

5.2.1 Pleanáil, ullmhúchán agus taifeadadh ar dhul chun cinn

Ceann de na tascanna is dúshlánai a bhíonn le déanamh ag múinteoirí nua-oilte ná gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil a dheimhneoidh go mbeidh teacht ag daltaí ar shnáitheanna agus ar shnáith-aonaid an churaclam. Cabhraíonn pleanáil chruinn le múinteoirí taithí foghlama a chur ar fáil do dhaltaí, taithí atá

- leathan, cothrom agus a oireann do thaithí saoil na ndaltaí,
- difreálaithe do chumas na ndaltaí dul i mbun na gníomhaíochta, agus an coincheap nó na scileanna a fhoghlaim,
- forásach, i dtreo go gcuirfidh na daltaí lena stór eolais agus scileanna ar luas atá de réir a stíle foghlama agus a gcumais aonair,
- bunaithe ar shainaidhmeanna foghlama i ngach achar den churaclam, chun a dheimhniú go bhfuil an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim dírithe ar chuspóirí cinnte atá leagtha amach go cruinn.

I dtús gach téarma, caitheann múinteoirí nua-cháilithe plean fadtéarmach a leagan amach dá gcuid daltaí i ngach réimse den churaclam, plean atá bunaithe ar riachtanais éagsúla foghlama na ndaltaí. Ullmhaítear mionphlean seachtainiúil freisin, chun tacú leis an bpleanáil fhadtéarmach; rianaíonn plean

na seachtaine an saintaithí fhoghlama i ngach réimse den churaclam. Leagtar amach sainaidhmeanna sna pleananna seachtainiúla, rud a chabhraíonn leis an múinteoir na torthaí foghlama a aithint ar féidir meastóireacht a dhéanamh orthu trí bhreathnadóireacht an mhúinteora i ndeireadh gach aonaid oibre, nó trí thrialacha agus tascanna a dhearann an múinteoir féin ag céimeanna éagsúla i rith gach téarma. Ba chóir na sainaidhmeanna foghlama, na modhanna múinte agus na háiseanna a úsáidtear a léiriú.

Chomh maith le pleanáil a sholáthar i scríbhinn dá gcuid múinteoireachta, caitheann múinteoirí nua-cháilithe, thairis sin, pleanáil a dhéanamh do sholáthar áiseanna: acmhainní coincréideacha, leas a bhaint as an timpeallacht, úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus acmhainní scríofa mar leabhair saothair, leathanaigh saothair, agus téacsleabhair.

Scil chasta dhúbhshlánach mhúinteoireachta í an phleanáil do riachtanais foghlama na ndaltaí go léir; gné lárnach de ról proifisiúnta an mhúinteora is ea í. Chun pleanáil a dhéanamh don difreálú, ní mór don mhúinteoir gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh agus a eagrú a dhéanfaidh freastal ar réimse riachtanas na ndaltaí atá sa rang aici/aige. Le difreálú a dhéanamh ar an gcuraclam, caithfidh an múinteoir ábhar, gníomhaíochtaí, modhanna agus acmhainní a roghnú a oireann do réimse riachtanas foghlama, do thaithe agus do raon suime na ndaltaí. Ní mór don mhúinteoir a fháil amach go cinnte cad tá foghlamtha cheana ag an dalta sa réimse sin, meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal eolais, scileanna agus tuisceana an dalta faoi láthair, agus cinneadh a dhéanamh faoin slí is fearr a rachaidh an dalta chun cinn ina chuid foghlama.

5.2.2 Eagrú agus leagan amach an tseomra ranga

Soláthraíonn Curaclam na Bunscoile (1999) an-chuid treorach faoi eagrú an tseomra ranga. Fachtóir tábhachtach i spreagadh daltaí chun foghlama is ea seomra ranga geal, eagraithe, a dhéanann ceiliúradh ar an oideachas. Sa mheasúnú a rinne siad ar eagrú agus leagan amach an tseomra ranga, chuir na cigirí san áireamh an cúram a bhí déanta ag múinteoirí nua-cháilithe de na gnéithe seo a leanas den obair:

- spás glan dea-eagraithe oibre soláthraithe dóibh féin agus dá ndaltaí, gan aon ní iomarcach ann,
- deascanna/boird agus cathaoireacha na ndaltaí eagraithe ar shlí a éascódh foghlaim i ngrúpaí agus idirghníomhaíocht thairbheach i measc na ndaltaí,
- deimhin déanta de go raibh radharc maith ag na daltaí go léir ar chláracha dubha, ar chairteanna agus ar thaispeántais,
- pleanáil déanta i dtreo go mbeadh teacht ag na daltaí go léir ar áiseanna agus ar ionaid stórála agus
- ionaid foghlama agus fhionnachtana eagraithe, mar shampla, cúinne leabharlainne, bord fionnachtana, bosca cultacha, bosca gainimh agus limistéar fliuch.

Thuairiscigh na cigirí freisin gur ghá do chuid de na múinteoirí nua-cháilithe pleanáil a dhéanamh d'úsáid acmhainní foghlama agus iad a úsáid go cúramach. Mhol siad go soláthródh na múinteoirí timpeallacht a mbeadh raidhse cló inti, spreagthaigh oiriúnacha radhairc, agus teacht gan dua ar theicneolaíocht eolais agus chumarsáide agus ar acmhainní coincréideacha.

5.2.3 Bainistíocht agus riailbhéas sa seomra ranga

Mar gheall ar a chasta atá saol na scoile agus saol an tseomra ranga, tá gá i gcónaí le hairdeall agus dianchúram chun obair agus súgradh líonta móra daltaí a reáchtáil. Má tá múinteoirí le cabhrú lena gcuid daltaí fás aníos ina ndaoine aonair, a bhfuil féinsmacht agus freagracht le sonrú ar a n-iompar, chuige sin tá géarghá le bainistíocht éifeachtach agus riailbhéas oiriúnach sa

seomra ranga. Cabhraíonn an múinteoir éifeachtach lena c(h)uid daltaí scileanna a fhorbairt le bheith ina mbaill de ghrúpa, bheith páirteach lena gcomhdhaltaí i gcur aidhmeanna an ranga i gcrích, agus i dteacht chun tuisceana ar an gcineal áite í scoil agus na coinníollacha a bhaineann le saol na scoile, chomh maith le tuiscint ar eagrú ama, oibre agus ábhar.

Tá sé d'iallach ar gach scoil, faoi reir rannóg 23 den Acht (Leasa) Oideachais (2000) cód iompair a ullmhú; tugann Ciorclán 20/90 (DES) treoir do scoileanna maidir lena gcód iompair agus smachta a ullmhú. Tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí an cód iompair a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga agus i dtimpeallacht na scoile, ar bhealach cothrom, éifeachtach, seasmhach. Tá sé de dhualgas ar an bpríomhoide deimhin a dhéanamh de go dtuigeann gach uile mhúinteoir a f(h)reagracht i leith an smachta sa scoil. Sa ghné seo de reáchtáil na scoile, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfadh an príomhoide agus baill eile den fhoireann tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe i bhfeidhmiú chód iompair na scoile.

5.3 Tuiscintí a bhaineann le pleanáil, le bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga

Léiríonn Tábla 5.1 an rátáil a rinne múinteoirí nua-cháilithe ar chomh maith (nó eile) a ullmhaíodh iad do na cúig ghné den mhúinteoireacht atá á bplé sa chaibidil seo.

Cé chomh maith, dar leat, a d'ullmhaigh do chúrsa oiliúna mar mhúinteoir thú do na gnéithe seo a leanas den mhúinteoireacht i rith na bliana promhaidh seo?				
	Ullmhú an-lag	Ullmhú lag	Ullmhú maith	Ullmhú an-mhaith
Pleanáil agus ullmhúchán	2%	9%	53%	36%
Difreálú do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu ó thaobh pleanála agus ullmhúcháin	3%	43%	48%	6%
An cuntas míosúil	11%	45%	35%	9%
Leagan amach agus eagrú an tseomra ranga	5%	24%	52%	19%
Bainistíocht agus riailbhéas sa seomra ranga	2%	19%	61%	18%

Tábla 5.1

Bhraith formhór na múinteoirí nua-cháilithe gur ullmhaigh a gcúrsa tosaigh múinteoireachta go maith nó go han-mhaith iad chun pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh dá gcuid múinteoireachta, chun iompar na ndaltaí a ionramháil agus chun a seomra ranga a leagan amach agus a eagrú mar thimpeallacht mhúinteoireachta agus foghlama. Léiríonn tábla 5.2 na gnéithe den mhúinteoireacht ar laige a bhraith na múinteoirí nua-cháilithe ullamh ina gcomhair. Taispeántar na rátálacha ón gceann ba mheasa síos.

Na gnéithe den mhúinteoireacht ar laige a bhraith na múinteoirí nua-cháilithe ullamh ina gcomhair		Rátáil Dhiúltach
1.	Taifead míosúil ar dhul chun cinn	56%
2.	Difreálú do dhaltáí a bhfuil riachtanais bhreise acu ó thaobh pleanála agus ullmhúcháin	46%
3.	Leagan amach agus eagrú an tseomra ranga	29%
4.	Bainistíocht agus riailbhéas sa seomra ranga	21%
5.	Pleanáil agus ullmhúchán	11%

Tábla 5.2

5.4 Measúnacht na gcigirí ar phleanáil, ar bhainistíocht agus ar eagrú an tseomra ranga

5.4.1 Measúnacht ar phleanáil, ar ullmhúchán agus ar thaifead ar dhul chun cinn

Deineadh rátáil dheimhneach go ginearálta ar phleanáil, ar ullmhúchán agus ar thaifead ar dhul chun cinn. De réir tuairiscí na gcigirí, léirigh 70 faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe cleachtas cumasach sna gnéithe seo, agus beagnach naoi faoin gcéad acu sin ag uasleibhéal cleachtais.

Measúnacht ar obair na múinteoirí: Pleanáil, ullmhúchán agus taifead ar dhul chun cinn	
Deacrachtaí suntasacha le sonrú	1%
Gnéithe le forbairt	29%
Cleachtas cumasach	61%
Barrleibhéal cleachtais	9%

Tábla 5.3

Bhí deacrachtaí suntasacha nó gnéithe le forbairt le sonrú ar an bpleanáil agus ar an ullmhúchán a rinne 30 faoin gcéad de na múinteoirí dá gcuid oibre. Sna cásanna seo, chuir na cigirí eolas níos mine ar fáil faoi na deacrachtaí seo faoi sé cheanteideal a liostálar thíos.

- Soiléire na n-aidhmeanna múinteoireachta, idir fhadtéarmach agus ghearrthéarmach
- Oiriúnacht na n-aidhmeanna: a mhéid a thagraítear do churaclam na bunscoile (agus ceann á thógail de na bunphrionsabail ar a bhfuil sé tógtha) agus tagairtí don phlean scoile chomh maith
- Raon agus oiriúnacht acmhainní
- Soláthar do dhifríochtaí cumais i measc na ndaltaí
- Caighdeán agus éifeacht na dtaifead ar dhul chun cinn

- Sásúlacht an tráthchláir ranga, de réir an íosmhéid ama nach mór a dháileadh ar achair éagsúla den churaclam in aghaidh na seachtaine

Bhí deacrachtaí ag formhór na múinteoirí nua-cháilithe in dhá cheann nó níos mó de na gnéithe sin den phleanáil agus den ullmhúchán. Easpa soiléire maidir le haidhmeanna na múinteoireachta an laige ba choitianta ar fad a bhí le sonrú.

5.4.2 Anailís ar thuairimí measúnachta na gcigirí faoi phleanáil, faoi ullmhúchán agus faoi thaifead ar dhul chun cinn

Pleanáil ranga – soiléire na n-aidhmeanna múinteoireachta

Fuarthas go raibh 70 faoin gcéad de na múinteoirí nua ag pleanáil agus ag ullmhú go cumasach dá gcuid oibre. Go deimhin bhí 9 faoin gcéad acu seo á dhéanamh ag barrleibhéal cleachtais. Bhí tuairimí an-deimhneach ag na cigirí faoi phleanáil ranga na múinteoirí seo. Mar shampla:

Tá an phleanáil fhadtéarmach agus an phleanáil ghearrthéarmach a dhéanann an múinteoir seo ar fheabhas agus na mionchuntais ar dhul chun cinn chomh maith céanna. Tá ardmholadh ag dul dá struchtúr pleanála agus is léir go bhfuil an-tuiscint aici ar phrionsabail agus ar struchtúr an churaclaim.

Tá an phleanáil fhadtéarmach agus an phleanáil ghearrthéarmach an-mhaith. Is é an curaclam an príomhacmhainn pleanála ag an múinteoir agus déanann sí pleanáil éifeachtach do raon leathan áiseanna oiriúnacha. Ina cuid doiciméad pleanála, leagann sí amach aidhmeanna oiriúnacha ábhair le baint amach agus amchlár lena dhéanamh. Leagann sí amach modhanna meastóireachta go soiléir sa phleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a dhéanann sí.

Na múinteoirí nua-cháilithe a raibh deacrachtaí acu leis an ullmhúchán dá gcuid múinteoireachta, moladh dóibh sainaidhmeanna as an gcuraclam a chur sa phleanáil ghearrthéarmach. I gcuid mhaith de na cásanna seo, bhí an phleanáil a rinne na múinteoirí bunaithe ar théacsleabhair na ndaltaí. Áit ar mar seo a bhí, ba mhinic a fuair na cigirí amach gur bheag béim a bhí ar fhorbairt coincheapanna agus scileanna ar bhealach struchtúrtha agus gur bheag soláthar a bhí a dhéanamh do leanúnachas agus dul chun cinn. Mar shampla:

Moltar don mhúinteoir a cuid oibre a phleanáil agus a chur i ngníomh de réir na n-aidhmeanna ábhair do rang a ceathair agus béim a leagan ar fhorbairt na scileanna agus na gcoincheapanna oiriúnacha.

I gcásanna áirithe d'ullmhaigh múinteoirí pleananna fadtéarmacha agus pleananna gearrthéarmacha nach raibh bunaithe ar an gcuraclam do na hachair éagsúla ábhair. I gcásanna eile, fuair na cigirí amach go raibh sainaidhmeanna á n-athlua sa phleanáil ghearrthéarmach ó sheachtain go chéile agus nach raibh fianaise ar bith ann go raibh réimse leathan scileanna á bhforbairt ag na daltaí ná go raibh béim á leagan mar ba chóir ar dhul chun cinn agus ar leanúnachas. Bhí beagán múinteoirí ann a d'ullmhaigh cláir sheachtainiúla nach raibh aon ghaol soiléir ag na haidhmeanna a luadh iontu leis an meid a bhí á mhúineadh. Fuair na cigirí amach freisin go raibh pleanáil déanta ag cuid de na múinteoirí d'ábhair áirithe in aghaidh na seachtaine, ach nár soláthraíodh pleananna go rialta do gach achar den churaclam, mar shampla teanga labhartha nó ceol. Tá an phleanáil bhearnach seo i gceist sna tuairiscí seo a leanas:

Soláthraíonn an múinteoir seo pleananna seachtainiúla dá chuid oibre, ach tá achair den churaclam nach bhfuil i gceist ina phlean fadtéarmach. Luaitear aidhmeanna áirithe i

bpleananna gearrthéarmacha an mhúinteora, ach níl ceangal cinnte acu leis an gcuraclam, rud a mbíonn múinteoireacht gan treoir agus foghlaim fhánach mar thoradh air. Tá cuid mhaith den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim bunaithe ar an téacsleabhar agus caitheann na daltaí tréimhsí fada i mbun gníomhaíochtaí páipéar-bhunaithe.

Fuair beagán cigirí amach go raibh roinnt bheag múinteoirí ann nach raibh tuiscint cheart acu ar ábhar na gceachtanna a bhí á múineadh. I seomra ranga amháin, ní raibh ach eolas éadaingean ag an múinteoir ar an ábhar in achair éagsúla den churaclam:

I rith na cuairte cigireachta, tháinig sé chun solais go soiléir nach raibh dóthain tuisceana ná eolais ag an múinteoir ar an ábhar a bhí sí ag iarraidh a mhúineadh sna réimsí seo: Gaeilge, Béarla, matamaitic, tíreolaíocht agus ceol.

Réimse agus oiriúnacht acmhainní

D'éirigh le formhór na múinteoirí nua-cháilithe réimse acmhainní a sholáthar chun tacú leis na ceachtanna a bhí beartaithe. I gcuid mhaith ranganna chuir na múinteoirí cairteanna ar fáil, nó cártaí oibre a dheilbhí siad féin agus d'eagraigh siad na seomraí ranga ar shlí go mbeadh teacht ag na daltaí ar na hábhair a bheadh ag teastáil le haghaidh ceachtanna éagsúla.

Tá timpeallacht fhoghlama atá an-spreagúil cruthaithe ag an múinteoir. Tá achair áirithe den seomra ranga leagtha amach le haghaidh gnéithe éagsúla den churaclam; tá grianghrafanna a léiríonn cuid den obair a dhein na daltaí in ábhair áirithe curtha ar taispeáint agus tá na spásanna oibre go néata, agus eagar orthu.

Bhí mionlach beag de na múinteoirí nua (níos lú ná 10 faoin gcéad), áfach, nach raibh ullmhú sásúil déanta acu do na ceachtanna a bhí le múineadh. Níor úsáid siad áiseanna amhairc ná áiseanna coincreideacha go hoiriúnach chun tacú leis an múinteoireacht nó leis an bhfoghlaim, nó mar dhaingniú orthu. Tuairiscíodh go minic gur chloígh na múinteoirí seo go dlúth leis na téacsleabhair agus leo sin amháin, chun tacú lena gcuid múinteoireachta. Léiríonn an tuairisc seo a leanas cás inar úsáid múinteoir raon teoranta acmhainní:

Ní dhearna an múinteoir seo ach iarracht an-lag ar leibhéal oiriúnach ábhar maith léirithe a sholáthar chun tacú leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim. Ba chóir go n-úsáidfí an múinteoir an téacsleabhar go díreach mar áis agus mar thaca, seachas mar bhonn leis an gceacht.

Soláthar do dhifriochtaí cumais i measc daltaí

Fuair na cigirí amach go ndearna formhór na múinteoirí nua-cháilithe soláthar do na leibhéil éagsúla cumais i measc na ndaltaí ina seomraí ranga. Mar seo a rinne cigire amháin cur síos air:

Déanann an múinteoir seo ullmhú praiticiúil sár-mhaith dá cuid oibre. Úsáideann sí raon leathan modhanna suimiúla múinteoireachta agus raidhse áiseanna ina cuid múinteoireachta. Tá an-obair ar siúl ina seomra ranga agus na gníomhaíochtaí foghlama curtha in oiriúint do leibhéal éagsúla cumais na ndaltaí. Déanann sí bainistíocht éifeachtach ar na grúpaí éagsúla foghlama agus déanann sí deimhin de go n-oireann an t-ábhar curaclaim a mhúineann sí d'aois agus do leibhéal chumas na ndaltaí atá sa rang aici.

Fuarthas go raibh deacrachtaí sonracha ag mionlach beag de na múinteoirí (níos lú ná 10 faoin gcéad acu) leis an ngné seo den obair. Luaigh na cigirí an léitheoireacht Bhéarla go háirithe mar achar den churaclam nach raibh difreálú oiriúnach déanta ann. In an-chuid ranganna, bhí na daltaí go léir ag léamh an téacs chéanna, gan a gcumais éagsúla léitheoireachta agus tuisceana a bheith curtha san áireamh in aon chor. I roinnt éigin seomraí ranga thug na múinteoirí ábhar léitheoireachta do na daltaí a bhí i bhfad ró-dheacair dóibh, agus i gcásanna eile, ní raibh dushlán a ndóthain san ábhar a bhí á léamh ag na leanaí ba mhó cumas. Na tuairimí a bhí ag na cigirí faoin difreálú, ba thuairimí leathana ginearalta iad, mar a léirítear anseo thíos:

Tá cuid mhaith den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim bunaithe ar an leabhar saothair agus caitheann na daltaí a lán ama i mbun gníomhaíochtaí páipéar-bhunaithe. Tá deacrachtaí sonracha ag an múinteoir maidir le difreálú a dhéanamh ar an gcuraclam do na daltaí atá sa rang aige. Go deimhin, is minic a fhágtar na daltaí i Rang 3 gan obair ar bith le déanamh acu ar feadh tréimhsí fada ama agus na tascanna a thugtar le déanamh dóibh, níl siad dúshlánach a ndóthain. Is beag fianaise atá ann go bhfoghlaímíonn na daltaí trí thaithí phraiticiúil ar áiseanna coinchréideacha: chun léiriúcháin den chuid is mó a úsáidtear iad seo, seachas ligean do na daltaí iad a láimhseail agus a ionramháil.

Caighdeán agus éifeacht na dtaifead ar dhul chun cinn

Choinnigh formhór na múinteoirí nua cuntais mhíosúla ar an obair a bhí déanta acu len a ranganna. Bhí an-éagsúlacht chaighdeáin sna taifid seo, áfach. Ag an leibhéal cumasach, rianaigh cuid de na múinteoirí na sainaidhmeanna a cuireadh i ngníomh i rith na míosa agus thug siad torthaí na meastóireachta, ag nascadh na múinteoireachta le torthaí foghlama. I roinnt cásanna eile thug an múinteoir toradh a m(h)acnaimh ar dhul chun cinn na ndaltaí agus ar an bhforbairt a bhí déanta ar a m(h)odhanna múinte féin.

Bhí raon moltaí ag na cigirí do na múinteoirí ina leith seo:

- cuntais mhíosúla a sholáthar
- sainaidhmeanna foghlama a cuireadh i ngníomh i rith na míosa a chur sa chuntas míosúil, agus
- athbhreithniú ar thorthaí foghlama na ndaltaí a chur san áireamh freisin.

Sásúlacht an tráthchlár ranga

Bhí deacrachtaí ag cuid bheag de na múinteoirí nua (níos lú ná cúig faoin gcéad acu) maidir le tráthchlár ranga a ullmhú agus cloí leis. Mhol na cigirí go rachadh múinteoirí nua i dtaithe ar an méid ama a bhí dlite do gach achar den churaclam in aghaidh na seachtaine, agus go gcloífídís leis na treoirlínte sin. Múinteoirí a bhí freagrach as ranganna cumaisc (níos mó ná leibhéal ranga amháin iontu), is acu sin go háirithe a bhí an deacracht ba mhó le pleanáil do gach leibhéal ranga.

Moltar don mhúinteoir an tráthchlár a athdhreachtadh i dtreo go mbeidh am cinnte ann d'fhorbairt na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta Gaeilge agus Béarla, agus DEAR (Drop Everything and Read) a dhéanamh níos déanaí sa lá.

5.4.3 Measúnú ar bhainistíocht agus ar eagrú an tseomra ranga

Bhraith suas le trian de na múinteoirí nua-cháilithe (29 faoin gcéad acu) nár ullmhaigh a gcúrsa oideachais mhúinteoireachta go sásúil iad do bhainistíocht agus eagrú an tseomra ranga. Mar sin féin léiríonn tuairiscí na gcigirí go bhfuair siad cleachtas sásúil nó níos fearr, maidir le bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga ag 86 faoin gcéad de na múinteoirí. Ba léir do na cigirí gur éirigh le formhór mór na múinteoirí atmaisféar deimhneach a chruthú agus a chothú sa seomra ranga. Mar shampla:

Baineann cuid mhaith de na daltaí sa rang seo le teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíochta agus oideachais. Tá an múinteoir socair agus tacúil agus tá éirithe léi leibhéal ard measa ar a chéile agus leibhéal ard féinsmachta a chothú nach raibh le sonrú i dtosach na bliana. Tá sí tiomnaithe dá cuid oibre agus tá sé curtha roimpi aici difríocht a dhéanamh i saol an ghrúpa daltaí seo.

Fuarthas go raibh na múinteoirí nua ar fad, beagnach, caoin agus tacúil leis na daltaí agus go raibh timpeallachtaí foghlama cruthaithe acu a raibh na daltaí slán sábhailte iontu agus muinín acu astu féin. Tuairiscíodh i gcás amháin go raibh

caidreamh iontach ag an múinteoir leis na daltaí atá sa rang aici. Bíonn sí ag súil leis an gcaighdeán is airde uathu agus déanann siad dá réir sin. Tá dea-eagar ar an seomra ranga agus tá clár deimhneach seasmhach iompair i bhfeidhm.

Chruthaigh formhór na múinteoirí nua seomraí ranga dea-eagraithe, rinne siad monatóireacht chumasach ar imoibriú na ndaltaí, d'fhéach siad go cuí chuig luas a gceachtanna agus bhain siad úsáid mhaith as moladh agus aiseolas deimhneach.

Múinteoir an-éifeachtach í seo a dhéanann sár-ullmhú ar a cuid oibre. Tá béas an-taitneamhach aici leis na daltaí agus déanann siad comhoibriú go fonnmhar léi. Tá teicnící maithe ceistiúcháin in úsáid aici agus déantar monatóireacht chúramach ar obair agus ar iompar na ndaltaí.

Taispeántar i dTábla 5.4 anailís na rátálacha measúnachta a bhí i dtuairisc na gcigirí i leith bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga. Bhíodhas den tuairim go raibh deacracht éigin ag ceathair déag faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe le bainistíocht agus eagrú a gcuid seomraí ranga.

Measúnú ar obair na múinteoirí: Bainistíocht agus eagrú an tseomra ranga	
Deacrachtaí suntasacha le sonrú	1%
Gnéithe le forbairt	13%
Cleachtas cumasach	79%
Barrleibhéal cleachtais	7%

Tábla 5.4

Sholáthraigh na cigirí mioneolas breise ar na saindeacrachtaí a bhí ag na múinteoirí seo faoi cheithre theideal:

- Riailbhéas agus iompar maith a chur chun cinn
- Tarraingteacht ghinearálta na timpeallachta (leagan amach, caighdeán na dtaispeántas – obair na ndaltaí agus lárionaid suime san áireamh)
- Insroichteacht agus úsáid acmhainní
- Béas caoin cneasta leis na daltaí; úsáid a bhaint as moladh agus as aiseolas deimhneach.

Riailbhéas agus iompar maith a chur chun cinn

Ag pointe na gearrthuirisce sa bhliain phromhaidh, fuarthas go raibh deacrachtaí ag cúig faoin gcéad de na múinteoirí nua ó thaobh riailbhéas agus iompar maith a chur chun cinn. Fuarthas go raibh deacracht ag cuid acu á gcur féin in iúl sa rang, deacracht le suim na ndaltaí a choinneáil sa cheacht, le modhanna idirghníomhacha múinteoireachta agus comhoibriú i ngrúpaí a úsáid, nó le heagrú an ama mhúinteoireachta agus fhoghlama go héifeachtach. Léiríonn an tuairisc seo a leanas ó chigire amháin an pointe seo:

Tá an múinteoir seo á cur féin in iúl go sásúil sa seomra ranga de réir a chéile, ach caithfidh sí bheith níos daingne ina straitéisí chun suim na ndaltaí a ghnóthú agus a choinneáil. Ba chóir di an méid ama a chaitheann sí ag tosú ar an gceacht a laghdú agus deimhin a dhéanamh de go dtugann sí a ceart do gach céim den cheacht. Cabhróidh pleanáil mhaith ghearrthéarmach leis an bpróiseas seo.

Tarraingteacht ghinearálta na timpeallachta

Rinne múinteoirí nua go ginearálta eagrú agus bainistíocht éifeachtach ar an timpeallacht ábhartha mhúinteoireachta. D'eagraigh siad ábhair, téacsanna agus áiseanna eile go sábháilte agus go héifeachtach agus bhí a gcuid seomraí ranga geal agus tarraingteach. Tuairiscíodh deacrachtaí i gcás níos lú ná cúig faoin gcéad de na ranganna a ndearnadh measúnú orthu. Rinne na cigirí na moltaí seo a leanas do na múinteoirí:

- soláthraigh timpeallacht a bhfuil raidhse chló inti,
- atheagraigh an troscán chun achair fhoghlama agus mhúinteoireachta níos úsáidí a chruthú,
- soláthraigh boird taighde agus boird dúlra,
- eagraigh achair neamhspleácha fhoghlama sa seomra ranga, mar shampla, cúinne léitheoireachta, cúinne scríbhneoireachta, bord matamaitice, limistéar súgartha,
- cruthaigh timpeallachtaí atá níos tarraingtí trí obair na ndaltaí a chur ar taispeáint agus trí áiseanna coinchréideacha idirghníomhacha a sholáthar do na daltaí,
- eagraigh an seomra ranga ar shlí go mbeidh an múinteoir in ann gluaiseacht timpeall go réidh i measc na ngrúpaí éagsúla daltaí, agus go mbeidh na daltaí in ann an clár dubh agus an múinteoir a fheiceáil gan dua,
- bain úsáid go rialta agus go héifeachtach as teicneolaíocht eolais agus chumarsáide sa mhúinteoireacht.

Insroichteacht agus úsáid acmhainní

Bhí soláthar sásúil áiseanna agus acmhainní i bhformhór na seomraí ranga. I roinnt bheag de na seomraí, áfach, ní raibh úsáid oiriúnach á bhaint as na hacmhainní seo. Mhol na cigirí do mhúinteoirí níos mó úsáid a bhaint as ábhair choinchréideacha sna ceachtanna matamaitice, eolaíochta, tíreolaíochta agus ceoil. Mhol siad go ndéanfadh múinteoirí léitheoireacht shamplach do na daltaí agus go ndéanfaidís éascaíocht ar ghafacht na ndaltaí le leabhair. Díríodh aird na múinteoirí air go gcaithfí bainistíocht chúramach a dhéanamh ar áiseanna a bhí á roinnt le múinteoirí eile agus gur chóir na háiseanna a bheadh ag teastáil do cheacht ar bith a bheith ar fáil sa seomra ranga roimh thús an cheachta sin.

5.5 Tatal

Fuarthas go raibh cumas sásúil ag múinteoirí nua-cháilithe i raon leathan achar den mhúinteoireacht. Rinne breis is dhá dtrian acu pleanáil agus ullmhú éifeachtach dá gcuid múinteoireachta. Bhí deacrachtaí ag beagnach trian acu, áfach, maidir le pleanáil sheasmhach fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a dhéanamh agus maidir le prionsabail an churaclaim a fhí isteach san obair a bhí á pleanáil. Bhí deacracht ag roinnt bheag múinteoirí le hullmhú tráthchláir, le difreálú a dhéanamh do leibhéil éagsúla cumais, nó le coinneáil taifead ar dhul chun cinn.

D'aithin múinteoirí nua-cháilithe iad féin go raibh laigí ina gcumas chun difreálú a dhéanamh do dhaltaí a bhí ar leibhéil éagsúla cumais. Bhraith breis is leath de na múinteoirí a bhí páirteach sa suirbhé nár ullmhaíodh go sásúil iad chun cuntais mhíosúla ar dhul chun cinn a choinneáil. Dúirt an deichniú cuid acu nár ullmhaíodh go maith iad chun pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh dá gcuid múinteoireachta.

I gcás níos mó ná ceithre chúigiú de na múinteoirí, bhí cleachtas cumasach le sonrú ar bhainistíocht agus ar eagrú a gcuid seomraí ranga, agus mhol na cigirí obair na múinteoirí sna réimsí seo. Bhí roinnt bheag múinteoirí ann (14 faoin gcéad acu) a raibh deacracht acu le riailbhéas maith a chur i bhfeidhm, le timpeallacht tarraingteach a eagrú sa seomra ranga, le bainistíocht a dhéanamh ar úsáid acmhainní, nó le moladh agus aiseolas deimhneach a úsáid. Is díol suime é gur thug beagnach trian de na múinteoirí nua-cháilithe rátáil dhiúltach don ullmhú a bhí déanta orthu sa chúrsa oiliuna chun timpeallacht fhoghlama a eagrú ina seomraí ranga. Ábhar inní don chúigiú cuid acu nó mar sin ba ea a n-ábaltacht ar iompar na ndaltaí agus fadhbanna riailbhéasa a ionramháil.

Caibidil a Sé

Éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama ar fud an churaclaim

6.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, tugtar an rátáil a rinne múinteoirí nua-cháilithe ar éifeacht an ullmhúcháin a rinneadh orthu sna cúrsaí oideachais mhúinteoireachta do thrí ghné eile den mhúinteoireacht:

- eolas ar an gcuraclam agus ar a fheidhmiú,
- gafacht agus gnóthachtáil na ndaltaí, agus
- monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí.

Tugann an chaibidil anailís freisin ar thuairiscí sealadacha na gcigirí, tuairiscí a scríobhadh sa chéad leath den bhliain phromhaidh, ar na trí ghnéith den mhúinteoireacht a luadh thuas. Cé go ndearna cigirí an tsuirbhé seo tráchttaireacht áirithe ar fhoghlaim daltaí sna tuarascálacha eatramhacha, is ar scileanna peadagógacha oidí nua is géire a díríodh aird. Ba mhó a bhain moltaí agus comhairle na gcigirí le cumas na n-oidí ná le cáilíocht fhoghlaim na ndaltaí.

6.2 Díriú ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim ar fud an churaclaim

Obair chasta í an mhúinteoireacht, a éilíonn ardleibhéal eolais agus raon leathan scileanna múinteoireachta agus cáilíochtaí pearsanta. Chun múinteoireacht éifeachtach a dhéanamh ní mór do mhúinteoirí a thuiscint conas a fhoghlaimíonn daltaí agus conas a fhorbraíonn siad. Tig le múinteoirí cumasacha réimse leathan gníomhaíochtaí múinteoireachta a phleanáil a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta. Ní mór do mhúinteoirí tuiscint mhaith a bheith acu ar choincheapanna agus ar ghnéithe praiticiúla na n-ábhar atá á múineadh acu. Éiríonn le múinteoirí éifeachtacha gníomhaíochtaí foghlama a úsáid ar bhealach struchtúrtha. Spreagann siad daltaí agus cothaíonn siad a ngafacht san fhoghlaim trí cheachtanna a dhearadh atá ilghnéitheach, suimiúil agus dúshlánach. Déanann múinteoirí cumasacha meastóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí i dtreo spriocanna foghlama atá leagtha amach acu agus éiríonn leo a gcuid múinteoireachta a oiriúnú do riachtanais daltaí aonair. Déanann múinteoirí machnamhacha anailís ar a gcleachtas: déanann siad athbhreithniú ar éifeacht a gcuid pleanála, iniúchann siad éifeacht na foghlama atá á dhéanamh ag na daltaí, agus bíonn tionchar ag an eolas seo ar a gcuid múinteoireachta ina dhiaidh sin.

Éifeacht na foghlama an phríomhghné den obair a ndéanann cigirí measúnú urithi. Téann sin i bhfeidhm go tréan ar an bhfoghlaim a dhéanann daltaí agus ar éifeacht ghinearálta na scoile mar eagrais múinteoireachta agus foghlama.

6.3 Tuairimí faoi éifeacht na múinteoireachta agus na foghlama

Taispeánann Tábla 6.1 na rátálacha a rinne na múinteoirí nua-cháilithe i leith na dtrí ghné den mhúinteoireacht a phléitear sa chaibidil seo.

Cé chomh maith, dar leat, a d'ullmhaigh do chúrsa oideachais mhúinteoireachta thú do na gnéithe seo a leanas den mhúinteoireacht i rith na bliana promhaidh seo?				
N=192	Ullmhú an-lag	Ullmhú lag	Ullmhú maith	Ullmhú an-mhaith
Eolas ar an gcuraclam agus ar a fheidhmiú	0%	6%	47%	47%
Gafacht agus gnóthachtáil na ndaltaí	0 %	13%	65%	22%
Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí	3%	20%	58%	19%

Tábla 6.1

Tugann Tábla 6.2 na torthaí in ord, ón rátáil ba mheasa (an ghné den mhúinteoireacht ba lú ar bhraith na freagróirí go raibh siad ullamh ina comhair) síos.

Na gnéithe den mhúinteoireacht ba lú ar bhraith múinteoirí nua go raibh siad ullamh ina gcomhair		
Gnéithe den mhúinteoireacht		Rátáil dhiúltach
1	Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí	23%
2	Gafacht agus gnóthachtáil na ndaltaí	13%
3	Eolas ar an gcuraclam agus ar a fheidhmiú	6%

Tábla 6.2

6.4 Measúnú na gcigirí ar éifeacht na múinteoireachta

Tá sé le tuiscint ó athbhreithniú ar thuairiscí na gcigirí go raibh múinteoireacht éifeachtach á dhéanamh ag beagnach dhá dtrian de na múinteoirí (65 faoin gcéad acu) ar fud na n-achar éagsúla den churaclam ach gur bhraith na cigirí go bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar thrian den mhúinteoireacht a chonaic siad.

Measúnú ar obair na múinteoirí: Éifeacht na múinteoireachta in achair éagsúla an churaclaim	
Deacrachtaí suntasacha le sonrú	1%
Gnéithe le forbairt	34%
Cleachtas cumasach	62%
Barrleibhéal cleachtas	3%

Tábla 6.3

Aon áit a bhfuair na cigirí amach go raibh deacrachtaí ag oidí ag múineadh ábhar áirithe, rinne siad moltaí sainiúla agus chuir siad comhairle ar oidí i sé achar. Tá na hachair sin liostaithe thíos in ord na minicíochta ar thrácht cigirí orthu agus déantar plé níos mine orthu in ailt eile thíos.

- Éagsúlacht agus oiriúnacht na modhanna múinteoireachta: foghlaim lán-ranga, foghlaim i ngrúpaí, nó foghlaim aonair
- Struchtúr agus luas na gceachtanna
- Nósanna imeachta don mheastóireacht, agus monatóireacht agus taifead na foghlama
- Dífreálú na hoibre do chumas na ndaltaí agus aird faoi leith a dhíriú ar leibhéil aire agus ar oscailteacht na ndaltaí don fhoghlaim
- Scileanna cumarsáide, e.g. ceistiúchán, míniú, freagairt, agus éifeacht na cumarsáide agus na hidirghníomhaíochta idir múinteoir agus daltaí agus daltaí lena chéile
- Aird ar leanúnachas agus dul chun cinn.

6.4.1 Anailís ar mheasúnú na gcigirí ar éifeacht na múinteoireachta

Sholáthraigh beagthuairiscí na gcigirí tuairimí measúnaithe áit a bhfuarthas go raibh deacracht ag múinteoir le gné áirithe den mhúinteoireacht. Liostáil an cigire, freisin, aon mholtaí a bhí aige/aici don mhúinteoir i dtaobh conas an mhúinteoireacht a fheabhsú. Soláthraíonn anailís ar na tuairimí agus na moltaí seo tuilleadh eolais ar na laigí ba choitianta i ranganna múinteoirí nua-cháilithe.

Éagsúlacht agus oiriúnacht na modhanna múinteoireachta: foghlaim lán-ranga, foghlaim i ngrúpaí nó foghlaim aonair

Sna ranganna ónar tuairiscíodh cleachtas cumasach, bhí modhanna éagsúla múinteoireachta in úsáid ag na múinteoirí nua-cháilithe – obair ghrúpa, modhanna gníomhaíochta agus fionnachtana, obair bheirte, tástáil, úsáid na comharsanachta, agus úsáid áiseanna coincreídeacha.

Áit a raibh deacrachtaí ag múinteoirí, thug na cigirí comhairle do mhúinteoirí nua i dtaobh conas an mhúinteoireacht a fheabhsú agus deimhin a dhéanamh de go raibh ceachtanna oiriúnacha á soláthar go héifeachtach do na daltaí. Spreag na cigirí na múinteoirí chun triail a bhaint as modhanna éagsúla múinteoireachta agus páirt níos gníomhaí a thabhairt do na daltaí ina gcuid foghlama trí úsáid a bhaint as obair i ngrúpaí. Mhol roinnt de na tuairiscí an iomarca cainte ón mhúinteoir a sheachaint agus leagadh béim ar thábhacht scileanna éisteachta a chothú sna daltaí.

Bhí raidhse moltaí ag na cigirí do na múinteoirí nua i dtaobh conas an mhúinteoireacht a fheabhsú in achar na dteangacha (Gaeilge agus Béarla). Moladh go dtabharfaí go leor deiseanna do na daltaí chun a scileanna cumarsáide a fhorbairt. Chomhairligh na cigirí do na múinteoirí nua freisin taithí a thabhairt do na daltaí ar a seal a ghlacadh agus ar pháirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí agus i ngníomhaíochtaí struchtúrtha labhartha. Moladh do na múinteoirí gníomhaíochtaí foghlama i ngrúpaí a eagrú, agus modhanna a úsáid a spreagfadh na daltaí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama agus suim mhór a bheith acu iontu, gníomhaíochtaí mar ‘am an chiorcail’, tionscadail, grinnphlé agus drámaíocht.

Struchtúr agus luas na gceachtanna

Bhí deacrachtaí ag beagán de na múinteoirí (níos lú ná 10 faoin gcéad acu) ag iarraidh struchtúr agus luas oiriúnach a choinneáil sna ceachtanna. Bhí cuid de na ceachtanna ró-mhall agus mhol na cigirí stíl cheistiúcháin níos éifeachtaí, soláthar aiseolais agus tascanna suimiúla a thabhairt le déanamh do na daltaí mar theicnící a d'fheabhsódh struchtúr agus luas na gceachtanna. Mhol siad freisin go rachadh na múinteoirí i mbun cainte le daltaí a bhfuil fadhb acu le hábhar an cheachta le linn gníomhaíochtaí, seachas iad a fhágáil ar a gconlán féin ar feadh tréimhsí fada. I gcásanna áirithe d'eagraigh múinteoirí grúpaí a bhí ró-mhór agus nár sholáthraigh deiseanna do gach dalta úsáid a bhaint as ábhair choincréideacha, réiteach a mholadh ar fhadhbanna éagsúla, nó tuairimí a roinnt le daltaí eile. Dá bhrí sin chaill cuid de na daltaí a suim sa tasc a bhí idir lámha, agus ba dheacair don mhúinteoir a ngafacht sa cheacht a athchruthú.

I gcuid de na seomraí ranga níor éirigh leis an múinteoir an t-aistriú ó ghníomhaíocht go chéile a iomramháil go réidh; i gcás daltaí óga ba é toradh a bhí air seo ná iompar toirmeascach, spadántacht, nó cailliúint suime in ábhar an cheachta. I seomraí ranga eile, caitheadh tréimhsí neamhoiriúnacha ama ar ghníomhaíochtaí éagsúla, nó ní raibh dóthain ábhair sna ceachtanna, nó bhí easpa aidhme le brath orthu.

Ní éiríonn le leibhéal agus luas na hidirghníomhaíochta a bhíonn ar siúl sa rang na daltaí a spreagadh agus ní bhíonn suim acu san fhoghlaim ar feadh cuid mhaith den am. Is beag iarracht atá déanta ag an múinteoir áiseanna léirithe ar ardchaighdeán a sholáthar chun tacú leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim. Is beag fianaise atá ann ar fhoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht agus is chun leirithe den chuid is mó a úsáidtear ábhair choincréideacha.

Nósanna imeachta don mheastóireacht agus don mhonatóireacht agus taifead na foghlama

Áit ar tuairiscíodh cleachtas maith, fuarthas gur úsáid na múinteoirí sin réimse leathan straitéisí meastóireachta chun tuiscint chruinn a fháil ar ghnóthachtáil agus ar riachtanais na ndaltaí. Bhí próifíl shoiléir curtha le chéile acu dá raibh tugtha leis ag an dalta de choincheapanna, d'eolas agus de scileanna in a lán achar den churaclam. Mar shampla, bhí an méid seo sa tuairisc ag cigire amháin:

Déanann an múinteoir pleanáil rímhaith don ghearrthéarma agus don fhadtéarma. Rianaíonn sí go grinn na modhanna meastóireachta a úsáideann sí agus soláthraíonn sí mionchuntais mhíosúla ar dhul chun cinn. Tá próifíl cruthaithe aici do gach dalta, a bhfuil taifid mheastóireachta, sceidil bhreithnithe agus samplaí d'obair an dalta inti. Coinníonn sí dialann smaointeach freisin, ina ndéanann sí taifead ar éifeacht ceachtanna atá múinte aici agus ar mhodhanna múinteoireachta a d'úsáid sí.

Luadh nósanna imeachta don mheastóireacht, chomh maith le monatóireacht agus taifead ar dhul chun cinn na ndaltaí mar ábhar imní i deich faoin gcéad nó mar sin de na tuairiscí. Tasc dúshlánach do mhúinteoirí nua-cháilithe é meastóireacht éifeachtach a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, mhol cigire amháin go dtabharfadh an múinteoir nua faoin tasc de réir a chéile, trí dhírú ar achar amháin den churaclam i dtosach agus monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí san achar sin.

Mhol na cigirí freisin go ndíreofaí aird ar mhodhanna éagsúla meastóireachta nuair atá pleanáil fhadtéarmach agus pleanáil ghearrthéarmach á ndéanamh. Moladh do mhúinteoirí naónán agus ranganna sóisearacha gearrliostaí breithnithe a úsáid agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn nuair atá an múinteoir ag éisteacht le léitheoireacht, le haithint amharcfhocal, agus ag seiceáil tascanna scríbhneoireachta. Mhol na cigirí go ndéanfadh na múinteoirí monatóireacht níos coitianta ar chóipleabhair na ndaltaí agus go soláthróidís aiseolas cabhrach, scríofa agus ó bhéal, de réir mar a oireann. Dúirt na cigirí gur chóir próifíl a choimeád ar dhul chun cinn na ndaltaí. Mhol na cigirí gur chóir do mhúinteoirí nua-cháilithe atá i mbun ranganna sinsearacha na daltaí a spreagadh chun féin-mheastóireacht a dhéanamh agus athbhreithniú ar a ngnóthachtáil in achair éagsúla den churaclam. Mar shampla, bhí an méid seo sa tuairisc ag cigire amháin:

Baineann an múinteoir feidhm as obair chomhoibritheach ghrúpa i múineadh OSIE, ach moladh di sainchritéir meastóireachta a thabhairt do na daltaí i leith a gcuid tionscadal. Ba chóir go soiléireodh seo na spriocanna a bhfuiltear ag súil leo ó na daltaí agus ba chóir freisin go ndéanfadh sé éascaíocht ar mheastóireacht chomhdhaltaí.

Oiriúnú na hoibre do chumas daltaí, leibhéal aire agus glacthacht

I bhformhór na seomraí ranga bhí an obair a bhí ar siúl ag na daltaí oiriúnaithe go maith dá riachtanais, agus bhí na teoracha agus na mínithe a thug múinteoirí nua-cháilithe soiléir agus oiriúnach. Bhí deacrachtaí ag níos lú ná 10 faoin gcéad de na múinteoirí le hoiriúnú ábhar na gceachtanna do leibhéal chumais agus ghacthachta na ndaltaí. Áit a raibh deacrachtaí ag múinteoirí le roghnú topaicí oiriúnacha dá gceachtanna, nó áit a raibh fadhbanna ag baint le hoiriúnú gníomhaíochtaí do leibhéal forbartha na ndaltaí, dhírigh na cigirí aird na múinteoirí ar a riachtanaí atá sé úsáid a bhaint as níos mó éagsúlachta ina gcuid modhanna agus cur le luas agus struchtúr a gcuid ceachtanna. Tá na dúshlán ghaolmhara seo le brath ar an tuairisc chigireachta seo:

Go dtí seo, tá sé molta don mhúinteoir seo éascaíocht a dhéanamh ar bhreis páirte do na daltaí i gníomhaíochtaí na foghlama, téama a bhfuil suim ag na daltaí ann a roghnú in aghaidh na seachtaine, agus monatóireacht a dhéanamh ar luas a cuid ceachtanna i dtreo go mbeidh na daltaí go léir gafa iontu, seachas go díreach na daltaí is mó cumas.

Tugadh comhairle do chuid mhaith múinteoirí maidir le níos mó ama a chaitheamh leis na daltaí is laige agus iad i mbun gníomhaíochta, agus éagsúlacht ghníomhaíochtaí níos mó a sholáthar chun dúshlán a thabhairt do dhaltaí in aoisghrúpaí difriúla i suíomh ilranganna. Tugadh comhairle freisin grúpobair a dhéanamh chun freastal ar leibhéal éagsúla chumais i measc daltaí. Scríobh cigire amháin an méid seo, mar shampla:

Caithfidh an múinteoir níos mó gafachta agus castachta a spreagadh ó na daltaí agus iad ag freagairt ceisteanna. Na gníomhaíochtaí a thugtar le déanamh do na daltaí, is minic nach bhfuil dúshlán a ndóthain iontu do na daltaí is mó cumas. Ba chóir di tascanna éagsúla foghlama a sholáthar do na haoisghrúpaí éagsúla ina rang.

Scileanna cumarsáide agus éifeacht na ngaol agus an idirghníomhúcháin

Luaigh na cigirí go raibh idirghníomhúchán deimhneach idir an múinteoir agus na daltaí i bhformhór na gcásanna. Bhí meas agus tuiscint nár bheag, de ghnáth, i ndéileáil an mhúinteora leis na daltaí. Sholáthraigh formhór na múinteoirí aiseolas deimhneach, agus chothaigh sé seo féinmhuinín sna daltaí. Mhol cigirí áirithe an chumarsáid a bhí ag múinteoirí nua-cháilithe leis na cúntóirí riachtanas speisialta a bhí ag obair faoina maoirseacht sa seomra ranga. Seo thíos sampla den mholadh a thug na cigirí do na gnéithe seo den obair:

Bíonn an múinteoir caoin cneasta lena cuid daltaí agus tá gaol dearfach cruthaithe aici leo. Treoraíonn agus misníonn an múinteoir na daltaí, i dtreo go bhfuil cumarsáid mhaith á cothú eatarthu agus go bhfuil leibhéil shásúla aire, chomh maith le dea-nósanna oibre agus smachta á bhforbairt ina measc.

Moladh na múinteoirí nua-cháilithe as a n-iarrachtaí ar dhaltaí a choimeád i mbun oibre le linn obair ghrúpa agus le linn gníomhaíochtaí scríofa. Fuair na cigirí go raibh atmaisféar deimhneach foghlama i bhformhór na ranganna, go raibh cuma an oird le sonrú iontu, dea-chumarsáid idir múinteoir agus daltaí, agus ba léir go rabhthas ag súil le dea-iompar agus iarrachtaí ionraice foghlama. Léiríonn an tuairisc thíos an feabhas agus an fhorbairt a bhí tagtha ar scil mhúinteora amháin sa réimse seo den obair.

Tá feabhas ar obair an mhúinteora seo ó thús na bliana. Tá cumarsáid thaitneamhach idir é agus na daltaí; déanann sé iarracht úsáid a bhaint as modhanna éagsúla múinteoireachta, agus, ar an iomlán, spreagann sé na daltaí chun foghlama.

Ní raibh ach faoi bhun cúig faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe a raibh deacrachtaí cumarsáide acu lena gcuid daltaí. Áit ar tuairiscíodh scileanna laga cumarsáide, moladh do mhúinteoirí struchtúr níos fearr a chur ar a gcuid ceistiúcháin, níos mó éagsúlacht a chur sna ceisteanna a bhí á gcur, agus na ceisteanna a dhíriú ar na grúpaí daltaí go léir. Mhol na cigirí freisin go ndéanadh múinteoirí deimhin de go raibh na daltaí go léir gafa san obair agus a n-aire dírithe ar a raibh ar siúl, le linn idirghníomhúcháin mhúinteora le dalta.

I gcás beagán ranganna mhol an cigire go ndéanadh an múinteoir breis idirghníomhúcháin leis na daltaí. Chuirge seo mhol siad go n-úsáidfeadh an múinteoir raon níos leithne modhanna múinteoireachta, rud a dheimhneodh gafacht na ndaltaí sna ceachtanna agus a spreagfadh a suim sa topaic. Chomhairligh siad go seachnódh na múinteoirí úsáid téacsleabhar faoi mar gurbh iad an t-aon bhonn amháin lena gcuid múinteoireachta agus lena ngníomhaíochtaí.

Ba chóir go mbeadh níos mó idirghníomhúcháin idir an múinteoir agus na daltaí i rith na gceachtanna agus go spreagfadh an múinteoir iad trí éagsúlacht modhanna teagaisc. Chuirfeadh éagsúlacht modhanna le suimiúlacht na múinteoireachta. Moltar go seachnódh an múinteoir ró-usáid an téacsleabhair i múineadh na gceachtanna.

6.5 Measúnú na gcigirí ar éifeacht na foghlama

Léiríonn athbhreithniú ar thuairscí na gcigirí go bhfuil na daltaí ag foghlaim agus ag gnóthachtáil go sásúil i 78 faoin gcéad de sheomraí ranga na múinteoirí nua-cháilithe. Tá gnéithe le forbairt nó deacrachtaí suntasacha le sonrú san achar bunúsach seo den mhúinteoireacht i 22 faoin gcéad de na seomraí ranga. Léiríonn Tábla 6.4 an méid seo.

Éifeacht na foghlama a dhéanann daltaí in achair den churaclam	
Deacrachtaí suntasacha le sonrú	1%
Gnéithe le forbairt	21%
Cleachtas cumasach	75%
Barrleibhéal cleachtais	3%

Tábla 6.4

Áit a raibh deacrachtaí le sonrú ar obair an mhúinteora nua sa réimse seo, nó áit a raibh gnéithe den fhoghlaim a bhí á dhéanamh ag a gcuid daltaí le forbairt, sholáthraigh tuairiscí na gcigirí breis eolais ar na sainachair de chleachtas an mhúinteora a bhfuil laige iontu: tugadh an t-eolas seo faoi cheithre cheannteideal. Liostálar na ceithre ghné is laige thíos.

- A mhéid atá na daltaí gafa sa tasc atá ar bun acu agus iad ag obair chun sprice áirithe
- Caighdeán thorthaí na foghlama, obair scríofa san áireamh
- Eolas na ndaltaí ar ábhar na gceachtanna, a scileanna agus a ndearcadh
- Scóip agus oiriúnacht an ábhair a bhí á mhúineadh

6.5.1 Anailís ar thuairimí measúnachta na gcigirí ar éifeacht na foghlama

De réir tuairiscí na gcigirí bhí formhór na ndaltaí gafa sna ceachtanna agus i ngníomhaíochtaí ciallmhara a bhí oiriúnach dá n-aois. Léirigh na daltaí ar fad, beagnach, gur shuim leo na tascanna a bhí idir lámha acu a chur i gcrích. D'oibrigh siad go gníomhach agus bhí siad ag comhoibriú go sásúil lena gcomhdhaltaí agus iad i mbun gníomhaíochtaí réitigh fadhbanna, gníomhaíochtaí teanga labhartha, agus tascanna do ghrúpaí. I rith ceachtanna in achair éagsúla den churaclam, léirigh formhór na ndaltaí máistreacht mhaith ar eolas agus ar scileanna, agus bhí sé seo le sonrú ar a bhfreagraí ar cheisteanna a cuireadh, ar a gcumas díospóireachta agus anailíse, agus ar chaighdeán a bhfreagraí ó bhéal agus i scríbhinn.

I ranganna inar cuireadh aiceann ar fhoghlaim le dealramh, bhí úsáid bainte ag múinteoirí nua as torthaí meastóireachta mar threoir dá bpleanáil ghearrthéarmach, agus soláthraíodh taithí dhifreálaithe foghlama do na daltaí. Sna meánranganna agus sna hardranganna, bhí na daltaí a bhí ag dul chun cinn go sásúil in ann dul i mbun oibre go neamhspleách ag pointí éagsúla sna ceachtanna agus léirigh siad buanseasmhacht i gcríochnú na dtascanna a bhí le déanamh acu.

Ní raibh ach faoi bhun deich faoin gcéad de na ranganna a ndúirt na cigirí go raibh foghlaim neamhéifeachtach ar siúl iontu. Sna cásanna seo, luaigh na cigirí:

- nach raibh na daltaí gafa a ndóthain sna ceachtanna,
- go raibh líon mór daltaí ann nár thug na gníomhaíochtaí a ndúshlán,
- nach raibh struchtúr soiléir go leor ar na ceachtanna a bhí leagtha amach,
- go raibh raon na modhanna múinteoireachta rótheoranta,
- gur bheag fianaise a bhí ar fáil go raibh páirt ghníomhach á glacadh ag na daltaí sna ceachtanna, agus nach raibh foghlaim bunaithe ar ghníomhaíocht á cothú, agus
- nach raibh caighdeán na bhfreagraí a bhí á dtabhairt ag na daltaí oiriúnach dá n-aois ná dá leibhéal ranga, i gcás ceistiúcháin ó bhéal nó san obair scríofa.

Moladh do na múinteoirí nua –

- aidhmeanna soiléire foghlama a leagan amach do na daltaí agus deiseanna foghlama a sholáthar a mbeadh an t-aiceann iontu ar thorthaí insroichte,
- aidhmeanna foghlama na gceachtanna a chur in iúl go soiléir do na daltaí i dtreo go dtuigfidh siad cuspóir an cheachta agus go mbeidh siad in ann féin-mhonatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn,
- páirt na ndaltaí san fhoghlaim a mhéadú trí dheiseanna foghlama bunaithe ar ghníomhaíocht a sholáthar, agus
- deiseanna rialta a sholáthar do na daltaí chun a bhfuil foghlamtha cheana acu a dhaingniú agus chun athneartú a dhéanamh ar choinceapanna agus scileanna.

6.5.2 Dáileadh ranganna agus múinteoirí atá ar promhadh

Sa scoilbhliain 2003/2004, dáileadh ranganna singile ar 83 faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe; tugadh grúpaí dhá-rang nó grúpaí ilranganna do 17 faoin gcéad eile. Tá grúpaí dhá-rang agus grúpaí ilranganna coitianta in an-chuid bunscoileanna in Éirinn. Luaigh an-chuid múinteoirí nua-cháilithe na deacrachtaí a bhí acu le grúpaí dhá-rang agus le grúpaí ilranganna. Scríobh múinteoir amháin an méid seo:

Níor cuireadh ach oiliúint lag orm chun grúpa ilranga den saghas atá faoi mo chúram a mhúineadh. Bhraith mé go rabhas ar seachrán san uisce domhain agus rinne mé dearmad ar m'oilúint agus mé ag iarraidh an leagan amach ranga seo a ionramháil.

Leagadh cúram ranganna naíonán sóisearacha in a gcuid scoileanna ar an gcúigiú cuid, beagnach (19 faoin gcéad acu) de chóhort múinteoirí nua na bliana 2003/2004. Dúirt a lán de na múinteoirí nua-cháilithe nár bhraith siad oilte a ndóthain chun ranganna naíonán a mhúineadh. Mar shampla:

Agus mé ag tosú ar mo chéad bhliain mhúinteoireachta ní raibh tuairim ar bith agam cad leis a rabhthas ag súil uaim; bhraith mé é sin go dtí go raibh mé leathslí tríd an gcéad téarma.

6.6 Tatal

Bhí muinín ag formhór na múinteoirí nua-cháilithe as a scileanna múinteoireachta. Bhraith siad gur ullmhaigh a gcúrsa oiliúna tosaigh mar mhúinteoirí go maith iad chun an réimse iomlán ábhar sa churaclam a mhúineadh. Bhí siad sásta go raibh siad in ann gafacht na ndaltaí san fhoghlaim a dheimhniú, agus a chinntiú go raibh na daltaí ag dul chun cinn ag leibhéil a bhí oiriúnach dá n-aois agus dá gcéim forbartha. Mheas duine as gach ceathrar acu, áfach, nach raibh siad oilte a ndóthain chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil na ndaltaí.

Is gá scileanna maithe eagair agus múinteoireachta chun grúpaí ilranga a mhúineadh, agus ba chóir múinteoirí taithíocha a chur i mbun na ngrúpaí sin más féidir é. Múinteoirí taithíocha is fearr i mbun ranganna naíonán freisin, mar tá a n-oiliúint tosaigh sa litearthacht agus san uimhearthacht thar a bheith tábhachtach do ghnóthachtáil daltaí óga. Baineann sé seo go speisialta le scoileanna i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Tá an méid seo ráite sa tuairisc ilchodach *Litearthacht agus Uimhearthacht i Scoileanna atá faoi Mhíbhuntáiste: Dúshlán do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimoirí* (Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, 2005):

Éilíonn na comhthéacsanna atá i gceist leibhéal an-ard saineolais teagasc agus creatlach éifeachtúil cleachtas mhúinteoireachta a bhfuil ullmhúchán den scoth agus leibhéal arda saineolais i gcur i láthair ceachta nua i gceist ann, chomh maith le cleachtas ardfhorbartha maidir le gafacht daltaí i ngníomhaíochtaí foghlama agus foghlaim na ndaltaí a dhaingíú, agus cur chuige measúnaithe atá comhtháite go córasach le teagasc agus le foghlaim (lch. 64).

De réir tuairiscí sealadacha na gcigirí, bhí deacrachtaí ag trian de na múinteoirí nua-oilte le múineadh achar áirithe den churaclam. I measc na ndeacrachtaí ba choitianta a bhí ag na múinteoirí nua-cháilithe, bhí modhanna éagsúla múinteoireachta a úsáid, struchtúrú agus luas na gceachtanna, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí.

Caibidil a Seacht

Caighdeáin phroifisiúnta do mhúinteoirí atá ar phromhadh

7.1 Síneadh a moladh ar an bpróiseas promhaidh i 2003/2004

Nuair nach sroicheann cleachtas oibre múinteora nua-cháilithe caighdeán sásúil lastigh den ghnáth-thréimhse phromhaidh bliana, molann an cigire don Roinn Oideachais agus Eolaíochta go ndéanfaí síneadh ar an tréimhse, ar feadh scoilbhliana eile de ghnáth. Soláthraíonn an cigire beagthuairisc ar obair agus ar dhul chun cinn an mhúinteora nua-cháilithe agus ar an bhfáth a bhfuil síneadh á mholadh. Pléitear na fáthanna go mion leis an múinteoir freisin. Tá sé i gceist go dtabharfadh an síneadh deis eile don mhúinteoir nua-cháilithe breis taithí a fháil agus a c(h)leachtas múinteoireachta a fheabhsú.

Éiríonn le formhór na múinteoirí a ndéantar síneadh ar a dtréimhse phromhaidh an próiseas promhaidh a chríochnú go rathúil faoi dheireadh an dara bliain. I 2005, mar shampla, bhí tuairimí mar seo a leanas sna tuairiscí a thug cigirí ar dhul chun cinn mhúinteoirí a ndearnadh síneadh ar a dtréimhse phromhaidh i 2003/2004:

Tá feabhas le sonrú ar a muinín, ar a haibíocht agus ar a díocas i leith na múinteoireachta. Fuair sí a lán cabhrach agus tacaíochta ó príomhoide na scoile agus ón leasphríomhoide maidir le pleanáil agus le hullmhú a cuid oibre. Shínigh an príomhoide a cuid pleananna agus a cuid cuntas míosúil, rud a chuaigh go mór chun tairbhe di.

Tá feabhas sonrath tagtha ar a scileanna bainistíochta. Fuair sí an-tacaíocht ón bpríomhoide, a thug sampla de chleachtas maith di maidir le scileanna bainistíochta sa seomra ranga agus a rinne breithniú go rialta ar an múinteoir óg i mbun múinteoireachta agus a thug aiseolas cabhrach di.

Soláthraíonn Tábla 7.1 mioneolas ar líon na múinteoirí nua-cháilithe nár chríochnaigh a dtréimhse phromhaidh go rathúil sa scoilbhliain 2003/2004.

Múinteoirí nua-cháilithe nár chríochnaigh a mbliain phromhaidh 2003/2004 go rathúil	
Síneadh ar an tréimhse phromhaidh go 2004/2005 mar gheall ar easpa dul chun cinn i bhforbairt scileanna múinteoireachta	71
Cigireacht ghinearálta curtha siar go dtí 2004/2005 ar chúiseanna eile	9
Rátáil 'gan a bheith sásúil' i dtuairisc ghinearálta chigireachta	3

Tábla 7.1

As an ochtó múinteoir nua-cháilithe a ndearnadh síneadh ar a dtréimhse phromhaidh, bhí naonúr ar cuireadh an chigireacht ghinearálta orthu siar ar chúiseanna éagsúla seachas a gcumas múinteoireachta. I gcúig chás acu, is amhlaidh nach raibh an cigire in ann measúnú a dhéanamh ar na múinteoirí go léir a leagadh de chúram uirthi/air. I measc na gcúiseanna eile bhí tinneas an mhúinteora ar feadh tréimhse fada agus, i gcásanna eile, nach raibh ach tamall gearr caite ag an múinteoir sa scoil sin agus dá bhrí sin gur cuireadh an chigireacht ghinearálta air/uirthi siar go dtí an bhliain dár gcionn. Níor chríochnaigh an 71 múinteoir nua-cháilithe eile a dtréimhse phromhaidh go rathúil mar nár shroich a gcuid múinteoireachta caighdeán sásúil, ar chúiseanna éagsúla.

7.1.1 Fadhbanna le riailbhéas a choinneáil

I gcás gach múinteora nua-cháilithe nach mór, den duine is seachtó, thug na cigirí níos mó ná cúis amháin le go ndearnadh síneadh ar a dtréimhse phromhaidh. Ba í an chúis ba choitianta a luadh ná easpa smachta sa seomra ranga. Tháinig na cigirí arís is arís eile ar chásanna ina raibh easpa tuisceana ar an múinteoir faoin a mhéid a bhí na daltaí gafa sa cheacht, faoin a n-aire (nó a n-easpa aire!) nó faoin a gcuid deacrachtaí. Bhí inní ar cigirí freisin faoi mhúinteoirí nach raibh ábalta déileáil le glaonna éagsúla i dteannta a chéile ar a n-am agus a n-aire, agus faoi nach raibh cuid de na múinteoirí in ann aire ghrúpa a choinneáil. Ba dheacair le cuid de na múinteoirí aire na ndaltaí a mhúscailt agus iad a choinneáil gafa sna ceachtanna. Seo sampla dá raibh le rá ag na cigirí i gcásanna mar sin:

Ní raibh an múinteoir ábalta aire na ndaltaí a mhúscailt agus í a choinneáil ar an obair ar feadh tamaill [agus] lean sí uirthi ag ‘múineadh’ ainneoin an leibhéil mhíshásúil torainn a bhí sa seomra. Ba mhinic aire an mhúinteora dírithe ar dhaltaí trioblóideacha aonair agus níl ar a cumas fós amharc thart ar an seomra go léir, na daltaí ar fad a chur san áireamh sa cheistiúchán, ná meastóireacht a dhéanamh ar obair ar bhonn leanúnach. Tá práinn le cúram a dhéanamh de na réimsí seo go léir.

I gcásanna eile, bhí tuairisc ag cigirí ar dheacrachtaí a bhain le heagrú agus le bainistíocht ghníomhaíochta foghlama.

Cailtear cuid mhaith ama ag aistriú ó achar den churaclam go hachar eile, ag cur na ndaltaí i mbun oibre agus ag lochtú daltaí faoina n-easpa díograise. Dá bhrí sin, is minic leibhéal míshásúil torainn agus drochiompair sa rang.

Cuireadh a lán ama amú ag eagrú daltaí ina ngrúpaí fánacha tar éis babhtai múinteoireachta ranga-uile. Is mó dalta nár thuig cén aidhm a bhí leis na gníomhaíochtaí grúpa agus theip ar an múinteoir arís agus arís eile aidhm na ngníomhaíochtaí grúpa a shoiléiriú. Ní dhearna sí idirghabháil chun aire na ndaltaí a dhíriú arís ar an tasc a bhí ar bun acu. Bhí a cuid bainistíochta ama mí-éifeachtach, rud a raibh fadhbanna breise mí-iompair daltaí mar thoradh air.

7.1.2 Gafacht lag leis na daltaí

Rinne cigirí tuairisciú ar éagumas chuid de na múinteoirí nua-cháilithe na daltaí a spreagadh agus a n-aire a choinneáil ar ghníomhaíochtaí múinteoireachta agus foghlama. Luas lag na gceachtanna ba chúis leis seo go minic, go háirithe nuair a rinne an múinteoir an iomad cainte faoin topaic, nó mí-oiriúnacht ábhar an cheachta do leibhéal cumais na ndaltaí, nó gan na daltaí a bheith gafa a ndóthain sa tasc a bhí le déanamh.

Ba mhinic a luaigh cigirí úsáid modhanna múinteoireachta mí-oiriúnacha mar chúis thábhachtach le síneadh ar an tréimhse phromhaidh a mholadh. Bhí tagairtí ag na cigirí arís is arís eile do mhodhanna leamha teoranta múinteoireachta a bheith in úsáid, chomh maith le tascanna neamhdhúshlánacha a bheith á dtabhairt le déanamh do dhaltaí, nó bheith ag brath ró-mhór ar théacsleabhair, agus gan dóthain áiseanna léirithe nó áiseanna le láimhseáil a bheith in úsáid.

Bhí cúpla cás ann inar bhraith an cigire easpa tuisceana ar na daltaí agus scileanna míshásúla cumarsáide ag an múinteoir. Bhí an méid seo a leanas, mar shampla, sna tuairiscí:

Ní dhearna an múinteoir bainistíocht éifeachtach ar a rang agus níor chothaigh sí cumarsáid chúramach leis na daltaí trí mholadh agus aiseolas deimhneach a úsáid.

Níor éirigh lena cuid múinteoireachta na daltaí a spreagadh, bhí stíl bhorb bhainistíochta ranga aici, theip uirthi bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar a cuid ama agus bhí raon teoranta modhanna múinteoireachta in úsáid aici.

7.1.3 Gan dóthain pleanála agus ullmhúcháin déanta

I gcásanna áirithe, moladh síneadh ar an tréimhse phromhaidh de bharr easpa pleanála agus ullmhúcháin don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim. Fuarthas go raibh tionchar diúltach ag an laige sin ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim go léir. An drochthoradh ba mhó a tuairiscíodh ná mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar shoiléire agus ar fhócas na múinteoireachta, ar an raon modhanna múinteoireachta a bhí in úsáid, ar ábhar an chláir foghlama agus ar fheidhmiú an churaclaim, ar luas agus ar struchtúr na gceachtanna, ar an tráthchlár do ghníomhaíochtaí agus d'ábhair, agus ar sholáthar timpeallachtaí oiriúnacha foghlama. Seo samplaí de thuairiscí na gcigirí:

Bhí fadhbanna leanúnacha pleanála agus ullmhúcháin le sonrú i rith na tréimhse promhaidh. Bhí deacracht ag an múinteoir seo maidir le timpeallacht struchtúrtha foghlama a eagrú dá cuid daltaí. Bhí fadhbanna áirithe aici le bainistíocht sa seomra ranga. Chuaigh sí ró-mhór ar fad i muinín na dtéacsleabhar ina cuid múinteoireachta agus bhí raon teoranta modhanna múinteoireachta in úsáid aici.

7.1.4 Mianach na foghlama a dhéanann daltaí

Chruthaigh mianach na foghlama a dhéanann na daltaí deacrachtaí do mhúinteoirí nua-cháilithe áirithe. Bhí fadhb ag corr-mhúinteoir nua-cháilithe le tráthchlár seachtainiúil a leagan amach, agus dá bhrí sin bhí ábhair ann nach raibh aire a ndóthain á fáil acu. Chuaigh sé seo i bhfeidhm go diúltach ar a raibh á fhoghlaim ag daltaí sna hábhair seo. Thairis sin, i gcásanna áirithe bhí easpa leanúnachais sa chlár a bhí á sholáthar do na daltaí mar bhí sé bunaithe go príomha ar leabhair saothair mhí-oiriúnacha agus ar théacsleabhair, seachas ar an gcuraclam féin. I gcorrscoil bhí monatóireacht mhíshásúil á dhéanamh ar obair na ndaltaí agus úsáid theoranta á baint as modhanna meastóireachta, i dtreo nárbh fhios go cruinn cad é an dul chun cinn a bhí déanta ag na daltaí in achair éagsúla foghlama. I gcásanna mar sin, ní raibh na tascanna foghlama a leagadh amach ag freagairt do riachtanais na ndaltaí agus ba mhinic nár oir siad do chumas na ndaltaí. Seo a leanas sleachta as tuairiscí na gcigirí:

Ní mór don mhúinteoir leanúnachas agus dul chun cinn a dheimhniú; ní mór dúshlán na ndaltaí a thabhairt ag leibhéal oiriúnacha; caithfidh an t-ábhar a bheith oiriúnach chun suim na ndaltaí i dtascanna éagsúla a choinneáil; caithfear spriocanna scríofa a bhaint amach.

7.2 Rátálacha ‘míshásúil’ ar obair mhúinteoirí i 2003/2004

I mbeagán cásanna gach bliain, tugtar an rátáil ‘míshásúil’ do chaighdeán oibre múinteoirí nua-cháilithe i dtuairisc ghinearálta chigireachta. Is í an phríomhchúis leis an rátáil sin ná laigí bunúsacha i gcaighdeán na múinteoireachta. I gcuid mhaith cásanna bíonn síneadh déanta cheana féin ar thréimhse phromhaidh an mhúinteora, ach dá ainneoin sin ní bhíonn caighdeán sásúil bainte amach fós. Nuair a tharlaíonn sé seo, caithfidh an múinteoir tréimhse bhreise phromhaidh nach lú ná 183 lá scoile a dhéanamh (gan laethanta dúnta na scoile a áireamh), ag tosú le dáta na cigireachta ginearálta. Go ginearálta tá cúig bliana ag múinteoir chun stádas iomlán múinteoireachta a bhaint amach. Ina dhiaidh sin, d’fhéadfadh múinteoir a bhfuil a c(h)uid oibre fós míshásúil a (h)aitheantas chun múinteoireachta a chailliúint.

Sa scoilbhliain 2003/2004, tugadh an rátáil ‘míshásúil’ do thriúr múinteoirí nua-cháilithe i dtuairisc ar chigireacht ghinearálta. Bhí bliain ar a laghad caite ag gach duine den triúr i mbun múinteoireachta agus síneadh déanta ar a dtréimhse phromhaidh sa bhliain roimhe sin. I ngach cás acu sholáthraigh an cigire mionchuntas ar na laigí ba chúis leis an rátáil ‘míshásúil’. Bhí gnéithe tábhachtacha le forbairt i ngach cás, agus na deacrachtaí seo a leanas i gceist i gcás gach duine den triúr:

- riailbhéas agus bainistíocht sa seomra ranga
- raon na modhanna múinteoireachta a bhí in úsáid
- ábhar na múinteoireachta i gcoibhneas leis an gcuraclam
- meaitseáil ábhar na gceachtanna le cumas na ndaltaí
- luas agus struchtúr na gceachtanna
- an méid a fhoghlaimíonn na daltaí agus an mhonatóireacht a dhéantar ar a gcuid oibre
- scileanna cumarsáide agus teicnící ceistiúcháin
- ullmhú agus pleanáil don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim
- úsáid áiseanna léiriúcháin agus áiseanna chun láimhseála, chun cur leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim.

Caibidil a hOcht

Torthaí agus moltaí

8.1 Torthaí

Sa scoilbhliain 2003/2004 bhí 1245 múinteoirí ar promhadh i mbunscoileanna ar chéimithe de chuid choláistí oideachais in Éirinn iad agus d'fhreagair beagnach 15.4 faoin gcéad acu sin an ceistneoir don suirbhé seo. Tá tuairimí múinteoirí nua-cháilithe ar éifeacht na dtacaíochtaí éagsúla a cuireadh ar fáil dóibh, ina gcéad bhliain mar mhúinteoirí sa seomra ranga, á gcur i láthair sa tuairisc seo agus tá anailís anseo freisin ar cé chomh maith is a ullmhaíodh iad, dar leo féin, dá gcuid múinteoireachta. Tugtar breithmheas na gcigirí ar chleachtas na múinteoirí nua-cháilithe chomh maith. Chaith na cigirí dhá lá go leith, ar an meán, i rith na scoilbhliana ag measúnú agus ag comhairliú gach tosaitheora ar an múinteoireacht. Sna beagthuiriscí a thug na cigirí ar obair na 277 múinteoirí nua-cháilithe sa chéad leath den bhliain phromhaidh a fuarthas na sonraí meastóireachta a chuirtear i láthair sa tuairisc seo.

Bhraith na múinteoirí nua-cháilithe ar fad, beagnach, go ndeachaigh an tacaíocht a fuair siad ón bpríomhoide agus óna gcomh-mhúinteoirí chun tairbhe dóibh agus gur mhisnigh sí iad. Thug formhór na bhfreagróirí (86 faoin gcéad acu) rátáil dheimhneach do chigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta freisin mar fhoinsé tacaíochta a chabhraigh leo. Bhí moladh speisialta ag na múinteoirí don chomhairle agus don treoir phroifisiúnta a thug an cigire i rith na tréimhse promhaidh. Níor tugadh rátáil chomh deimhneach céanna, áfach, don tacaíocht a fuair na múinteoirí ó Ionaid Oideachais ná ó chúrsaí ionduchtúcháin (58 faoin gcéad agus 30 faoin gcéad faoi seach).

Bhí ardleibhéal sástachta i measc múinteoirí lena gcúrsa oideachais tosaigh múinteoireachta faoi gur ullmhaigh sé go maith iad chun ábhair mar Bhéarla, OSIE (oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta) agus corpoideachas a mhúineadh. Bhí mionlach nár bheag i measc na múinteoirí a bhraith nár ullmhaíodh chomh maith céanna iad chun na healaíona agus matamaitic a mhúineadh. De réir na fianaise ó mhúinteoirí nua-cháilithe agus ó chigirí, is cosúil go gcaithfear béim níos treise a chur ar ghnéithe áirithe de chúrsaí oideachais tosaigh múinteoirí, ionas go dtiocfaidh múinteoirí nua isteach ar na hinniúlachtaí is gá don bhunmhúinteoireacht sa lá atá inniu ann. I measc na n-inniúlachtaí seo tá eolas agus taithí ar phrionsabail an churaclaim, scil in úsáid raon modhanna múinteoireachta agus measúnúcháin agus cumas ar bhainistíocht a dhéanamh ar riachtanais fhoghlama daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Bhraith cuid de na múinteoirí nua-cháilithe go raibh a gcúrsa oideachais tosaigh múinteoireachta ró-theoiriciúil agus nach bhfuair siad treoir phraiticiúil maidir le leabhair rollaí a líonadh, cuntas míosúil ar dhul chun cinn a ullmhú agus a leithéidí eile. Bhraith cuid acu freisin nár ullmhaíodh go sásúil iad do bhainistíocht an tseomra ranga, mar shampla, múinteoireacht i suíomh ilranganna, conas a seomraí ranga a eagrú mar láithreacha foghlama, conas riailbhéas a choinneáil agus conas inspreagadh a dhéanamh ar na daltaí.

Cuid de na tuairimí a bhí ag na múinteoirí nua-cháilithe faoin oiliúint a fuair siad chun gnéithe éagsúla den churaclam a mhúineadh, ní thagann na tuairimí sin le tuairiscí measúnachta na gcigirí. Bhraith na múinteoirí gur ullmhaíodh go maith iad chun Béarla agus Gaeilge a mhúineadh, ach bhí formhór na gcomhairlí agus na moltaí a bhí ag na cigirí dírithe ar theanga agus ar uimhearthacht. Is é is cúis leis seo gur ghrinnigh na cigirí níos mó ceachtanna teanga agus uimhearthachta ná mar a ghrinnigh siad d'ábhair eile. Is gá tacaíocht ionscoile a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe in achair na teanga agus na huimhearthachta: ba chóir do mhúinteoirí taithíocha, go sonrach, leas a bhaint as deiseanna chun tacaíocht ionranga a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe, chomh maith le comhairle agus samplaí den dea-chleachtas. De réir torthaí an tsuirbhé seo freisin, ba chóir do chigirí grinníú a dhéanamh ar raon níos leithne d'achair churaclaim i rith a gcuariteanna tosaigh, chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe maidir leis na hachair seo a mhúineadh.

Cé go raibh muintín ag formhór na múinteoirí nua-cháilithe as a scileanna múinteoireachta, bhí deacrachtaí éigin ag trian de na tosaitheoirí ar an múinteoireacht de réir tuairiscí na gcigirí. Fuair na cigirí go raibh gá ag cuid de na múinteoirí nua-cháilithe le cúnamh breise agus treoir chun a gcuid ceachtanna a phleanáil de réir Churaclam na Bunscoile (1999). Rachadh treoir bhreise chun tairbhe dóibh freisin maidir le héagsúlacht modhanna múinteoireachta a úsáid, maidir le struchtúir agus luas na gceachtanna, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí.

Na múinteoirí go léir, beagnach, (95 faoin gcéad acu) a bhí ar promhadh, chríochnaigh siad an próiseas promhaidh go rathúil i mbliain amháin. Mhol na cigirí go ndéanfaí síneadh ar an tréimhse phromhaidh don chúig faoin gcéad eile de na múinteoirí.

8.2 Moltaí

8.2.1 Tacaíocht ionscoile

An bord bainistíochta

Is é an bord bainistíochta fostóir an mhúinteora nua-cháilithe. Dá réir seo, ba chóir don bhord:

- deimhin a dhéanamh de go bhfuil fáil ag an múinteoir nua-cháilithe ar an tacaíocht is gá le go dtiocfaidh sí/sé isteach ar a ról nua,
- féachaint chuige go bhfuil eolas agus tuiscint ag an múinteoir nua-cháilithe ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta na scoile i leith riailbhéasa, sláinte, slándála agus leasa, cothromaíochta agus gearán,
- an tosaitheoir ar an múinteoireacht a chur ar an eolas faoi na téarmaí fostaíochta agus faoi na caighdeáin phroifisiúnta a mbeifear ag súil leo uaithi/uaidh,
- plean ionduchtúcháin agus luathfhorbartha proifisiúnta a phlé leis an múinteoir nua-cháilithe, chun cur le heolas proifisiúnta agus scileanna múinteoirí.

An príomhoide agus na múinteoirí eile

Ba í an tacaíocht a thug a bpríomhoide agus a gcomh-mhúinteoirí dóibh i rith na bliana promhaidh an chabhair ba luachmhaire leis na múinteoirí nuacháilithe. Sa cheistneoir a líon siad, dúirt 96 faoin gcéad de na múinteoirí nua-cháilithe gur thug an príomhoide tacaíocht dóibh agus dúirt 97 faoin gcéad acu go raibh a gcomh-mhúinteoirí tacúil. Luaigh a bhfreagraí arís is arís eile an treoir agus an chomhairle a thug an príomhoide agus múinteoirí eile dóibh.

Luaigh roinnt bheag de na múinteoirí nua-cháilithe go raibh gá acu le breis teorach agus comhairle ón bhfoireann múinteoireachta. Sa chomhthéacs seo, b'fhiú don phríomhoide deimhin a dhéanamh den méid seo a leanas:

- go gcuireann múinteoirí nua-cháilithe cód iompair na scoile i bhfeidhm go cruinn agus go bhfaigheann siad an tacaíocht agus an chomhairle is gá chun go mbeidh riailbhéas i bhfeidhm ina seomraí ranga;
- go dtugann sí/sé cuairt go rialta ar sheomra ranga an mhúinteora nua-cháilithe i dtreo go mbeidh tuiscint aici/aige ar éifeacht obair an mhúinteora agus go soláthrófar misniú, comhairle agus múinteoireacht shamplach nó socruithe do mhúinteoireacht shamplach de réir mar is gá;
- nach gcuirtear múinteoir nua-cháilithe i mbun ranganna naíonán dá gcéad bhliain mhúinteoireachta, más féidir;
- go ndéantar pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach, go ndéantar monatóireacht ar an bpleanáil sin agus ar na cuntais mhíosúla a chaitheann na múinteoirí a sholáthar;
- go dtuigeann an múinteoir nua-cháilithe conas an leabhar rolla a mharcáil, agus conas foirmeacha agus doiciméid eile a bhaineann leis an scoil a líonadh;
- go dtuigeann an múinteoir nua-cháilithe an plean scoile maidir le riarachán agus achair den churaclam;
- go bhfuil na nósanna imeachta don mheastóireacht agus do mhonatóireacht ar obair na ndaltaí i dtiún le cur chuige na scoile maidir le meastóireacht;
- go leagtar cúram mar chomhairleoir don mhúinteoir nua-cháilithe ar mhúinteoir taithíoch; ba chóir don chomhairleoir tacaíocht a thabhairt do dhul chun cinn an mhúinteora nua, sampla de dhea-chleachtas sa seomra ranga a thabhairt di/dó, athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige múinteoireachta an oide nua-cháilithe, comhairle agus tacaíocht a thabhairt de réir mar is gá. Ba chóir don chomhairleoir tacaíocht a thairiscint don mhúinteoir nua-cháilithe maidir le cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, agus maidir le hócáidí scoile agus pobail i rith na bliana tosaigh.

8.2.2 Forbairt leanúnach proifisiúnta

Bhí deacrachtaí suntasacha ag roinnt múinteoirí nua-cháilithe maidir le pleanáil scríofa a leagadh amach, go háirithe i gcás suíomhanna ilranganna. Chur siad in iúl freisin an riachtanas atá ann le tacaíochtaí leanúnacha proifisiúnta chun an churaclaim a chur i bhfeidhm.

- Ba chóir do na seirbhísí tacaíochta forbartha proifisiúnta do bhunmhúinteoirí sainsuíomh iomlán idirlín a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe, suíomh a sholáthraíonn comhairle agus treoir maidir le pleanáil agus ullmhúchán agus nithe eile a bhaineann le hábhar.
- Ba chóir go soláthródh comhairleoirí curaclaim agus pleanála tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht seo san áireamh an géarghá atá ag múinteoirí a dhéanann a gcúrsa oideachais tosaigh múinteoireachta lasmuigh den Stát le heolas agus taithí a fháil ar Churaclam na Bunscoile (1999).

8.2.3 Tacaíocht ón gCigireacht do mhúinteoirí nua-cháilithe

Thug formhór na múinteoirí nua rátáil dheimhnech don tacaíocht a fuair siad ón gcigire a bhí i mbun an cheantair ina raibh siad agus bhí siad sásta ar an iomlán leis an gcomhairle agus leis an treoir a tugadh dóibh. Léiríonn tuairimí na múinteoirí nua, áfach, go bhfuil achair áirithe de riachtanais na Cigireachta don phromhadh, a gcaithfear soiléiriú breise a dhéanamh orthu.

- Ba chóir don Chigireacht a critéir mheastóireachta don phromhadh a fhoilsiú, chomh maith lena cuid teimpléad don bheagthuirisc agus don mhórhthuirisc, i dtreo go dtuigfidh múinteoirí nua-cháilithe conas a dhéantar measúnú ar a gcuid múinteoireachta. Ba chóir, go háirithe, na riachtanais a bhaineann le hullmhúchán scríofa agus le taifid a choinneáil a shoiléiriú.
- Ba chóir tuairisc, atá leagtha amach de réir téamaí, ar phromhadh múinteoirí nua-cháilithe a chur ar fáil gach ceithre nó cúig bliana. Ba cheart go mbeadh eolas sa tuairisc seo ar líon na múinteoirí nua-cháilithe a gcuirtear a bpromhadh siar, nó a ndéantar síneadh air, nó a dtugtar an rátáil ‘míshásúil’ dóibh. Ba chóir go ndéanfaí cur síos ar na caighdeáin chleachtas sa tuairisc seo, agus go gcuirfí torthaí ginearálta na cigireachta ar éifeacht na múinteoireachta ar fáil dóibh siúd a sholáthraíonn oideachas tosaigh agus forbairt leanúnach phroifisiúnta do mhúinteoirí, agus na príomhchúiseanna, áit a n-oireann sin, nár chríochnaigh múinteoirí an próiseas promhaidh go rathúil. Sholáthródh foilsiú na dtuairiscí seo eolas rialta, ar leibhéal an chórais, ar chaighdeáin mhúinteoireachta múinteoirí nua-cháilithe.
- Cuid de na múinteoirí a chríochnaíonn a bpróiseas promhaidh go rathúil, bíonn gá acu fós le forbairt agus feabhsú ar achair dá gcuid múinteoireachta. B’fhiú don Chigireacht cuimhneamh ar mheasúnú de réir téamaí a dhéanamh ar chaighdeáin mhúinteoirí agus iad sa dara agus sa tríú bliain i mbun a ngairme. Sholáthródh an measúnú seo eolas comparáideach ar a mhéid a leanann múinteoirí orthu ag dul i bhfeabhas.

8.2.4 Tacaíocht ón gcóras do mhúinteoirí nua-cháilithe

Go ginearálta, is iomaí múinteoir nua-cháilithe nár thug rátáil ard do thacaíochtaí lasmuigh den scoil, leithéidí na nIonad Oideachais agus chúrsaí ionduchtúcháin. Táthar ag tosú anois ar chlár náisiúnta ionduchtáin a fhorbairt. Ó tharla nach raibh teacht ach ag líon beag múinteoirí ar chúrsaí foirmiúla ionduchtúcháin, d’fhéadfadh gurbh amhlaidh a bhí freagróirí na gceistneoirí ag cur a míshásaimh in iúl faoin easpa teachta ar chúrsaí ionduchtúcháin seachas ag rátáil cúrsaí ionduchtúcháin a raibh siad ag freastal orthu.

Ag an luathphointe seo ina ngairm mhúinteoireachta d’fhéadfadh sé go raibh cuid de na múinteoirí nár ghlac páirt sna cláir a sholáthraigh Ionaid Oideachais, nó b’fhéidir gur bhraith siad nach raibh na cláir a bhí ar fáil oiriúnach dóibh ina gcéad bhliain i mbun a ngairme. Moltar go ndéanfaí machnamh ar na pointí seo a leanas:

- córas náisiúnta ionduchtúcháin a fhorbairt chun freastal a dhéanamh ar riachtanais phroifisiúnta mhúinteoirí nua-cháilithe i rith a mblianta tosaigh mhúinteoireachta;
- tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe a bhfuil deacrachtaí acu nó a bhfuil easpa muiníne orthu sna blianta tosaigh; ba chóir go ndíreodh cúrsaí ionduchtúcháin ar ghnéithe mar phleanáil agus ullmhúchán, scileanna múinteoireachta, eolas ar achair den churaclam, idirghníomhaíocht tuismitheoirí agus múinteoirí, strus agus bainistíocht ama agus cúram sláinte agus gutha na múinteoirí;
- éascaíocht a dhéanamh ar shaincheardlanna agus grúpaí tacaíochta do mhúinteoirí nua, in Ionaid Oideachais; ba chóir éascaíocht a dhéanamh freisin ar ghrúpáil múinteoirí de réir tíreolaíochta agus de réir leibhéil ranga, i dtreo go soláthrófar deiseanna do thosaitheoirí ar an múinteoireacht a gcuid oibre a dhéanamh faoi threoir múinteoirí taithíochas agus go soláthrófar fóram ina malartóidh múinteoirí tuairiscí ar a dtaithe agus ina ndéanfaidh siad plé agus machnamh ar an taithe sin;

- tacaíocht níos treise a sholáthar do na múinteoirí sin a bhfuil síneadh déanta ar a dtréimhse phromhaidh; go sainiúil, ba chóir go mbeadh deiseanna ag na múinteoirí sin múinteoirí éifeachtacha ina scoil féin nó i scoileanna eile a fheiceáil i mbun oibre. Ba cheart deiseanna a sholáthar dóibh pleanáil chomhoibritheach a dhéanamh le múinteoirí eile agus teagasc ionscoile a fháil uathu.

8.2.5 Tacaíochtaí breise: lucht oideachais tosaigh múinteoirí

Bhí formhór na múinteoirí nua-cháilithe sásta lena leibhéal ullmhaitheachta don mhúinteoireacht i ndiaidh a gcúrsa tosaigh oideachais mhúinteoireachta. Bhraith múinteoirí nua-cháilithe gur ullmhaigh a gcúrsa oideachais tosaigh go maith nó go han-mhaith iad chun Corpoideachas, Béarla, OSIE agus Gaeilge a mhúineadh. Bhraith siad, áfach, nár ullmhaíodh chomh maith céanna iad chun ceol, drámaíocht, na healaíona amhairc agus matamaitic a mhúineadh. Moltar go ndéanfadh lucht oideachais tosaigh do mhúinteoirí forbairt bhreise ar chumas na mac léinn múinteoireachta sna hachair ar dóigh leo nár ullmhaíodh ró-mhaith don mhúinteoireacht iad.

Thairis sin, is gné thábhachtach d'oiliúint tosaigh múinteoirí í, a dheimhniú go bhfuil léirthuisct ag múinteoirí nua-cháilithe ar mhúineadh litearthachta agus uimhearthachta agus go bhfuil raon leathan modhanna oiriúnacha múinteoireachta ar a dtoil acu maidir leo araon. De réir na dtuairiscí, bhí inní ar chigirí faoi mhúineadh na litearthachta i seomraí ranga duine as gach seisear de thosaitheoirí ar an múinteoireacht. Thug na cigirí laigí faoi deara i múineadh na léitheoireachta go háirithe; bhraith siad gur chóir do thosaitheoirí díriú ar na gnéithe seo den obair:

- straitéisí níos rathúla a úsáid in aithint focal,
- difreálú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí léitheoireachta,
- cur chuige bunaithe ar thaithí teanga a chur chun cinn i leith na léitheoireachta,
- monatóireacht a dhéanamh ar scileanna léitheoireachta, agus
- scileanna tuisceana agus scileanna ard-oird machnaimh na ndaltaí a fhorbairt.

Thuairiscigh na cigirí go raibh fadhbanna múinte scríbhneoireachta i gcuid de na seomraí ranga. Fuair siad gur ghá do mhúinteoirí nua-cháilithe cur chuige próisis i leith na scríbhneoireachta a chur chun cinn agus daltaí sóisearacha a spreagadh chun scríbhneoireacht chruthaitheach a dhéanamh. Nuair a fuair na cigirí go raibh laige i múineadh teanga labhartha, luaigh siad go bhféadfaí an scéal a fheabhsú trí shainaidhmeanna a aithint do cheachtanna sa teanga labhartha agus dóthain deiseanna nó comhthéacsanna do dhaltaí a sholáthar chun a scileanna sa teanga labhartha a chleachtadh.

Maidir le múineadh uimhearthachta, fuair na cigirí gur chóir forbairt a dhéanamh i mbeagán cásanna sna hachair seo:

- úsáid ábhar coincréideach i gceachtanna matamaitice,
- difreálú i gcás coincheapanna sa mhatamaitic a mhúineadh,
- luas na gceachtanna agus scóip na ngníomhaíochtaí a sholáthraítear do dhaltaí,
- cásanna ón ngnáthshaol a úsáid agus réiteach fadhbanna á mhúineadh,
- an coibhneas idir ionchur an mhúinteora agus ionchur an dalta sna ceachtanna, agus
- matamaitic ó bhéal agus múineadh córasach teanga na matamaitice.

Bhraith na cigirí gur ghá aire bhreise a dhíriú ar mhúineadh na Gaeilge mar theanga chumarsáide agus ar chruinneas Ghaeilge labhartha na múinteoirí nua-cháilithe féin. Ábhair iad seo a gcaithfear breis machnaimh a dhéanamh orthu ag céim an oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Sna cásanna (trian den iomlán) ina bhfuair na cigirí go raibh deacracht ag múinteoirí nua-cháilithe le múineadh na Gaeilge, ba iad seo a leanas na moltaí ba choitianta bhí acu chun an scéal a fheabhsú:

- cúram a dhéanamh de chruinneas a gcuid Gaeilge scríofa agus a gcuid Gaeilge labhartha féin,
- Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil agus níos coitianta i rith an lae scoile,
- pleanáil a dhéanamh de réir snáitheanna an churaclaim; ba chóir, go háirithe, go mbeadh gníomhaíochtaí a dhéanadh forbairt ar scileanna éisteachta agus ar scileanna labhartha i gceist sa phleanáil,
- an clár atá leagtha amach don Ghaeilge a oiriúnú d'ábhair suime agus do chúlra na ndaltaí, agus
- an méid oiriúnach ama a chaitheamh ar cheachtanna Gaeilge in aghaidh an lae.

Moltar go gcuirfeadh lucht soláthair oideachais tosaigh do mhúinteoirí san áireamh na gnéithe den mhúinteoireacht ar laige a bhraith na múinteoirí nua-cháilithe ullmhaithe ina gcomhair. Bhí na gnéithe seo a leanas go háirithe ag déanamh buartha dóibh:

- pleanáil don difreálú do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu,
- leagan amach agus eagrú an tseomra ranga,
- bainistíocht agus riailbhéas sa seomra ranga, agus
- cuntas míosúil a choinneáil ar dhul chun cinn.

De réir moltaí atá i dtuairiscí na gcigirí arís is arís eile, is cosúil go bhfuil gá le cumas proifisiúnta mhúinteoirí nua-cháilithe a fhorbairt agus a fheabhsú sna hachair seo a leanas:

- soiléire na n-aidhmeanna múinteoireachta, idir fhadtéarmach agus ghearrthéarmach;
- ilghnéitheacht agus oiriúnacht modhanna múinteoireachta: foghlaim ranga uile, foghlaim i ngrúpaí agus foghlaim aonair;
- struchtúr agus luas na gceachtanna;
- nósanna imeachta meastóireachta, chomh maith le monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar an bhfoghlaim;
- tuiscint ar a chruinne atá daltaí i mbun oibre agus iad ag foghlaim de réir aidhme atá leagtha amach dóibh; agus
- caighdeán thorthaí na foghlama, obair scríofa san áireamh.

8.3 Tatal

Na hacmhainní is tábhachtaí sna bunscoileanna ná múinteoirí ard-cháilithe cumasacha. Tugann múinteoirí nua-cháilithe fuinneamh, díograis agus beogacht leo chuig gairm na múinteoireachta. Tá éirithe leis an gcóras oideachais in Éirinn daoine óga ard-cháilithe a mhealladh gach bliain chuig cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí. Tá géarghá le ceimithe na gcúrsaí seo chun polasaí oideachais na Roinne a chur i bhfeidhm inár scoileanna agus chun cathróirí na todhchaí a fhorbairt. Soláthraíonn oiliúint tosaigh múinteoirí an t-ullmhúchán teoiriciúil agus praiticiúil atá riachtanach do ghairm na bunmhúinteoireachta agus leagann sé an bhunsraith d'fhorbairt leanúnach phroifisiúnta. Léiríonn an suirbhé seo go leantar le forbairt phroifisiúnta múinteoirí nua-cháilithe sa bhliain phromhaidh agus go mbíonn tionchar mór ag a dtaithí i rith na bliana sin ar a muinín agus ar a gcumas proifisiúnta.

Chuir formhór na múinteoirí a bhí ar promhadh in iúl gur bhain siad sásamh pearsanta agus proifisiúnta as a dtaithí mhúinteoireachta sa bhliain tosaigh. Is léir ar a ndúirt a lán de na múinteoirí gur tháinig siad in inmhe go proifisiúnta i rith na bliana sin agus go raibh siad ag teacht in inmhe go smaointeach ina ngairn. Seo mar a scríobh duine de na múinteoirí nua-cháilithe:

Bliain dhúshlánach amach is amach ba ea an bhliain seo domsa. Agus mo thréimhse phromhaidh beagnach críochnaithe agam, áfach, caithfidh mé a admháil gurbh iontach an bhliain í agus gur bhaineas an-tairbhe aisti. Táim ag súil go bhfuil na blianta fada sona múinteoireachta romham amach agus go n-éireoidh liom difríocht a dhéanamh do shaol leanáí.

Go dtí seo, chuaigh páirt na Cigireachta i bpromhadh múinteoirí nua-cháilithe chun tairbhe go mór don chóras oideachais. Ó tharla go bhfuil an Chomhairle Múinteoireachta bunaithe anois, áfach, de réir Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001, tá a dhealramh ar an scéal go n-athrófar ról na Cigireachta sa phróiseas promhaidh amach anseo. Comhairle reachtúil féin-stiúraithe is ea an Chomhairle agus é de ról aici ardchaighdeáin phroifisiúnta a leagan amach agus a chur chun cinn do bhunmhúinteoirí agus do mhúinteoirí iarbhunscoile. Glactar leis go mbeidh ról gníomhach ag an gComhairle i bpromhadh agus in ionduchtú múinteoirí agus táthar ag súil go gcuirfidh na torthaí agus na comhairlí atá sa tuairisc seo ar an eolas iad agus go rachaidh siad chun tairbhe don Chomhairle agus í ag dul i mbun a ról i leith múinteoirí nua-cháilithe.

Aguisíní

Aguisín 1

1.1 Coláistí aitheanta oideachais sa Stát

- Coláiste Phádraig, Bóthar Droim Chonrach Uacht., Baile Átha Cliath 9
- Coláiste Mhuire gan Smál, Cnoc Prospect, Luimneach
- Coláiste Mhuire (Marino), Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
- Coláiste Oideachais Froebel (Cnoc Síon), Bóthar na Carraige, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath
- Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Bóthar Ráth Maonais Uacht., Baile Átha Cliath 6

1.2 Cúrsaí aitheanta sa Stát chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir

- Ard-Diplóma sna healaíona sa bhunoideachas (Coláiste Hibernia)

1.3 Cúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát, a aithnítear chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir

- Céim sa bhunoideachas a bhfuil céim (onóracha) cheithre-bliana sa Ghaeilge, i gColáiste Mhuire, Béal Feirste, mar chuid di
- Teastas iarchéime san oideachas trí mheán na Gaeilge i gColáiste Mhuire, Béal Feirste (agus riachtanais na Gaeltachta san áireamh ann)

1.4 Cúrsaí atá dírithe ar cháilíochtaí aitheanta Montessori sa Stát

- Cúrsa lán-aimseartha trí bliana i gColáiste an AMI (Association Montessori Internationale), Cnoc Mhuire, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14
- Diplóma náisiúnta nó céim sa sruithléann in oideachas Montessori ó Choláiste Montessori San Nioclás, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (aitheanta ag HETAC)

Aguisín 2

2.1 Aitheantas iomlán

Glactar leis go bhfuil aitheantas iomlán ag múinteoir:

- má tá cúrsa oiliúna múinteora críochnaithe go rathúil aige/aici i gcoláiste aitheanta oideachais sa Stát, *nó*
- má tá cúrsa eile, atá aitheanta ag an Stát chun fostaíochta mar bhunmhúinteoir, críochnaithe go rathúil aige/aici, *nó*
- i gcás múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát, má tá na cáilíochtaí uile is gá acu agus na riachtanais Ghaeilge sásaithe acu, agus
- má tá na riachtanais phromhaidh uile sásaithe acu.

2.2 Aitheantas sealadach

Múinteoir a oileadh lasmuigh den Stát, cibé acu san Aontas Eorpach nó eile é, a bhfuil a c(h)áilíochtaí múinteoireachta measta agus glactha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ach nach bhfuil cáilíocht oiriúnach sa Ghaeilge aige/aici, tabharfar aitheantas sealadach cúig bliana dó/di, ar a (h)iarratas féin, chun múinteoireachta i mbunscoileanna. I rith na tréimhse aitheantais sealadaigh seo, beifear ag súil go ndéanfaidh an múinteoir iarracht ar riachtanais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a shásamh, mar atá siad leagtha amach i gcioclán 25/00 (coda 2 agus 3 agus sceideal 2). Tar éis an athbhreithnithe a rinneadh ar an *Scrudú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (SCG), ceadaítear síneadh ar an teorainn chúig bliana anois i gcásanna áirithe.

2.3 Aitheantas teoranta

Féadfar aitheantas teoranta a thabhairt do mhúinteoir as limistéar eile údaráis, má tá a c(h)áilíochtaí múinteoireachta measta agus glactha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta; leis an aitheantas teoranta seo, beidh an múinteoir i dteideal dul ag múineadh i gcatagóirí áirithe scoileanna speisialta agus sna catagóirí speisialta ranga i mbunscoileanna príomhshrutha nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas curaclaim iontu. Tá na múinteoirí sin i dteideal post a ghlacadh i scoileanna speisialta do chiontóirí óga agus i dtionscadail Teagbhála Óige nó i dtionscadail speisialta oideachais.

Tá aitheantas teoranta ar fáil freisin do chatagóirí áirithe múinteoirí a bhfuil oiliúint Montessori orthu agus do mhúinteoirí a bhfuil cáilíochtaí aitheanta sa mhúinteoireacht iarbhunoideachais acu agus ar mian leo dul ag múineadh i scoileanna speisialta a bhfuil roinnt de na daltaí iontu in aois iarbhunoideachais agus a bhfuil cláir iarbhunoideachais á soláthar ag an scoil. (Féach ciorclán 25/00, ranna 4 agus 5, do mhíneolas.)

Aguisín 3

Múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát

Tá na coinníollacha ginearálta agus na cleachtais a bhaineann le múinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát a aithint, agus iad siúd a mbaineann téarmaí na treorach 89/48/EEC ón Aontas Eorpach leo san áireamh, leagtha amach i gcioclán 25/00 'Cáilíochtaí Múinteoirí a aithint chun fostaíochta mar Mhúinteoirí i mBunscoileanna'.

Tugtar aitheantas teoranta nó coinníollach do mhúinteoirí a oileadh lasmuigh den Stát, a bhfuil glactha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta lena gcáilíochtaí múinteoireachta bunscoile. Tá sé de cheart ag múinteoirí le haitheantas teoranta fostaíocht a lorg i tanganna speisialta, scoileanna speisialta, nó i bpostanna mar mhúinteoirí achmainne do dhaltaí a bhfuil míchumais annamha fhoghlama acu. Bíonn ar mhúinteoirí a tugadh aitheantas teoranta dóibh tréimhse phromhaidh bhliana a chaitheamh, gan cuimhneamh ar a dtaithí múinteoireachta thar lear. Mura bhfuil bliain phromhaidh amháin ar a laghad críochnaithe go rathúil ag an múinteoir lasmuigh den Stát, caithfidh sé/sí gabháil tríd an bpróiseas promhaidh.

Múinteoir a oileadh lasmuigh den Stát atá fostaithe i suíomh a bhfuil múineadh na Gaeilge mar riachtanas ann, caithfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bheith sásta go bhfuil sé ar chumas an mhúinteora sin Gaeilge a mhúineadh agus an raon iomlán ábhar bunscoile a mhúineadh trí Ghaeilge, sula bhfaigheann sé/sí aitheantas iomlán chun ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna a mhúineadh. Bíonn cúig bliana ag múinteoirí mar sin de ghnáth chun an *Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* a chur de/di go rathúil. Nuair atá an scrúdú cáilíochta curtha de/di go rathúil, agus i gcásanna ina bhfuil an tréimhse phromhaidh curtha isteach i limistéar údaráis eile, déanfaidh an Chigireacht measúnú ar chumas an mhúinteora i múineadh na Gaeilge, agus seolfar tuairisc a bhaineann le múineadh na Gaeilge go dtí an Roinn. Agus an scrúdú le haghaidh cáilíochta sa Ghaeilge curtha de/di go rathúil, caithfidh múinteoir nach bhfuil tréimhse phromhaidh bliana ar a laghad curtha isteach aige/aici lasmuigh den Stát, dul tríd an bpróiseas promhaidh. Is ionann na riachtanais sheirbhíse agus na riachtanais phroifisiúnta do mhúinteoirí mar sin agus iad siúd do mhúinteoirí a oileadh sa Stát.

Aguisín 4

Beagthuirisc ar obair oide

Beagthuirisc ar obair oide				
Fáth na Tuairisce (Cuir tic sa bhosca cuí nó clóscríoch "X" má tá tú ag líonadh go leictreonach)				
Promhadh		Riail 161.6 (a)		Oide atá aitheanta go sealadach
Contae			Uimhir Rolla	
Scoil				
Ainm an Oide				
Uimhir PSP an Oide				
Dáta(í) ar tugadh cuairt(eanna)		Rang		Líon na ndaltaí

Meastúchán ar Obair an Oide

A. Pleanáil, Ullmhúchán, agus Taifead ar dhul chun cinn

- Oiriúnacht tráthchlár an ranga i gcomhthéacs na sain-riachtanas seachtainiúla ó thaobh dáileadh ama de.
- Soiléireacht na gcuipóirí teagaisc, idir fhadtéarmach agus ghearrthéarmach
- Oiriúnacht na n-aidhmeanna: raon na dtagairtí do Churaclam na Bunscoile (agus a bhunphrionsabail á gcur san áireamh mar is dual) agus don phlean scoile.
- Raon agus oiriúnacht achmhainní
- Freastal ar chumas difreálach na ndaltaí
- Mianach agus éifeacht na dtaifead ar dhul chun cinn

Deacrachtaí suntasacha le sonrú	Gnéithe le forbairt	Cleachtas cumasach	Barrleibhéal cleachtais

B. Eagrú agus Bainistíocht an tSeomra ranga

- Dea-riailbhéas agus dea-iompar á gcur chun cinn
- Gaol cúramiúil le daltaí – moladh á úsáid chomh maith le haiseolas dearfa
- Tarraingteacht ghinearálta na timpeallachta (leagan amach, mianach na dtaispeántas agus obair na ndaltaí san áireamh, láthreacha suime) ionrochtaint agus úsáid achmhainní
- Bainistíocht na cabhrach CRS (más ann di)

Deacrachtaí suntasacha le sonrú	Gnéithe le forbairt	Cleachtas cumasach	Barrleibhéal cleachtais

C. Mianach na Múinteoireachta thar Achair an Churaclaim

1. Éagsúlacht agus oiriúnacht na modhanna teagaisc – foghlaim mar rang iomlán, mar ghrúpa nó foghlaim aonair
2. Comhoiriúnú na hoibre do chumas na ndaltaí, go háirithe i leith a réise aire agus glacthachta
3. Scileanna cumarsáide m.sh. ceistiúchán, mínú, freagairt, agus mianach an chaidrimh agus na hidirghníomhaíochta idir oide agus daltaí agus idir na daltaí féin.
4. Modhanna measúnachta, monatóireacht agus taifead na foghlama
5. Struchtúr agus luas na gceachtanna
6. Aire do leanúnachas agus do dhul chun cinn

Deacrachtaí suntasacha le sonrú	Gnéithe le forbairt	Cleachtas cumasach	Barrleibhéal cleachtas

D. Mianach Foghlama na nDaltaí in Achair an Churaclaim

1. Conas atá na daltaí ar thasc agus ag obair go diongbháilte
2. Raon agus oiriúnacht an ábhair atá clúdaithe
3. Eolas na ndaltaí ar an ábhr agus mianach a scileanna agus a ndearcadh
4. Mianach torthaí na foghlama, an saothar scríofa ina measc

Deacrachtaí suntasacha le sonrú	Gnéithe le forbairt	Cleachtas cumasach	Barrleibhéal cleachtas

E. Ráiteas Ginearálta agus Achoimre den Chomhairle a tugadh

Síniú an Chigire _____ Dáta _____

Aguisín 5

Cód cleachtais na Cigireachta agus nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chigireachtaí

Tá Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta tiomnaithe do mheasúnú a dhéanamh ar scoileanna agus ar mhúinteoirí ar bhealach comhoibritheach profaisiúnta agus de réir an chaighdeáin is airde amuigh. Sa leabhrán *Cód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheasúnú agus um Thuairisciú* (2002), a ullmhaíodh faoi réir Ailt 13(8) den Acht Oideachais 1998, leagtar amach na prionsabail ghinearálta agus na treoirlínte faoina ndéanann baill den Chigireacht measúnú agus tuairisciú ar obair i scoileanna. Is í éirim an scéil go soiléiríonn an cód na caighdeáin phroifisiúnta faoina n-oibríonn an Chigireacht.

I measc prionsabail ghinearálta an chóid chleachtais, tá an Chigireacht tiomnaithe do:

- úsáid a bhaint i gcónaí as critéir mheasúnachta agus oibiachtúlacht, iontaofacht, agus brath ar fhianaise bhunaidh bunaithe ar bhreathnadóireacht,
- cuirteís, meas agus íogaireacht i leith múinteoirí aonair agus i leith na scoile, agus soiléire sa tslí a gcuirtear torthaí i láthair, agus
- a thuiscint gur chun tairbhe na ndaltaí, ar deireadh thiar, a rachaidh an próiseas measúnachta.

Faoi réir Ailt 13(9) den Acht Oideachais, d'fhoilsigh an Chigireacht an leabhrán *Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú a dhéanamh ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí* (2002). De réir na nósanna imeachta seo féadfaidh múinteoir, nó bord scoile, iarraidh ar an bPríomh-Chigire athbhreithniú a dhéanamh ar chigireacht ar bith a rinne cigire, a théann i gcion ar an múinteoir nó ar an scoil. Baineann na nósanna imeachta athbhreithnithe leis na cigireachtaí go léir a théann i gcion ar scoileanna nó ar mhúinteoirí, agus na meastóireachtaí agus na tuairiscí go léir a éiríonn as na cigireachtaí agus na measúnuithe sin, seachas iad sin atá riachtanach de réir na nósanna imeachta do mhúinteoirí a bhfuil deacrachtaí le sonrú ar a gcuid múinteoireachta.

Bíonn ceann de na trí thoradh seo a leanas ar athbhreithniú ar chigireacht:

- Tacaítear leis an gcigireacht nó leis an tuairisc chigireachta.
- Meastar go bhfuil gné nó gnéithe den chigireacht nach bhfuil de réir Chód Cleachtais Proifisiúnta na Cigireachta um Mheasúnú agus um Thuairisciú, nó leasaítear an tuairisc agus atheisítear í.
- Cuirtear an chigireacht nó an tuairisc chigireachta ar ceal agus leagtar de chúram ar chigire/chigirí eile, seachas an cigire/na cigirí a rinne an chigireacht bhunaidh, cigireacht bhreise nó páirt-chigireacht eile a dhéanamh, de réir mar a oireann.

Aguisín 6

Riail 126 (nuashonraithe): ullmhú d'obair scoile (Rialacha do Bhunscoileanna atá faoi údarás na Roinne Oideachais, 1965)

Ní mór do gach múinteoir ullmhú oiriúnach i scríbhinn a dhéanamh dá c(h)uid oibre scoile, mar a leanas:

- Clár oibre fadtéarmach do gach ábhar a ullmhú i dtús gach bliana nó gach téarma, de réir Churaclam na Bunscoile, an plean scoile agus riachtanais fhoghlama a c(h)uid daltaí. Ba chóir tráthchlár ranga a ullmhú mar chuid den chlár fadtéarmach sin, agus an riar ama do gach ábhar in aghaidh na seachtaine le feiceáil go soiléir ann.
- Clár gearrthéarmach oibre a ullmhú roimh ré, in aghaidh na coicíse, nó in aghaidh na seachtaine i gcás múinteoirí atá ar promhadh.

Ag deireadh gach míosa, ba chóir do mhúinteoirí ranga achoimre ar an méid den churaclam a cuireadh i gcrích i rith na míosa sin a thaifead i gcuntas míosúil ar dhul chun cinn; socrófar leagan amach an chuntais sin ag leibhéal na scoile. Taifead tábhachtach de chuid na scoile is ea an cuntas míosúil agus tá a chúram i measc dualgas an phríomhoide. Ba chóir go mbeadh teacht ar an gcuntas míosúil i gcónaí sa scoil, i rith na scoilbhliana lena mbaineann sé agus ar feadh scoilbhliana iomlán amháin ar a laghad i ndiaidh deireadh na bliana sin.

Ní mór do mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus do mhúinteoirí i mbun acmhainní:

- cláir oiriúnacha foghlama a phleanáil do dhaltaí a fhaigheann múinteoireacht bhreise nó múinteoireacht acmhainní; agus
- taifead ar dhul chun cinn ghrúpaí daltaí nó daltaí aonair a choinneáil, de réir mar a oireann.

Aguisín 7

7.1 Ionaid lánaimseartha Oideachais

Ionad Múinteoirí Átha Luain	(0906) 420400
Ionad Múinteoirí Charraig Dubh	(01) 2365000
Ionad Múinteoirí Chara Droma Rúis	(071) 9620383
Ionad Múinteoirí an Chláir	(065) 6845500
Ionad Múinteoirí Chorcaí	(021) 4255600
Ionad Múinteoirí Dhún na nGall	(074) 9723487
Ionad Múinteoirí Bóthar Droim Chonrach	(01) 8576400
Ionad Múinteoirí Bhaile Átha Cliath Thiar	(01) 4528000
Ionad Múinteoirí na Gaillimhe	(091) 745600
Ionad Múinteoirí Chill Dara	(045) 530200
Ionad Múinteoirí Chill Chainnigh	(056) 7760200
Ionad Múinteoirí Laoise	(0502) 72400
Ionad Múinteoirí Luimnigh	(061) 312360
Ionad Múinteoirí Mhuigh Eo	(094) 9020700
Ionad Múinteoirí Mhuineacháin	(047) 74000
Ionad Múinteoirí an Uaimh	(046) 9067040
Ionad Múinteoirí Shligigh	(071) 9138700
Ionad Múinteoirí Thrá Lí	(066) 7195000
Ionad Múinteoirí Phort Láirge	(051) 311000
Ionad Múinteoirí Loch Garman	(054) 39100
Ionad Múinteoirí Iarthar Chorcaí	(023) 56756

7.2 Ionaid pháirtaimseartha Oideachais

Ionad Múinteoirí Cheatharlach	(059) 9135404
Ionad Múinteoirí an Chabháin	(042) 9665242
Ionad Múinteoirí an Daingin	(066) 9151866
Ionad Múinteoirí Dún Dealgan	(042) 9330309
Ionad Múinteoirí Durlas Éile	(086) 6008860
Ionad Múinteoirí Tuaim	(093) 25877
Ionad Múinteoirí Tairbéid	(068) 36105
Ionad Múinteoirí Chonamara agus Árann	(091) 551145
Ionad Oideachais Ghort a' Choirce	(074) 9165556

Aguisín 8

8.1 Tionscadal Píolótach Náisiúnta ar Ionduchtúchán

Is í príomhaidhm an Tionscadail Phíolótaigh Náisiúnta do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (colún na bunscoile) tacaíocht chórasach a sholáthar do mhúinteoirí nua-cháilithe ina gcéad bhliain mhúinteoireachta, chun bunsraith a leagan d'fhás agus d'fhorbairt phroifisiúnta ina dhiaidh sin. Gné lárnach den chlár ionduchtúcháin is ea cur chuige scoile uile sa tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe.

Tá coiste stiúrtha i mbun an tionscadail náisiúnta agus ar an gcoiste sin tá ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ó chumann mhúinteoirí, ó institiúidí oideachais (Coláiste Phádraig agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath) agus líonra na nIonad Oideachais. Tá comhordaitheoir cholún na bunscoile den tionscadal lonnaithe i gColáiste Phádraig (Droim Chonrach), Baile Átha Cliath.

Ghlac tuairim is ochtó múinteoir nua-cháilithe ag leibhéal na bunscoile páirt sa dá chéim tosaigh den tionscadal píolótach, agus iad ag freagairt, chomh fada is ab fhéidir, do scoileanna de shaghsanna éagsúla agus ar mhéid éagsúla, a bhí scaipthe go fada fánach i gcomharsanacht leathan Bhaile Átha Cliath. Tugann múinteoirí taithíocha, ar a nglaothar comhairleoirí, tacaíocht do mhúinteoirí nua-cháilithe ag leibhéal na scoile. Déanann na múinteoirí taithíocha seo cúrsa oiliúna i bhforbairt phroifisiúnta mar ullmhú dá ról mar chomhairleoirí agus tá am saor ceadaithe dóibh chun dul i mbun gníomhaíochtaí tacaíochta do mhúinteoirí nua-oilte. Tá am saor ceadaithe freisin do phríomhoidí atá páirteach sa chlár.

Ceadaítear am saor, freisin, do mhúinteoirí nua-cháilithe atá páirteach sa chlár, do phleanáil, do bhreathnú ar mhúinteoirí taithíocha i mbun oibre, chun go ndéanfadh comhairleoirí breathnadóireacht orthu, agus d'fhorbairt phroifisiúnta sna hachair seo: bainistíocht ranga, difreálú, obair a dhéanamh le tuismitheoirí agus oiliúint sa ríomhaireacht.

8.2 Líonra na múinteoirí nua-cháilithe: clár píolótach tacaíochta do mhúinteoirí nua-cháilithe

Ritheann Coláiste Mhuire (Marino), Baile Átha Cliath clár píolótach ionduchtúcháin dár teideal Líonra na dTosaitheoirí ar an Múinteoireacht (Beginning Teachers Network). Thosaigh an clár i mí Meán Fómhair 2002 agus é d'aidhm leis tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe (iarchéimithe) ó Choláiste Mhuire sa bhliain tosaigh dá gcuid múinteoireachta agus an cúrsa iarchéime a nascadh lena gcéad bhliain i ngairm na múinteoireachta.

Roinntear na tosaitheoirí ar an múinteoireacht ina gcnuasaigh de réir na ranganna atá á múineadh acu agus a chónagaraí atá siad dá nIonad áitiúil Oideachais. Bíonn cruinnithe míosúla ag na cnuasaigh i rith na bliana agus múinteoir taithíoch nó léachtaí ó Choláiste Oideachais mar éascaitheoirí acu. Spreagtar an lucht freastail chun dul i gcomhairle lena chéile, ag malartú tuairimí, ag pleanáil, ag réiteach fadhbanna agus ag cabhrú lena chéile scileanna agus cumas a fhorbairt a oireann don chéad bhliain i ngairm na múinteoireachta. Is é ról an éascaitheora ná múinteoirí nua-oilte a spreagadh chun foghlaim óna chéile agus scileanna a fhorbairt i gcomhar lena chéile. Tugtar deis do bhaill an Líonra freisin freastal ar dhá cheardlann leathlae, ar thopaicí múinteoireachta agus foghlama a aithnítear mar thopaicí arbh fhiú plé agus anailís bhreise a dhéanamh orthu.

Aguisín 9

Nóta ar an teicníc shamplála a úsáideadh

Roghnú an tsampla

An sampla a roghnaíodh, bhí sé bunaithe ar iomlán na gcéimithe a chríochnaigh a gcúrsa i gcoláiste oideachais in Éirinn i samhradh na bliana 2003. Agus an sampla á roghnú, aithníodh 1245 céimithe dá leithéid ar bhonntacar bunmhúinteoireachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bhí 1566 múinteoirí san iomlán ar promhadh sa bhliain 2003/2004; céimithe de chuid choláistí thar sáile ba ea na múinteoirí breise. Cinneadh gan an sampla a roghnú as cohort iomlán na múinteoirí a bhí ar promhadh, mar, cuid mhaith díobh siúd nár chéimithe de chuid choláistí in Éirinn iad, bhí taithe leathan acu ar bhunmhúinteoireacht in Éirinn agus thar lear agus níor 'mhúinteoirí nua-cháilithe' iad.

Méid an tsampla agus dearmad samplála

Agus an fhoirmle staitisticiúil $\{\pm 1.96[P(1-P)/n]^{1/2}\}$ in úsáid, áiríodh gur ghá sampla 354 múinteoirí den 1245 céimithe a aithníodh chun sampla a bhfuil eatramh muiníne 95 faoin gcéad ag baint leis ag an dáileadh 50/50. Úsáideadh sampláil shimplí randamach, gan mhalartú, chun sampla 354 céimithe a roghnú as liosta céimithe na bliana 2003. Baineadh amach 192, nó 54 faoin gcéad, a bhí níos lú ná an toradh a rabhtas ag súil leis – 65 faoin gcéad. Mhéadaigh sé seo an t-eatramh muiníne ag an dáileadh 50/50 ó ± 5 faoin gcéad go ± 6.5 faoin gcéad tar éis ceartú mar gheall ar dhaonra críochnaigh a chur i bhfeidhm.